

2022



Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL



01

RÉAMHRÁ

TEACHTAIREACHT ÓN gCATHAOIRLEACH	06
Teachtairacht ón bPríomhfheidhmeannach	07
Ráiteas Misin/Fís	08
Plean Corparáideach	09
Comhairleoirí Contae Mhaigh Eo	10
Ceantair Bhardasacha	12
Coistí Beartais Straitéiseach	21

02

PLEANÁIL, ACMHAINNÍ DAONNA, CUMARSÁIDÍ AGUS FORBAIRT CHORPARÁIDEACH

Acmhainní Daonna	26
Lárionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh	28
Forbairt Chorparáideach	29
Réadmhaoin, Iniúcháireacht Inmheánach & Athrú Eagraíochtúil	31
Cumarsáidí	33
Oifig na Gaeilge	36
Feasacht i leith Sábháilteachta ar Bhóithre	38
Forbairt Phleanála	40
Forfheidhmiúcháin Pleanála & Rialú Tógála	42

03

FIONTAR, FORBAIRT PHOBAIL AGUS EACNAMAÍOCHTA, TURASÓIREACHT

Rannpháirtíocht Phobail	46
Coiste Cúraim Leanai Chontae Mhaigh Eo	50
Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo	52
Oifig Fiontair Áitiúil	54
Forbairt Eacnamaíochta	56
Turasóireacht, Áineas & Áis	57
Leathanbhanda & Aonad Forbartha Digiteach	60
Seirbhís Ealaíne Mhaigh Eo	61
Leabharlann Chontae Mhaigh Eo	63

04

TITHÍOCHT, FORBAIRT AR SHEIRBHÍS & BÓITHRE

Tithíocht	68
Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre	70
Ailtirí	74
Oifigeach Oidhreacht Mhaigh Eo	76
Aonad Soláthair agus Athbhreithniú Éifeachtúlachta	79

05

SEIRBHÍSÍ UISCE, TIMPEALLACHT, ATHRÚ AERÁIDE & SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

Uisce Tuaithe	82
Timpeallacht, Athrú Aeráide agus Talmhaíocht	85
Rannóg Tréidliachta	89
Seirbhís Dóiteáin Contae Mhaigh Eo	91
Rialú Dóiteáin an Réigiúin Iarthair	94
Cosaint Sibhialta	95
Sábháilteacht Uisce	97
Clár na dTogthóirí	99

06

BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS, MÓTARCHÁIN & CÓRAIS FAISNÉISE

Airgeadas	102
Mótarcháin	106
Córais Faisnéise	108

07

AGUISÍNÍ
Aguisín 1 - 6

114



01

RÉAMHRÁ

SA ROINN SEO

Teachtairacht ón gCathairleach

Teachtairacht ón bPríomhfheidhmeannach

Ráiteas Misin / Fís

Plean Corparáideach

Comhairleoirí Contae Mhaigh Eo

Ceantair Bhardasacha

Coistí Beartais Straitéiseach



Cllr Seamus Weir
CATHAOIRLEACH
Comhairle Contae
Mhaigh Eo

TEACHTAIREACHT ÓN gCATHAOIRLEACH

Mar Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo, tá lúcháir orm Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Mhaigh Eo don bhliain 2022 a chur i láthair daoibh. Is deis í an tuarascáil seo chun do mhachnamh a dhéanamh ar ár n-éachtaí chomh maith leis na dúshláin a bhí romhainn i rith na bliana.

Ba bhliain dhúshlánach eile í 2022 do gach duine de réir mar a tháinig an domhan amach as an bpaindéim COVID-19 agus é ag filleadh ar ais ar normáltacht. Ach thug sé dúshláin eile leis ar scála domhanda, ar nós an chogaidh san Úcráin, agus muintir Mhaigh Eo ag dul sa bhearna bhaoil arís eile, díreach mar a rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo, chun fáilte a chur roimh na daoine sin a bhí ag éalú ón choimhlint agus a lorg tearmann sábháilte.

Bliain a bhí i gceist nuair a lean dul chun cinn suntasach ar aghaidh ag cur feabhas ar bhonneagar timpeall Mhaigh Eo, le roinnt tionscadail phríomhbhóthair ag dul ar aghaidh i dtreo críochnaithe in 2023, ar nós an Tionscadail Bhóthair N5 ó Chathair na Mart chuig Turlach agus acomhal N17 & R320 ag an Lios Dubh. Bhí go leor ceiliúradh ann leis an oscailt oifigiúil den tionscadal athailínithe N26 ag Droichead Chluain Gallán i mí Dheireadh Fómhair. B'éacht innealtóireachta suntasach agus d'fheabhsaigh sé sábháilteacht bhóthair go mór feadh an phríomhbhealaigh ghnóthaigh isteach go Maigh Eo Thuaidh.

Is cuid thábhachtach de dhualgais údaráis áitiúil é ag obair lenár bpobail, agus arís eile chuaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo i dteagmháil leis na céadta grúpaí pobail ar fud na tíre ag cuidiú leo agus ag cruthú todhchaí níos gile do phobail ar fud Mhaigh Eo. Bhain na grúpaí pobail sin cáil amach leis an gcéad Gradaim an Chathaoirligh le haghaidh 2021 agus bronnfar é orthu go luath in 2022.

Bhí rannpháirtíocht lenár ndiaspóra ar cheann de na láidreachtaí is mó de Chomhairle Contae Mhaigh Eo, agus d'éirigh thar cionn leis an tionscnamh Home to Mayo timpeall Lá Mhaigh Eo, a d'fhill mar imeacht fhisiciúil den chéad uair riamh ón bpaindéim COVID-19. Bhí lúcháir orm ionadaíocht a dhéanamh ar Mhaigh Eo ag an bhFéile Éireannach i Milwaukee, an Fhéile Éireannach is mó sa domhan ar tháinig breis is 100,000 duine tríd an doras.

Ó thaobh na turasóireachta de, léiríodh áilleacht Mhaigh Eo don domhan leis an scannán mór le rá "The Banshees of Inisherin", a scannánaíodh den chuid is mór san Acaill, ag cur áilleacht ár gcontae i láthair don domhan. Tháinig Hollywood go Cathair na Mart in 2022 chomh maith leis an scannán "Irish Wish" a scannánú - agus bhí lúcháir orm fáilte a chur roimh chuig Maigh Eo.

Mar Chathaoirleach, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann Chomhairle Contae Mhaigh Eo as an ngairmiúlacht agus dúthracht a léirigh siad as seirbhísí a chur ar fáil agus cúnadh a thabhairt do mhuintir Mhaigh Eo ar bhonn laethúil. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dár bPríomhfheidhmeannach, Kevin Kelly, agus a fhoireann bhainistíochta as an obair chrua agus an dúthracht a léirigh siad. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith leis na baill thofa as a dtacaíocht agus ranniocaíochtaí i rith 2022. Faoi dheireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo theaghlach as a dtacaíocht dhaingean i rith na bliana.

An Comhairleoir Seamus Weir
Cathaoirleach
Comhairle Contae Mhaigh Eo.



Kevin Kelly
PRÍOMH-
FHEIDHMEANNACH
Comhairle Contae
Mhaigh Eo

TEACHTAIREACHT ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Mar Phríomhfheidhmeannach, cuirim fáilte roimh fhoilsiú na Tuarascála Bliantúla Chomhairle Contae Mhaigh Eo 2022 a chuireann léargas iontach ar fáil d'obair na comhairle maidir le príomhsheirbhísí a sholáthar do mhuintir Mhaigh Eo agus ar an dul chun cinn atá a dhéanamh ar thionscadail reatha agus amach anseo.

Leanann Comhairle Contae Mhaigh Eo ar aghaidh ag obair le cheile le páirtithe leasmhara maidir le tionscadail a sholáthar ar fud na tíre agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a dtacaíocht agus comhoibriú leanúnach do Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Go háirithe, cuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo seirbhísí agus tionscadail ar fáil ar son roinnt Ranna Rialtais anois toisc go bhfuil an réimse gníomhaíochta ag leanúint ar aghaidh ag leathadh.

In 2022 d'oscail Maigh Eo le haghaidh gnó iomlán i ndiaidh na paindéime COVID-19 agus lean Comhairle Contae Mhaigh Eo ar aghaidh ag obair taobh le gnólachtaí agus tionscail chun tacaíocht a thabhairt dóibh maidir lena n-iarreachtaí chun filleadh ar ais ar bhonn réamh-phaindéime.

Mar sin féin, ba bhliain í chomh maith ina raibh suaitheadh suntasach leis an gcogadh san Úcráin agus bhí príomhpháirt ag Comhairle Contae Mhaigh Eo chomh maith le gníomhaireachtaí rialtais eile maidir leis na teifigh bhí ag éalú ón choimhlint a thacú. Is mór againn an obair go háitiúil de gach duine atá páirteach san Fhóram Freagartha Pobail.

Leanann an soláthar de phríomhsheirbhísí áitiúla ar fud an chontae ar nós tithíocht, bóithre, cosaint timpeallachta, uisce tuaithe, pleanáil, áiseanna áineasa agus an tseirbhís dóiteáin a bheith mar ghnéithe rithabhachtacha den obair a dhéanann Comhairle Contae Mhaigh Eo agus tá breac-chuntas déanta orthu sa tuarascáil seo.

Tarraingíonn an tuarascáil seo aird chomh maith ar an réimse éagsúil de sheirbhísí a chuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo ar fáil anois lena n-áirítear an obair a rinne an Oifig Fiontair Áitiúil, Seirbhís Ealaíne Mhaigh Eo, Rannpháirtíocht Phobail agus na rannóga Turasóireachta.

Críochnaíodh líon de thionscadail chaipitil suntasacha nó cuireadh feabhas suntasach orthu i rith 2022 agus tá Comhairle Contae Mhaigh Eo ag obair le cinntiú go leanaimid ar aghaidh chun ceadú a fháil le haghaidh tionscadail comhchosúla sa todhchaí chun an fhorbairt leanúnach dár gcontae a chinntiú.

Leanann an soláthar tithíochta sa chontae ar aghaidh ag seasamh mar dhúshlán, ach lean Comhairle Contae Mhaigh Eo ar aghaidh lenár gcuid oibre chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine ina bhfuil torthaí tithíochta a lorg acu trí sholáthar díreach nó tacaíochtaí tithíochta eile agus dhírigh siad chomh maith le cinntiú gur féidir le ról a bheith ag forbairtí san earnáil phríobháideach maidir le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais tithíochta reatha.

Faoi dheireadh, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt ar chuidiú agus comhoibriú an Cathaoirleach, Cllr Seamus Weir agus a réamhtheachtaí Cllr Michael Smyth i gcaitheamh na mblianta. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na baill thofa ar fad as a n-ionchur agus tacaíocht i rith 2022, chomh maith leis an fhoireann ardbhainistíochta agus foireann na comhairle ar fad a leanann ar aghaidh ag soláthar feabhsuithe atá ag teastáil go géar le haghaidh muintir Mhaigh Eo.

Kevin Kelly,
Príomhfheidhmeannach
Comhairle Contae Mhaigh Eo

RÁITEAS MISIN

.....
“Chun folláine agus caighdeán na beatha dár saoránaigh agus pobail i Maigh Eo agus a chur chun cinn agus tarraingteacht an chontae a fheabhsú mar áit ar féidir leat a bheith i do chónaí ann, cuairt a thabhairt air, infheistiú i agus sult a bhaint as”

FÍS

.....
“Tír atá inbhuanaithe, ionchuimsitheach, saibhir agus bródúil”

PLEAN CORPARÁIDEACH

.....
Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo i gcroílár an phobail áitiúil, is príomhsholáthraímuide d’fhorbairteacnamaíoch agus sóisialtasa chontae, trísheirbhísí áitiúla rithábhachtacha a sholáthar atá lámach do chaighdeán beatha do dhaoine andéanaimid ionadaíocht orthu go bródúil.

Mar chomhlacht chun tosaigh san earnáil phoiblí, tugaimid tacaíocht chomh maith agus déanaimid éascaíocht ar na daoine atá freagrach as príomhsheirbhísí poiblí a sholáthar. Nuair a sholáthraimid ár bhfreagrachtaí, is féidir leo a n-oibleagáidí a sholáthar, táimid eolach i gcónaí eolach ar seo ionas go mbeimid in ann ár dtiomantais a sholáthar go héifeachtach chun Contae Mhaigh Eo a chruthú mar áit inbhuanaithe, ionchuimsitheach, Saibhir agus Bródúil.

Beartaíodh ár bPlean Corparáideach mar threoraí maidir lenár tiomantais a sholáthar do mhuintir Chontae Mhaigh Eo. Leagann sé ár misean amach, mar an comhlacht daonlathach, ar an dóigh a n-oibrímid agus an dóigh a measaimid ár n-iarrachtaí ionas go léiríonn an toradh deireanach na ratha go leor a bhaineamar amach dár bpobail go trédhearcach.

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo dírithe ar an bpobal agus ar dhaoine. Déanann ár gComhairle oiriúnach ionadaíocht ar mhuintir an chontae, agus is páirteach de phobal Mhaigh Eo iad ár bhfoireann. Gach duine agus páirt den iarracht go léir chun cúnaimh dearfach a bhaint amach ar an bhforbairt leanúnach agus a leanann go fóill de Chontae Mhaigh Eo.

Tá Comhairle rathúil ag teastáil ag Maigh Eo rathúil, is cloch choirnéil é ár bPlean Corparáideach chun uailmhianta rathúla na Comhairle a rianú agus a chur i bhfeidhm.

COMHAIRLEOIRÍ CONTAE

CEANTAR BARDASACH BHÉAL AN ÁTHA



Annie Mae Reape (FF)



Mark Duffy, Cathaoirleach Cheantair Bhardasaigh Bhéal an Átha (An Páirtí Náisiúnta)



Michael Loftus, Leas-Cathaoirleach Cheantair Bhardasaigh Bhéal an Átha (FF)



Jarlath Munnelly (FG)



John O'Hara (FG)



Seamus Weir, Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhaigh Eo (An Páirtí Náisiúnta)

CEANTAR BARDASACH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH



Martin McLoughlin (FF)



Al McDonnell (FF)



Cllr Cyril Burke (FG)



Ger Deere (FG)



Blackie K Gavin, Leas-Chathaoirleach Cheantair Bhardasaigh Chaisleán an Bharraigh (FF)



Michael Kilcoyne, Leas-Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhaigh Eo & Cathaoirleach Cheantair Bhardasaigh Chaisleán an Bharraigh (An Páirtí Náisiúnta)



Donna Sheridan (FG)

COMHAIRLEOIRÍ CONTAE

CEANTAR BARDASACH CHLÁR CHLAINNE MHUIRIS BHÉAL ÁTHA NA MUICE



Cllr Neil Cruise



John Cribbin, Cathaoirleach Cheantair Bhardasaigh Chlár Chlainne Mhuiris Béal Átha na Muiice (FG)



Michael Burke, Leas-Chathaoirleach Cheantair Bhardasaigh Chlár Chlainne Mhuiris Béal Átha na Muiice (FG)



John Caulfield (FF)



Tom Connolly (FG)



Richard Finn (An Páirtí Náisiúnta)



Gerry Murray (SF)



Patsy O'Brien (An Páirtí Náisiúnta)



Damien Ryan (FF)



Michael Smyth (FF)

CEANTAR BARDASACH CHATHAIR NA MART- BÉAL AN MHUIRHEAD



Brendan Mulroy (FF)



Paul McNamara (FF)



Sean Carey, Leas-Cathaoirleach Cheantair Bhardasaigh Chathair na Mart Béal an Mhuirthead (FF)



Gerry Coyle (FG)



Peter Flynn (FG)



Christy Hyland, Cathaoirleach Cheantair Bhardasaigh Chathair na Mart Béal an Mhuirthead (An Páirtí Náisiúnta)



John O'Malley (An Páirtí Náisiúnta)



CEANTAIR BHARDASACHA

Ceantar Bardasach Bhéal an Átha




Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh



Ceantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris Béal Átha na Muice



Ceantar Bardasach Chathair na Mart Béal an Mhuirthead



CEANTAR BARDASACH BHÉAL AN ÁTHA



2022 BUAICPHOINTÍ BHÉAL AN ÁTHA

- 494 Aonad de Sholáthar Tithíochta sa Cheantar Bardasach
- 47 Tionóntacht bhuan dáilte
- 125 Deontas ceadaithe faoi Scéimeanna Deontais Tithíochta
- 8 Réadmhaoín cheannaithe faoin Scéim Ceannaigh Tionóntaí Incrimintigh
- €1.5 milliún bailithe ag Oifig Mótarchánach Bhéal an Átha le 9,800 idirbheart
- Maoiniú de €1,753,860 ceadaithe le haghaidh tionscadail sa Cheantar Bardasach Bhéal an Átha lena n-áirítear BALAMI (Scéim Bhonneagair Mhuirí an Údaráis Áitiúil ar Oiriúnú an Bhreathmeachta), tionscnaimh Taistil Ghníomhaigh, oibreacha ag Lóiste an Gheata Bhéal Leice, oibreacha ag Cé Bhéal an Átha
- Maoiniú ar Thaisteal Gníomhach le haghaidh oibreacha ar Bhóthar Ridgepool agus Muine Chonalláin
- Ceadaiódh maoiniú don Scéim Athnuachana Baile agus Sráidbhaile de €245,853 le haghaidh Ionaid Closamhairc Baile an Chaisil
- Cuireadh tús le leathanbanda snáithín ardluais ag SIRO i mBéal an Átha
- Bhí an Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil le haghaidh Béal an Átha Glactha

CEANTAR BARDASACH CH AISLEÁN AN BHARRAIGH



2022 BUAICPHOINTÍ CHAISLEÁN AN BHARRAIGH

- Ceadaíodh 100 deontas atá €743,660 san iomlán sa Cheantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh faoi Scéimeanna Deontais Tithíochta
- 417 Aonad de sholáthar tithíochta sa Cheantar Bardasach
- Lainseáil scéim phíolótach 12 mhí le haghaidh rothair leictreacha comhroinnte go hoifigiúil i mí Mheán Fómhair 2022
- Ceadaíodh maoiniú de €1,277,980 le haghaidh Tionscadail Taistil Ghníomhaigh ón Údarás Náisiúnta Iompair
- 24 tionóntacht dáilte
- Cuireadh 26 tionóntacht Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) ar bun
- 10 socrúchán nua SCC
- 3.2km de bhóithre dorochtana poiblí feabhsuithe faoin Scéim Feabhsaithe Áitiúil
- Ceadaíodh maoiniú ar 8 scéim faoin Scéim Páirtíochta Pobail
- D'aontaigh Comhairleoirí ar Leithdháileadh Bardasach Ginearálta de €52,857 an ceann chun clubanna, eagraíochtaí pobail, féilte, imeachtaí agus cumann áitritheoirí

CEANTAR BARDASACH CHLÁR CHLAINNE MUIRIS - BHÉAL ÁTHA NA MUICE



2022 BUAICPHOINTÍ CHLÁR CHLAINNE MUIRIS - BHÉAL ÁTHA NA MUICE

- 7 n-iarratas ar lasacht Tithíochta Éireann ceadaithe ar luach de €956,230
- 219 iarratas ar dheontais a fuarthas faoi Scéimeanna Deontais Tithíochta le €1.059m ceadaithe
- €700,000 Leithdháileadh Bardasach Ginearálta chun Cumann Áitritheoirí, Clubanna & Grúpaí Pobail, Féilte & Imeachtaí & Coistí Reilige a mhaoiniú
- Oibreacha tógála críochnaithe ar an mBóthar Chluain Gallán N6 ar chostas iomlán de thart ar €20 milliún.
- Thart ar €1.8m i maoiniú le haghaidh tionscadail Taistil Ghníomhaigh
- Cuireadh tús leis na hoibreacha ar Ghlasbhealach Uirbeach Bhaile Átha an Róba le costas tionscadail iomlán thart ar €225,000
- Dáileadh tithe chuig na daoine sin ar liosta feithimh na Comhairle ag na Forbairtí Tithíochta nuathógtha i Maolla agus Baile Chathail
- Na scéimeanna oibreacha Mianaigh agus de Ghníomhú ar son na hAeráide le haghaidh thart ar €362,000, ceadaithe le haghaidh oibreacha feabhais ag breis is fiche suíomh sa Cheantar Bardasach
- Glacadh le 4 Scéim Pháirtíochta Phobail ag Lios Lachaire, Ceathrú na Mainistreach, Achadh Mór agus An Trian Láir ag luach de thart ar €420,000

CEANTAR BARDASACH CHATHAIR NA MART- BHÉAL AN MHUIRTHEAD



2022 BUAICPHOINTÍ CHATHAIR NA MART - BHÉAL AN MHUIRTHEAD

- Ceadaíodh 189 deontas a bhí €1.069 milliún ar an iomlán sa Cheantar Bardasach Chathair na Mart Béal an Mhuirthead faoi Scéimeanna Deontais Tithíochta
- 13 Aontú Léasa curtha isteach in 2022
- Áit súgartha in Inis Toirc, athchóiriú den áit súgartha Chaoil agus MUGA agus Ziplíne sa Cheathrú Thaidhg críochnaithe
- Héileapad Inis Toirc a chríochnú, maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Comhairle Contae Mhaigh Eo
- Páirteach sa Tionscadal Bumbóige Buí Móire - Tionscadal Nuálaíochta Eorpach chun gnáthóga talaimh feirme a chaomhnú agus a fheabhsú chun ceangal idir na gnáthóga seo a mhéadú, ag cur tóraíocht riachtanach agus gnáthóg neadaithe ar fáil don bhumbóg aisteach seo chomh maith le pailneoirí eile ar an mbealach sin
- 22 tionóntacht dáihte
- Cuireadh 29 tionóntacht Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) ar bun, le 2 shocrúchán SCC nua
- €490,000 Leithdháileadh Bardasach Ginearálta chun maoiniú a thabhairt do na hEalaíona & Cultúr, Cur Chun Cinn an Réigiúin, Grúpaí Pobail, Féilte & Imeachtaí & Maoiniú Cluiche
- Caiteachas de €1,038,889 ar chóiriú dromchla €5.072 milliún ar Bhóithre Áitiúla agus Réigiúnach sa Cheantar Bardasach a neartú
- Oibreacha ar Scéim Páirtíochta Pobail glactha le sa tSraith Mhór, Baile Uí Fhiacháin, Clogarnach Bhaile Uí Fhiacháin, Sráidbhaile Inbhir agus Sráidbhaile Bhaingear Iorrais
- 5 iarratas ar Iasacht Tithíochta Éireann a Atógáil ceadaithe de luach €441,900

Coistí Beartais Straitéiseach

Corparáideach, Oideachais, Cultúr, Oidhreacht agus Seirbhísí Leabharlainne SPC

Cllr Gerry Coyle

(Cathaoirleach – 2 chruinniú)

Cllr Michael Burke

(Cathaoirleach – 2 chruinniú)

Buaileadh 4 uaire i rith 2022

San áireamh sa chlár oibre den SPC Corparáideach, Oideachas, Cultúr, Oidhreacht agus Seirbhísí Leabharlainne bhí:

- » Aontaíodh leis an Straitéis Chultúrtha agus cruthaitheacht le haghaidh Mhaigh Eo
- » Aontaíodh leis an gcreatlach le haghaidh an athbhreithnithe ar an bPlean Oidhreachta an Chontae
- » Aontaíodh leis an Straitéis Éire Ildánach 2023 – 2027 le haghaidh Mhaigh Eo
- » Aontaíodh leis an síneadh den Phlean Ealaíne Straitéiseach
- » Leagadh amach moltaí Chomhairle Contae Mhaigh Eo le haghaidh Rannpháirtíochta Diaspóra lena n-áirítear an chéad Ghradam Cathaoirleach

Forbairt Eacnamaíoch, Tacaíocht Fiontair Pleanáil agus an SPC Muirí

Cllr Mark Duffy

(Cathaoirleach)

Buaileadh 5 uaire i rith 2022

San áireamh sa chár oibre ar an bhForbairt Gheilleagrach, Tacaíocht Fiontair, Pleanáil agus an SPC Muirí bhí:

- » Straitéis Forbartha Eacnamaíoch Mhaigh Eo 2040
- » An Straitéis Dhigiteach Mhaigh Eo
- » Plean Forbartha an Chontae
- » Pleananna ceantair áitiúla
- » Suíomhanna struchtúr cosanta
- » Straitéis mhuirí
- » LECP

Tithíocht SPC

Cllr Patsy O'Brien

(Cathaoirleach)

Buaileadh 4 uaire i rith 2022

San áireamh sa chár oibre ar Thithíocht SPC bhí:

- » “Tithíocht do Chách” 2022 – 2026
- » Tionscadail Caipitil Tithíochta ar bun sa chontae
- » Scéimeanna Deisithe & Léasa agus Ceannach & Athnuachan
- » Scéim Chroí Chónaithe
- » Beartas um Iompar Frithshóisialta
- » Scéimeanna Bloc Coincréite Lochtacha

Timpeallacht, Gníomhaíocht Aeráide, Talmhaíocht agus Seirbhísí Éigeandála (SPC)

Cllr B K Gavin

(Cathaoirleach – 1 chruinniú)

Cllr Martin McLoughlin

(Cathaoirleach – 3 chruinniú)

Buaileadh 4 uaire i rith 2022

San áireamh sa chlár oibre don SPC ar an Timpeallacht, Gníomhaíocht ar son na hAeráide, Talmhaíocht & Seirbhísí Éigeandála bhí:

- » Chun tuarascáil aighneachtaí ar Fhodhlí Trá a mheas
- » Tuarascáil ar Thionscadail Caipitil Reilige agus Maoiniú a mheas
- » Dhá bhall den SPC a mholadh chuig an bhFoireann Measúnaithe Iarratais Deontais
- » Tionscnamh in aghaidh Dumpála
- » Uisce Snámha agus Bratach Ghorm

Bóithre agus Iompar SPC

Cllr Damien Ryan

(Cathaoirleach)

Buaileadh 3 uaire i rith 2022

San áireamh sa chár oibre an Iompair agus Sábháilteacht Bóithre SPC bhí:

- » Leithdháileadh Deontas Bóthair
- » Scéimeanna oibreacha bóithre 2022
- » Plean na Seirbhísí Geimhridh 2022-2023
- » Sábháilteacht bhóthair
- » Cur i Láthair ar achoimre bhonneagair mhuirí
- » Cur i láthair ar Thaisteal Gníomhach

Turasóireacht, Áineas, Bia agus Rannpháirtíocht Phobail

Cllr Seamus Weir

(Cathaoirleach – 2 chruinniú)

Cllr Michael Kilcoyne

(Cathaoirleach – 2 chruinniú)

Buaileadh 4 uaire i rith 2022

San áireamh sa chár oibre an SPC ar Thurasóireacht, Áineas, Bia agus Rannpháirtíocht Phobail bhí:

- » “Gur chóir an Ráiteas Straitéise Turasóireachta 2017-2022 a athbhreithniú bunaithe ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus a shíneadh go dtí Bealtaine 2024.”
- » “An Straitéis Iompartha Dréachta 2021-2031 a leasú chun machnamh a dhéanamh ar an soláthar de 50% den bhuiséad i dtreo áiseanna nua agus 50% den bhuiséad
- » i dtreo cothabhála agus an t-uasghrádú d'áiseanna reatha Cur i láthair eachtrach ‘Pháipéar Coincheapa Ghormbhealach Mhaigh Eo’
- » Cur i Láthair Seachtrach: ‘An Acmhainn Turasóireacht ar an eacnamaíocht mhuirí sa Ghaeltacht a fhorbairt’
- » Athbhreithniú ar an Turas Fionnachtana AIRE glactha ag Baill SPC



Ceann Dhún Pádraig

02

PLEANÁIL, ACMHAINNÍ DAONNA, CUMARSÁID AGUS FORBAIRT CHORPARÁIDEACH

SA ROINN SEO

Acmhainní Daonna

Lárionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh

Forbairt Chorparáidí

Réadmhaoin, Iniúchóireacht Inmheánach &
Athrú Eagraíochtúil

Cumarsáid

Oifig na Gaeilge

Feasacht i leith Sábháilteachta ar Bhóithre

Forbairt Phleanála, Pleanáil
Forfheidhmiú & Rialú Tógála





Acmhainní Daonna

Tá an Rannóg um Acmhainní Daonna tiomanta le tacaíocht a thabhairt do Chomhairle Contae Mhaigh Eo maidir lena bhfís a bhaint amach agus contae Mhaigh Eo a chruthú mar áit Inbhuanaithe, Ionchuimsitheach, Saibhir agus Bródúil.

Fostaíocht i gComhairle Contae Mhaigh Eo mar a bhí ar an 31 Nollaig 2022.

	Líon na Foirne ar an Iomlán	Coibhéis Lánaimseartha ar an Iomlán
Cléireachais/Riaracháin	383	383
Comhraiceoirí Dóiteáin Lánaimseartha	1	1
Bainisteoireachta	6	6
Lasmuigh	426	412
Gairmiúil/Teicniúil	217	214
Líon iomlán a bhí Buan	1,033	993
Poist Conartha	32	27
Sealadach/Séasúrach	7	6
Líon iomlán a bhí Sealadach	39	33
Líon foriomlán	1,072	1,026

2022 BUAICPHOINTÍ

1. Bhí gluaiseacht foirne shuntasach laistigh den eagraíocht in 2022. Bhí 120 coinne déanta laistigh den bhliain (65 ardú céime san áireamh) i dteannta le 35 duine ag éirí as agus 39 scor. Fanann an líon daoine foriomlán de Chomhairle Contae Mhaigh Eo cosúil leis an gceann in 2021, áfach tá méadú deiridh feicthe ag an gcomhairle i gcoibhéis lánaimseartha, agus cleachtais oibre

solúbtha agus nua atá a cuireadh in áit i rith na bliana. Lainseáil 33 feachtas earcaíochta i rith 2022 ag Comhairle Contae Mhaigh Eo. Bhí roinnt príomhghnéithe freagrach as an ngluaiseacht foirne stiúradh lena n-áirítear (1) Margadh fostaíochta thar a bheith iomaíoch le héileamh ar phearsanra thar na hearnálacha poiblí agus príobháideacha; (2) Tá sé thar a bheith deacair go háirithe poist theicniúla a líonadh – is féidir le seo a bheith mar thoradh indéanta den laghdú ar an líon céimithe tógála i rith an chúlaithe eacnamaíochta; (3) Tá ardleibhéal de ghluaiseacht idirchontae agus idireagraíocht de bharr an mhéadú sa líon post sealadacha atá maoinithe ag tionscadail rialtais láir agus (4) Tá líon ard folúntais de bharr scoir i rith na bliana.

2. Tugadh Obair Chumaisc isteach in Q3 2022 agus is páirt é anois dár mbeartais oibre solúbtha le roghanna solúbtha chun obair oifige agus obair sa bhaile/mol a thabhairt le chéile. Faoi láthair tá 320 foireann chléireachais, riaracháin, ghairmiúil agus teicniúil tríd an eagraíochta bhaineann leas as an Obair Chumaisc suas go dhá lá sa tseachtain (nó pro rata i gcás postroinnteoírí) le tairbhí suntasacha maidir leis an am a chaitear ag comaitéireacht agus astaíochtaí charbóin a laghdú.
3. Tugadh Córas Forbartha agus Bainistíocht Feidhmíochta isteach in Q1 2022 d'fhoireann chléireachais, riaracháin, teicniúil agus gairmiúil ag díriú ar shoiléire róil agus forbairt foirne.
4. Bhí an Fhoghlaim agus Forbairt mar fhócas suntasach in 2022 agus tá Comhairle Contae Mhaigh Eo tiomanta as deiseanna foghlama agus forbartha leanúnacha a chur ar fáil ionas go mbeidh na fostaithe go léir in ann a fhorbairt go dtí barr a gcumais. Spreagtar ar fhostaithe go gníomhach chun tabhairt faoi dheiseanna oideachais tríd an Scéim Bhreisoideachais atá againn agus Deiseanna oiliúna eile.

2022 IN UIMHREACHA

- 120 coinne (62 ardú céime san áireamh), 35 duine ag éirí as agus 39 scor i gComhairle Contae Mhaigh Eo in 2022
- Lainseáladh 33 feachtas earcaíochta in 2022
- Bhain 1029 fostaí leas as 115 cúrsa i rith 2022, 56% acu a bhí ina oifigigh agus 44% neamh-oifigigh

Ionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh

Cuireann Ionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh (CRTC i mBéarla) oiliúint maidir leis an ionad oibre ar bhonn seirbhísí comhroinnte le haghaidh 6 údarás Áitiúil agus eagraíochtaí eile san earnáil phoiblí & an earnáil phríobháideach san Iarthar agus Lár na Tíre. Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo an príomhúdarás.

Tá an oiliúint a chuirtear ar fáil ar an gcaighdeán is airde. Tá creidiúnú ag an áis ó SOLAS, QQI, City & Guilds agus ECITB. Tá ardchaighdeán soláthair, cosaint sonraí agus caighdeán dearbhairthe cáilíochta ag an Ionad. Cuireadh 7378 lá oiliúna ar fáil ar an iomlán in 2022 le láimhdeachas de €1,632,249.53, méadú de 44% ar 2021.

Bunaíodh an t-ionad chun soláthar d'oiliúint chuí a éascú d'údarais áitiúla i bpríomhréimsí oibríochtúla ar nós Bóithre, Uisce agus Timpeallacht, Seirbhísí Dóiteáin agus níos deireanaí Tithíocht agus Pleanáil. Cuireann an t-ionad réimse leathan cúrsaí bunaithe ar an Sláinte Cheirde, Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, Ceannasaíocht agus TFC.

Tá obair ag leanúint ar aghaidh ar an áis oiliúna lasmuigh nua i Sáilín, Caisleán an Bharraigh le dáta oscailte leasaithe a bhfuiltear ag súil le in R4 2023. Beidh an Lárionad Oiliúna in ann an méid oiliúna praiticiúla d'ardchaighdeán a chuireann siad ar fáil d'Údarais Áitiúla agus conraitheoirí príobháideacha sa réigiún seo a dhúbail. Le téarnamh i dtionscail na tógála, éileamh ón earnáil phríobháideach agus foireann nua san údarás áitiúil ceaptar go leanfaidh an t-éileamh d'oiliúint ardchaighdeán ag méadú, agus tá Lárionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh ag súil go mór le todhcháí dhearfach.



Forbairt Chorparáideach

Déanann an Rannóg Forbartha Chorparáideach bainistíocht ar réimse seirbhísí don phobal agus Comhairleoirí agus tá sé freagrach chomh maith ar phleanáil agus beartas corparáideach. Tugann an rannóg seo tacaíocht riaracháin do chruinnithe na Comhairle. Déantar bainistíocht ar chaiteachais agus íocaíochtaí baill anseo chomh maith.



Déanann Forbairt Corparáidí maoirseacht ar an Ionad Saorála Faisnéise, iarratais faoi RGCS, na Cláir Toghthóirí agus Eitic, an t-Idirchaidreamh Ombudsman, Seirbhísí do Chustaiméirí agus riaracháin ar an gCoiste Iniúchóireachta. Déanann an rannóg seo cúram ar an gClár Rioscaí chomh maith agus déantar uasdátú air uair in aghaidh na ráite agus déanann an rannóg maoirseacht ar bhainistíocht árachais lena n-áirítear comhordú le IPB ar éilimh árachais, cásanna cúirte agus socrúithe. Comhordaíonn an rannóg seo an bhailiúcháin de shonraí chomh maith tríd an eagraíocht do tháscairí feidhmíochta bliantúla sa rialtas áitiúil a fhoilsíonn An Choimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC i mBéarla) mar pháirt den Tuarascáil Táscaire Feidhmíochta an Údarais Áitiúil. Is féidir Táscairí Feidhmíochta 2022 a fháil in Aguisín 6 den tuarascáil seo.

SAORÁIL FAISNÉISE

Is comhlacht poiblí í Comhairle Contae Mhaigh Eo a bhraitheann ar na soláthairtí ón Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 a ligeann don chead iarratas rochtana ar thaifid. Pléann an t-ionad Saorála Faisnéise le hiarratais ar thaifid atá faoi choinneáil Comhairle Contae Mhaigh Eo ó bhail an phobail, iriseoirí agus eagraíochtaí. Bíonn an foilsíú de chuntais faisnéise ag teastáil ag an Acht, ag léiriú iarratais neamhphearsanta a cuireadh isteach go dtí an Chomhairle, agus cinntí ar na hiarratais sin. Foilsítear an cuntas faisnéise uair in aghaidh na ráithe ar www.mayo.ie. Fuair Comhairle Contae Mhaigh Eo 142 iarratas ar an iomlán i rith 2022 leis an gcéad mhiondealú cinntí eile leagtha amach ar an gcéad leathanach eile:

Tábla 1: Gníomhú um Shaoráil Faisnéise, 2022

Cinneadh	Uimhir
Iarratais Ceadaithe	54
Iarratais Ceadaithe go Páirteach	43
Iarratais Diúltaithe	22
Iarratais Cúlánta	1
Iarratais a Aistríodh	0
Iarratais a pléadh le Iasmuigh den Próiseas Saorála Faisnéise	22

RIALACHÁN GINEARÁLTA MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ (RGCS)

Tugann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) faoi Alt 15, an ceart do dhaoine iarratas a dhéanamh ar chóip ar bith dá sonraí pearsanta atá á phróiseáil ag 'Rialtóirí' (i.e. na daoine sin a dhéanann an cinneadh conas agus cén fáth a bpróiseáiltear sonraí), chomh maith le heolas ábhartha eile. Tugadh 'Iarratais Duine ar a Shonraí' nó 'Iarratais Rochtana' ar na hiarratais seo go minic. Pléann an tOifigeach um Chosaint Sonraí leis na hiarratais seo agus bhí 13 acu ar an iomlán in 2022.

TARCHUIR AN OMBUDSMAN

Chuir Oifig an Ombudsman 20 cás faoi bhráid Chomhairle Contae Mhaigh Eo in 2022.

SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

Tá meas ag Comhairle Contae Mhaigh Eo ar rannpháirtíocht le custaiméirí agus leanann an fhoireann seirbhíse do chustaiméirí ar aghaidh ag cur freagraí nó tarchur éifeachtúla de cheisteanna ar fáil do chustaiméirí tríd an deasc fáiltithe nó trí sheirbhísí fóin. Phléigh an fhoireann seirbhíse do chustaiméirí le 198 glaoch go laethúil ar an meán in 2022. Leanann na seoltaí ríomhphoist customerservice@mayococo.ie agus info@mayo.ie ar aghaidh a bheith mar phointe lárnach maidir le rochtain ar eolas do chustaiméirí.

CREATLACH EITICE COMHLÍONTA

Tá an Clár Eitice freagrach as foirmeacha dearbhaithe bliantúla a eisiúint chuig Comhairleoirí agus fostaithe ábhartha agus bíonn Clár Eitice curtha le chéile agus curtha ar fáil ó seo d'iniúchadh poiblí mar a dheirtear san Acht Rialtais Áitiúil 2001.

Caithfidh na baill thofa Ráiteas maidir le Síntiúis a Nochtadh a chríochnú agus a chur ar ais faoin Acht um Toghchán Áitiúil 1999. Cuireadh na ráitis ar fad ar ais laistigh den spriocdháta den 31 Eanáir 2022.

Réadmhaoin, Iniúcháireacht Inmheánach & Athrú Eagraíochtúil

RÉADMHAOIN

Tá sócmhainní réadmhaoine ag agus á bhainistiú ag Comhairle Contae Mhaigh Eo mar mhodh chun riachtanais éagsúla agus forbartha an phobail a fhreagairt agus a chur ar fáil. Tá freagrach as an rannóg as an mbainistíocht agus cothabháil de phunann réadmhaoine neamhchónaithe na comhairle agus tá sé mar aidhm aige bainistíocht straitéiseach den phunann seo a chur ar fáil.



Déanann an rannóg Réadmhaoine bainistíocht ar an díol, ceannach agus léas de shócmhainní straitéiseacha mar a aithníodh trí athbhreithnithe straitéiseacha rialta den Phunann Réadmhaoine. Cuireann an rannóg seo an Próiseas Céadchlártaite i bhfeidhm ar phríomhthréithe agus bainc talún atá faoi úinéireacht na comhairle ach níl siad cláraithe ar Land Direct, an tseirbhís chlárlainne talún ar líne den Údarás Clárúcháin Réadmhaoine oifigiúil. Cuirtear tacaíochtaí a bhaineann le réadmhaoin agus seirbhísí comhairleacha eile ar rannóga eile laistigh den chomhairle lena n-áirítear tíolacadh díolacháin, ceannacháin agus léasanna, fógraí Rannóige 183, agus ceisteanna a bhaineann leis an talamh.

Tagann Bainistíocht Áiseanna faoi chúram na rannóige Réadmhaoine agus díríonn sé ar na riachtanais chothabhála ó lá go lá de champas Áras an Chontae chomh maith le tacaíocht chomhairleach a chur ar fáil d'oifigigh chorparáideacha eile lonnaithe ar fud an chontae. Oibríonn Bainistíocht Áiseanna go géar le rannóga eile chun cúnamh a thabhairt leis an soláthar de chonarthaí a bhaineann le cothabháil agus cúnamh a thabhairt leis an gcomhlíonadh de ghnásanna sláinte agus sábháilteacht.

2022 BUAICPHOINTÍ

1. Rinneadh dul chun cinn ar an diúscairt de réadmhaoín gan aon riachtanas straitéiseach aimsithe, agus an ceannachán de réadmhaoín bhreise le haghaidh úsáid an phobail/áise.
2. Críochnaíodh próiseas Ráitis Spéise chun an deis le réadmhaoín fholamh a bhí faoi úinéireacht na comhairle a léasú in 2022.
3. Rinneadh bainistíocht ar an soláthar agus dáileadh de riachtanais troscán oifige don fhoireann mar chuid de rolladh amach na hOibre Cumaisc.

INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH & ATHRÚ EAGRAÍOCHTÚIL

Bunaíodh na rannóga den Iniúchóireacht Inmheánach & Athrú Eagraíochtúil in 2022 chun réimsí de fheabhsuithe ar dul chun cinn gnó go himmheánach a aithint a chuirfidh feabhas dá réir sin ar sholáthar seirbhísí go seachtrach chuig baill den phobal. Tugann an rannóg cúnamh maidir le próisis a mhapáil agus caighdeán a dhéanamh dóibh, ag cinntiú go bhfuil an chomhairle ag cruthú seirbhísí ina bhfaigheann tú luach do chuid airgid a chuireann taithí custaiméara níos fearr ar fáil.

2022 BUAICPHOINTÍ

1. I gcomhpháirtíocht leis na Córais Faisnéise agus an cuid Nuálaíochta, leathadh cumas na tairisí comhairliúcháin ar líne chun tairseach iarratais ar líne agus tionscadal píolótach a ghlacadh isteach atá glactha isteach leis an Rannóg Pobail chun tús a chur leis an triail den fheidhmiúlacht nua.
2. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar an soláthar seirbhíse Glantacháin Sráide ar fud na gCeantar Bardasach.
3. Ceapadh Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin chun athbhreithniú ar na gnéithe ar fad de sholáthar flít agus oibreacha Chomhairle Contae Mhaigh Eo a chríochnú.

Cumarsáid

Bhí bliain tháirgiúil in 2022 ag an Roinn Chumarsáide de Chomhairle Contae Mhaigh Eo a díriodh ar na príomhthosaíochtaí cumarsáide agus cuspóirí do Chomhairle Contae Mhaigh Eo a bhaint amach, agus ag cur leis na himeachtaí a bhí ann laistigh den chontae ar phobal níos leithne.



Ag déanamh ár ndícheall caighdeán agus rochtain d'fhaisnéis phoiblí ar sheirbhísí, imeachtaí, gníomhaíochtaí agus beartais na comhairle a fheabhsú, tá an Roinn Chumarsáide freagrach as an sindeacáitiú de chumarsáidí seachtracha ar fad de Chomhairle Contae Mhaigh Eo, ag feabhsú cumarsáidí inmheánacha laistigh den eagraíocht, ag cur branda an chontae, Mayo.ie, chun cinn, agus an soláthar de sheirbhísí Oifige na Gaeilge agus an clár Feasachta i leith Sábháilteacht ar Bhóithre.

I measc na bpríomhimeachtaí in 2022 bhí:

- Caidreamh poiblí agus bainistiú na meáin de sheirbhísí tionscadail na Comhairle lena n-áirítear preasráitis, ceisteanna ó na meáin áitiúla agus náisiúnta a fhreagairt agus óráidí a dhréachtú.
- Ag cur feachtais réamhghníomhacha ar siúl ar na meáin shóisialta ag cur ról Mhaigh Eo maidir le glaonna náisiúnta i bhfeidhm ar nós Seachtain Feasacht ar Chuimsiú Sóisialta, Cruinniú na nÓg, TikTok Mic Drop, Deontas Athchóirithe ar Réadmhaoín Fholamh, Leave no Trace, Seachtain Sábháilteachta Dóiteáin, Oíche Chultúir, To Be Irish at Christmas, Cáin ar Thalún Chríosaithe Cónaithe, Ráitis Spéise ar Chóiríocht Éigeandála agus feachtais agus Imeachtaí Athchúrsála WEE i measc rudaí eile.
- Rinneadh taighde agus forbairt ar ábhar do ról Chomhairle Contae Mhaigh Eo san fheachtas náisiúnta #DoLáComhairle - ag cur spotsolais náisiúnta ar an obair iontach atá á déanamh ag an gcomhairle seo ar leibhéal an ghnáthphobail.

- D'fhill Lá Mhaigh Eo ar ais le haghaidh a ochtú bliain ar an Satharn de dheireadh seachtaine saoire bainc Bealtaine agus den chéad uair ó 2019, imeacht i láthair go pearsanta a bhí i gceist i gCaisleán an Bharraigh, le ceol, ealaín, cultúr agus imeachtaí do pháistí scaipthe ar fud an bhaile. Ba é 'Is Leor Don Dreoilín a Nead' téama Lá Mhaigh Eo 2022 agus b'imeacht tosaigh é do 'Home to Mayo', comhthionscnamh idir Comhairle Contae Mhaigh Eo, Fáilte Éireann agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha. B'imeacht míosa é 'Home to Mayo', ina raibh roinnt imeachtaí ar siúl ar fud an chontae agus cuireadh fáilte roimh breis is 20,000 cuairteoir chuig Maigh Eo thar an míosa. Mairfidh leagáid 'Home to Mayo' trí Lá Mhaigh Eo.
- D'oibrigh an Roinn Cumarsáide le roinnt rannóg laistigh de Chomhairle Contae Mhaigh Eo chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt ar imeachtaí, cuairteanna oifigiúla, seoltaí agus feachtais ar nós oscailt de Dhroichead Chluain Gallán, An Lainseáil de Sheachtain Feasachta ar Chuimsiú Sóisialta Mhaigh Eo, Lá Fiontair Náisiúnta na mBan, gradaim ghaiscí agus aithint Aoisáisiúla agus seachtain Náisiúnta Sábháilteachta Dóiteáin.
- Leanfaidh an Roinn Cumarsáide ar aghaidh ag uasdátú Leabharlann Íomhá Chomhairle Contae Maigh Eo le híomhánna den obair, de na daoine, na himeachtaí agus oscailt de na seirbhísí rithabhachtacha a chuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo ar fáil.
- Leanadh le fás agus forbairt leanúnach de Mayo.ie agus cuntais na meán sóisialta agus Comhairle Contae Mhaigh Eo thar roinnt ardáin in 2022. Lig sé seo do shaoránaigh chun foinsé dhílis a bheith acu ar an nuacht agus fógraí ar fad ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Leanann Mayo.ie ar aghaidh a bheith chun tosaigh mar chroílár de gach rud a bhaineann le Maigh Eo agus pointe nasctha dár nDiaspóra, le MayoCoCo.ie ag leanúint ar aghaidh ag fáil rannpháirtíochta airde de bharr faisnéise seasmhaí a scaipeadh i rith imeachtaí ar nós adhamsir, fógraí ar dhúnadh bóthair, bristeacha ar sholáthar uisce agus uasdátaithe ginearálta ar sheirbhísí na comhairle.
- Rolladh amach Lógó Chomhairle Contae Mhaigh Eo nuashonraithe agus ag leanúint ar aghaidh le brandáil Chomhairle Contae Mhaigh Eo a rolladh amach.



2022 BUAICPHOINTÍ

- Ba í 2022 an chéad tráthnóna bliantúil de Ghradam de chuid Chathaoirleach Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Tugann na gradaim chathartha nua seo aitheantas do thiomantas agus d'íarrachtaí an iliomad grúpaí deonacha pobail atá ag obair i gContae Mhaigh Eo, a ndearnadh ceiliúradh orthu ar Oíche Ghradam go luath in 2022.
- Tar éis próiseas iomaíoch glaoch amach, fuarthas maoiniú €100,000 trí Shraith Féile Éireannach Domhanda de chuid Fáilte Éireann d' fhéilire míosa d'imeachtaí a bhí ar siúl i mí na Bealtaine 2022 a spreag ár nDiaspóra fillleadh abhaile le cuairt a thabhairt ar Mhaigh Eo faoin Tionscnamh 'Home to Mayo'. Tháinig breis is 20,000 cuairteoir abhaile chun taitneamh a bhaint as níos mó ná 26 imeacht a bhí ar siúl ó cheann ceann an chontae le cuairteoirí ag teacht a fhad le Nua Eabhrac agus Dubai.
- Rinneadh gearrliosta de sé thionscnamh ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo mar chraobhiomaitheoirí de Ghradam LAMA 2022 a bhí ar siúl i mí Bealtaine 2023.
 - Tionscadail Inbhuanaithe Glas is fearr - Coillearnach Martin Neary
 - Oibrí Deonach Pobail na bliana - Brendan Duffy, Bothán na bhFear Chathair na Mart
 - Tionscnamh Iompair Phoiblí is fearr - An Clár Iompair Tuaithe Mhaigh Eo
 - Gnólacht is fearr a oibríonn leis an bPobal - IWAK
 - Conair is fearr in Éirinn - Conair Rothair Chuan Mó
 - Tionscnamh Turasóireachta is fearr - Home to Mayo 2022

Bronnadh Comhairle na Bliana ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo chun aird a tharraingt agus aitheantas a thabhairt ar an sár-obair a glacadh le ó cheann ceann an chontae le linn na bliana.
- Ainmníodh Comhairle Contae Mhaigh Eo mar bhuaiteoirí Ghradam Feabhais i Rialtas Áitiúil ag Chambers Ireland, i gcatagóir na nGradam um Athrú Aeráide do Thionscadal Líonra Pobail Dícharbónaithe Mhaigh Eo agus Gradam Tacaíochta Turasóireachta don Chonair Rothair Chuan Mó. Moladh Comhairle Contae Mhaigh Eo sa chatagóir ar Shláinte agus Folláine chomh maith as an nGníomhachtóir Siúil le Cuailí/Tionscadal Conaire Fitstick.

2022 IN UIMHREACHA

- Bhí 1,003,023 cuairt leathanaigh ar an iomlán ag an suíomh gréasáin Mayo.ie in 2022.
- Bhí méadú de 8% ar leantóirí meán sóisialta ó 2021.

Meadaracht #LáMhaighEo

- Cumhacht foriomlán an fheachtais measta ag 22.1 Milliún duine.
- 28,300 Idirghníomhú ar leith
- Níos mó ná 24,000 'is maith liom' ar na meáin shóisialta.
- Rannpháirtíocht ó 36 tír ar fud an domhain.
- Ba mhór an tuairim dhearfach a bhí ann. Home to Mayo.

Meadaracht #HomeToMayo

- Cumhacht foriomlán an fheachtais measta ag 17.6 Milliún duine.
- 24,800 Idirghníomhú ar leith
- Níos mó ná 20,000 'is maith liom' ar na meáin shóisialta.
- Rannpháirtíocht ó 20 tír ar fud an domhain.
- Níos mó ná 13,000 cuairt ar shuíomh gréasáin

Oifig na Gaeilge

Tá sé d'aidhm ag Oifig na Gaeilge úsáid na Gaeilge i gContae Mhaigh Eo a chothú agus a chur chun cinn agus tacú le comhlíontacht oibleagáidí teanga i measc na foirne i gComhairle Contae Mhaigh Eo.



Oibríonn Oifig na Gaeilge go dlúth le comhpháirtithe i réimse na teanga agus an chultúir chun úsáid na Gaeilge i nGaeltacht Mhaigh Eo, agus ar fud an chontae, a chur chun cinn. Eagraíonn an Oifig imeachtaí pobail chun feasacht a ardú faoi oidhreacht shaibhir theangeolaíochta Mhaigh Eo agus naisc a chothú idir cainteoirí agus foghlaimeoirí Gaeilge.

Ina theannta sin, tugann an Oifig tacaíocht ar fáil sa Chomhairle leith chur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla agus na reachtaíochta eile lena mbaineann. Áirítear leis sin comhairle a chur ar fáil don fhoireann faoi oibleagáidí teanga, soláthar aistriúchain a bhainistiú, comhairle teanga agus logainmneacha a chur ar fáil, agus a chinntiú go bhfoilseofar ábhair éagsúla (mar shampla foilseacháin, fógraí agus ábhar digiteach ar leith) go dátheangach.

BUAICPHOINTÍ 2022

Cur chun cinn na Gaeilge agus tacaíocht don Gaeltacht

1. Ceiliúadh déanta ar Lá Mhaigh Eo i gCaisleán an Bharraigh le dráma faoi Ghráinne Ní Mháille.
2. Aitheantas tugtha ag Gradaim an Chathaoirligh do Ghaeilge Iorrais agus do Ciorcal Comhrá Chaisleán an Bharraigh as ucht a gcuid oibre ar son na teanga.

3. Ócáid Mhuintir Mhaigh Eo eagraithe ag Oireachtas na Samhna chun feasacht a ardú faoi Gaeltacht Mhaigh Eo agus chun muintir na Gaeltachta i Maigh Eo a chur i dteagmháil lena chéile.
4. Teagmháil leanúnach coinnithe ar bun le hOifig Pleanála Teanga, eagraíochtaí pobail agus comhlachtaí stáit chun tacú le cur i bhfeidhm pleananna teanga sa Gaeltacht agus sna bailte seirbhíse Gaeltachta.

Dul chun cinn faoi Acht na dTeangacha agus an Reachtaíocht Teanga

1. Ceapadh Oifigeach Gaeilge nua i Lúnasa 2022.
2. Staidéar comhlíontachta críochnaithe i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus gníomhaíochtaí sonraithe chun cur i bhfeidhm Acht na dTeangacha a éascú.
3. Cur chuige aontaithe chun spriocanna fógraíochta a leagtar amach in Alt 10(a) d'Acht na dTeangacha 2021 a chomhlíonadh.
4. Ionadaí Chomhairle Contae Mhaigh Eo ar Údarás na Gaeltachta ainmnithe faoi Alt 16 d'Acht na Gaeltachta 2012.
5. Suirbhé foirne déanta i Nollaig 2022 chun eolas a bhailiú faoi chumas sa Ghaeilge agus spéis in oiliúint sa Ghaeilge.
6. Réimse foilseachán agus ábhar foilsithe go dátheangach i gcomhréir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla.
7. Ábhar feasachta agus comhlíontachta forbartha agus curtha in airde ar shuíomh inlíne na foirne.
8. Tacaíocht chomhlíontachta curtha ar fáil do rannóga éagsúla ar fud na Comhairle lena n-áirítear Oifig na nEalaíon, An Rannó Pleanála, Forbairt Chorparáideach agus Cumarsáid, Lónra Rannpháirtíochta Pobail Mhaigh Eo, na Ceantair Bhardasacha agus tuilleadh nach iad.



Feasacht i leith Sábháilteacht ar Bhóthair

Cuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo, i gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, clár ar oideachas agus feasacht i leith Sábháilteachta ar Bhóithre ar fáil. Is éard atá i gceist leis seo ná an gá atá le rabhadh a chur chun cinn, agus feasacht ar na contúirtí ar na bóithre i gContae Mhaigh Eo a chur chun cinn.

Cuireann an tOifigeach Sábháilteachta ar Bhóithre sraith Clár um Shábháilteacht ar Bhóithre ar fáil don phobal trí scoileanna/ coláistí, grúpaí pobail, eagraíochtaí spóirt agus gnólachtaí agus tionscail áitiúla i gContae Mhaigh Eo.

Tá an clár Oideachais um Shábháilteacht ar Bhóithre dírithe ar úsáideoirí soghonta bóithre, iompraíocht agus dearcadh an tiománaí, freagracht shóisialta, tiomáint le haghaidh oibre, tiomáint lagaithe agus sábháilteacht rothaí.

Oibríonn an oifig le Ranna eile de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus leis an gCoiste um Shábháilteacht ar Bhóithre le Chéile sa Chontae, ina bhfuil oifigigh ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo, FSS an Iarthair, An Garda Síochána, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, agus Bonneagar Iompair Éireann i gcur i bhfeidhm na Straitéise um Shábháilteacht ar Bhóithre.

Le linn thréimhse an gheimhridh eisiúnn an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre noda agus comhairle go laethúil maidir le tiomáint gheimhridh sábháilte ar bhóithre maidir le Clár Cothabhála an Gheimhridh.

Seó um Shábháilteacht ar Bhóithre Mhaigh Eo

Eagraíonn Meitheal um Shábháilteacht ar Bhóithre Mhaigh Eo Seó Bóthair um Shábháilteacht ar Bhóithre Mhaigh Eo i gcomhar le Axa. Tá sé seo ar siúl ó 2007, ag mealladh lucht féachana os cionn 1,500 dalta ó 29+ meánscoil, lena n-áirítear scoileanna ó na contaetha máguaird.

Mar chuid den seó tá cuir i láthair ó bhaill den Gharda Síochána, na Seirbhísí Otharcharranna agus Dóiteáin, Comhairleoir Leighis atá lonnaithe laistigh den Roinn A&E in Ospidéal Ollscoile Mhaigh Eo, ball teaghlach d'íospartach timpiste tráchta bóthair a fuair bás, marthanóir tuairte cairr agus Adhlacóir, ag cur síos ar a dtáithí phearsanta féin ar dhéileáil le timpiste thromchúiseach tráchta ar bhóithre. Tá an Seó Bóthair ionraic dírithe ar dhaltáí idirbhliana, ag spreagadh tiománaithe óga agus iad siúd atá ar tí tús a chur lena ngairm tiomána, chun dearcadh freagrach a ghlacadh maidir lena n-iompar tiomána féin.

Cuimsíonn an Clár Oideachais um Shábháilteacht ar Bhóithre cuairteanna ar scoileanna ag an Oifigeach Sábháilteachta ar Bhóithre agus cur chun cinn Scéimeanna an Mhaor Sóisearaigh agus Oilíúna Rothaíochta le scoileanna. Le comhoibriú na múinteoirí, na nGardaí agus na dtuismitheoirí, cuireann na scéimeanna seo go mór le Sábháilteacht ar Bhóithre. Oibríonn an tOifigeach Sábháilteachta ar Bhóithre freisin leis an gCoiste um Shábháilteacht ar Bhóithre sa Chontae, a bhfuil an Chomhairle Contae, FSS an Iarthair, an Garda Síochána agus ionadaithe pobail áitiúla páirteach ann, chun Straitéis Sábháilteachta Bóthair Mhaigh Eo a chur i bhfeidhm go rathúil.

Sábháilteacht ar Bhóithre a Chur Chun Cinn i Scoileanna

Tugann Comhairle Contae Mhaigh Eo tacaíocht don Gharda Síochána nuair atá siad ag tabhairt cuairteanna chuig scoileanna trí bhileoga eolais, bandaí muinchille frithchaiteacha agus ábhar bolscaireachta de shábháilteacht ar bhóithre eile a chur ar fáil. Is mó ag gach duine de ghnáth iarrachtaí na nGardaí agus a gcomhoibriú maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre a chur chun cinn.

Bolscaireacht ghinearálta de Shábháilteacht Bóthair Trí na Meáin Áitiúla

Oibríonn Comhairle Contae Mhaigh Eo i dtacaíocht an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre agus cuireann sé bolscaireacht ghinearálta ar fáil sna meáin áitiúla. I rith an gheimhridh, cuireann Oifig um Shábháilteacht ar Bhóithre noda tiomána laethúla agus nuashonrúcháin ar fáil faoin gClár Cothabhála Geimhridh.

STATISTICÍ AR THUAIRTEANNA BÓTHAIR - MAIGH EO

BLIAIN	BÁSANNA
2015	13
2016	4
2017	12
2018	9
2019	3
2020	5
2021	3
2022	5

Pleanáil & Forbairt

Próiseálann an Rannóg um Bainistíocht Forbartha na hiarratais pleanála ar fad do Chontae Mhaigh Eo, lena n-áirítear na cinn as na ceantair Iarchomhairle Baile de Bhéal an Átha, Caisleán an Bharraigh, agus Cathair na Mart. D'athraigh an bhéim laistigh den Rannóg Bainistíochta Forbartha ó fheidhmiú rialaithe pleanála (iarratais phleanála a phróiseáil) go dtí forbairt eacnamaíoch agus a bheith ag cuidiú le forbairt trí gach baile agus ceantair sa Chontae.



Tá miondealú d'iarratais mionsonraithe thíos:

Cur Síos ar Ghníomhaíocht	2021	2022	+/- ón mbliain roimh ré	%
Iarratais Chomhairliúcháin Réamhphleanála	301	126	(175-)	-58%
Coinní Réamhphleanála ag Clinicí 9/02/22-31/12/22	0	552	(552+)	
Iarratais Pleanála Bailí	1433	1184	(249-)	-17%
Cinntí chun Diúltú	84	79	(5-)	-6%
Cinntí chun Cead a Bhronnadh	1196	1011	(185-)	-15%
Achomhairc cinntí chuig An Bord Pleanála	55	35	(20-)	-36%
Cinneadh ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo deimhnithe ag ABP	29	18	(11-)	-38%
Cinntí ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo a d'fhreaschuir ABP	7	4	(3-)	-43%

2022 BUAICPHOINTÍ

1. Réamhrá ar Ríomhphleanáil i Maigh Eo: Tá próiseáil na nIarratas Pleanála in Éirinn ag bogadh i dtreo réimse gan pháipéar agus neamhdhíobhálach don chomhshaol ina bhfuil rochtain 24/7/365 ag iarratasóirí ar a n-iarratais phleanála, tar éis thabhairt isteach Thairseach Pleanála Ar Líne an Rialtais Áitiúil, a dearadh chun próiseáil iarratais phleanála a chuíchóiriú ar fud na nÚdarás Áitiúil go léir in Éirinn. Is éard atá i gceist le Ríomhphleanáil ná Iarratais Phleanála a chur isteach agus a phróiseáil go heisiach i bhformáid leictreonach, agus tugadh isteach iad i Maigh Eo i mí na Samhna 2022, mar chuid de Chéim 1 de chur i bhfeidhm Ríomhphleanála go náisiúnta, faoi mhaoirseacht an LGMA. Tugann an cur chuige nua seo i leith déileála le cúrsaí pleanála go leor buntáistí d'údarás phleanála, do Ghníomhairí Pleanála, d'iarratasóirí agus don phobal i dteannta a chéile maidir le próiseáil iarratas cruachóipe.
2. Plean Forbartha Chontae Mhaigh Eo 2014-2020: Síneadh a chur le fad Phlean Forbartha Chontae Mhaigh Eo, 2014-2020 (arna athrú) chun tréimhse bhreise ama a chur ar fáil go dtí go nglacfar agus go dtiocfaidh Plean nua Forbartha Contae Mhaigh Eo i bhfeidhm (Márta 2022).
3. Plean Forbartha Chontae Mhaigh Eo 2022-2028: Ghlac Baill de Chomhairle Contae Mhaigh Eo le Plean Forbartha Chontae Mhaigh Eo i Meitheamh 2022 agus tháinig sé i bhfeidhm i Lúnasa 2022. Cuireann Plean Forbartha Chontae Mhaigh Eo creatlach inbhuanaithe le forbairt eacnamaíoch, sóisialta agus inbhuanaithe den Chontae thar thréimhse an phlean. Bhí Plean Forbartha Chontae Mhaigh Eo ag bráth ar Threoir Aire, rud a dearbhaíodh i Nollaig 2022.
4. Foilsiú na Mapaí Dréachta den Cháin ar Thalún Chríosaithe Cónaithe (RZLT i Béarla) do Chontae Mhaigh Eo (Samhain 2022). Is beart gníomhach talún é an RZLT atá leagtha amach i bplean náisiúnta tithíochta an Rialtais (Tithíocht do Chách) atá dírithe ar thailte críosacha a chur ar siúl mar is cóir don soláthar de thithíochta amach anseo.

2022 IN UIMHREACHA

- Bhí 35 achomharc go dtí An Bord Pleanála ann de bharr cinntí a rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo. As na 35 cinneadh a achomharcadh, d'fhreaschuir an Bord 4 cinn acu.
- Eisíodh 1011 Cinneadh chun cead pleanála a Bhronnadh i rith 2022. Eisíodh 79 Cinneadh chun cead pleanála a Dhiúltú i rith na bliana.
- 552 Coinne Réamhphleanála ag Clinicí.
- Fuarthas 1184 Iarratas Pleanála bailí i rith 2022, laghdú de 249 ó 2021.

Forfheidhmiú Pleanála & Rialú Tógála

Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo an t-údarás forfheidhmiúcháin pleanála don cheantar riaracháin de Chontae Mhaigh Eo. Is é an phríomhfheidhm den Rannóg Forfheidhmiúcháin Pleanála ná iniúchadh a dhéanamh ar ghearáin scríofa, a fuarthas i dtaca le forbairtí neamhúdaraithe maite, de réir an Achta um Fhorbairt agus Pleanáil 2000 (arna leasú). Tá achoimre ar ghníomhaíocht don Rannóg Forfheidhmiúcháin Pleanála 2022 leagtha amach thíos.

Tábla 1: Gníomh Forfheidhmiúcháin Pleanála ó 2018 go dtí 2022

Cur Síos ar Ghníomhaíocht	2018	2019	2020	2021	2022
Líon de ghearáin nua	131	129	151	210	150
Líon de ghearáin a réitíodh	83	52	89	72	70
Líon de ghearáin a diúltaíodh	22	23	29	29	31
Líon na litreacha Rabhaidh a eisíodh	89	77	99	134	109
Líon na bhFógraí Forfheidhmiúcháin a eisíodh	20	5	18	16	10
Líon na gcomhad le Dlíodóir na Comhairle Contae	40	47	51	50	56
Líon na n-ionchúiseamh	0	0	1	0	0

RIALÚ TÓGÁLA

Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo an tÚdarás Rialaithe Tógála don cheantar riaracháin de Chontae Mhaigh Eo. I measc na ndualgas tá an mhaoirseacht rialála den chóras Rialaithe Tógála, faireachas margaidh faoi na Rialacháin maidir le Feidhmiú Fuinnimh ar Thógálacha an Aontais Eorpaigh agus na Rialacháin ar Tháirgí Tógála an Aontais Eorpaigh.

Tugann sé seo an measúnú le haghaidh deimhnithe de Fhógraí Tosaigh agus Teastais de Chomhlíonadh Críochnaithe, an measúnú d'arratais ar Theastas Rochtana do Dhaoine Faoi Mhíchumas agus iarratais le haghaidh Díolúine/ Maolú isteach sna Rialacháin Tógála. Tá achoimre ar ghníomhú i dtaca iarratas léirithe i dTábla 1.

Tábla 1: Iarratais ar Theastas Rochtana do Dhaoine Faoi Mhíchumas 2018 - 2022

Déantar Rialacháin Foirgníochta chun críoche ar leith, m.sh. chun foráil a dhéanamh, maidir le foirgnimh, do shábháilteacht agus leas sláinte daoine, do chaomhnú breosla agus fuinnimh agus

Cur Síos ar Ghníomhaíocht	2018	2019	2020	2021	2022
Iarratais DAC	81	81	56	73	57
Iarratais DAC bailí	71	78	52	68	57
Iarratais DAC neamhbhailí	10	3	4	5	0
Líon na n-iarratas DAC nuair a tugadh cuireadh don iarratasóir faisnéis bhreise a chur isteach	23	23	20	-	0
Líon na n-iarratas ar theastais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas inar cuireadh síneadh leis an uastréimhse fhorordaithe le haghaidh iarratais a bhreithniú	6	9	12	0	0
Líon na dTeastas Rochtana do Dhaoine Faoi Mhíchumas a eisíodh	74	76	50	75	57
Laistigh de dhá mhí	69	66	34	75	37
Níos faide ná 2 mhí	5	10	16	0	20
Bronnta le coinníollacha	51	53	33	42	19
Bronnta gan choinníollacha	23	23	17	33	38

Cur Síos ar Ghníomhaíocht	2018	2019	2020	2021	2022
Líon na n-iarratas DAC a diúltaíodh	0	0	0	0	0
Iarratais Díolúine/Maolaithe	7	4	3	1	0
Díolúiní/Maolaithe a Bronnadh	6	5	2	1	0

do rochtain do chách. Déantar Cigireachtaí Rialaithe Foirgníochta ar líon teoranta foirgneamh atá aitheanta ag Fógraí Tosaigh bailí a thaisctear, arb é is cuspóir dóibh seiceálacha ar an láthair a dhéanamh ar chomhlíonadh na Rialachán Foirgníochta. Tugtar aghaidh ar an gcuid is mó de na sárúithe rialacháin trí idirbheartaíocht a mhaireann tamall fada. Go minic bíonn sé riachtanach tús a chur le himeachtaí forfheidhmiúcháin dlí. Tá roinnt gníomhaíochta i dtaca le Fógraí Tosaigh próiseáilte agus Iniúchtaí Rialaithe Tógála léirithe i dTábla 2.

Tábla 2: Fógraí Tosaigh ar Rialú Tógála agus Gníomhaíocht Iniúchta 2017 -2021

Fógraí Tosaigh	Líon na bhFoirgneamh				
	2018	2019	2020	2021	2022
Nua	511	550	433	498	537
Sintí	107	104	101	121	81
Athrú ar Úsáid	13	18	9	18	14
Athrú Ábhair	22	28	14	22	22
Iomlán	653	700	557	659	654

Iniúchtaí / Forfheidhmiúcháin	Líon na bhFoirgneamh				
	2018	2019	2020	2021	2022
Líon na bhfoirgneamh nua a rinneadh iniúchadh orthu	59	77	56	100	42
Líon na n-iniúchtaí a rinneadh lena n-áirítear iniúchtaí iomadúla ar an bhfoirgneamh chéanna	248	315	395	511	387
Líon na bhfoirgneamh clúdaithe le CN bailí sa chás go ndéantar iarratas ar fhaisnéis/cáipéisí	75	78	22	69	18
Líon na bhFógraí Forfheidhmiúcháin a seirbheáladh	0	0	0	0	0

San áireamh sna breithiúnais eile a rinneadh bhí measúnuithe ar Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh (BER i mBéarla), Tuiriscí ar Thástáil Fuaime, Tuiriscí maidir le hAer-Obacht agus Teastais de Chomhlíonadh ar a Chríochnú. Tá achoimre ar an ngníomhaíocht seo léirithe i dTábla 3.

Tábla 3: Breithiúnais Eile

Cur Síos ar Ghníomhaíocht	Líon na dTeastas/Tuiriscí				
	2018	2019	2020	2021	2022
Líon na dTeastas de Chomhlíonadh ar Chríochnú a measadh	98	132	137	122	148
Líon na dTorthaí ar Thástáil Fuaime a measadh	Níl na staitisticí scríofa síos	15	39	59	53
Líon na dTorthaí ar Aerdhíonacha a measadh		87	180	158	101
Líon na BER a measadh		80	178	162	106
Líon na dTeastas Aerála a measadh		15	39	59	29



Bhailé Bhéal Átha
hAmhnais

03

FIONTRAÍOCHT, FORBAIRT PHOBAIL & EACNAMAÍOCHTA, TURASÓIREACHT

SA ROINN SEO

Rannpháirtíocht an Phobail

Coiste Cúraim Leanáí Contae Mhaigh Eo

Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo

Oifig Fiontair Áitiúil

Forbairt Eacnamaíocha

Turasóireacht, Áineas & Áiseanna

Leathanbhanda & Aonad Forbartha Digiteach

Seirbhís Ealaíon Mhaigh Eo

Leabharlann Chontae Mhaigh Eo



Rannpháirtíocht an Phobail

Bunaíodh an Rannóg Rannpháirtíochta an Phobail chun folláine an phobail a neartú agus a fheabhsú trí Rannpháirtíocht a Thacú: Rannpháirtíocht shibhialta a éascú i dtionscnaimh agus i gceapadh beartas lena ndírítear ar cháilíocht saoil a fheabhsú do chách; Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha a Thógáil: Ag obair le heagraíochtaí eile agus an earnáil dheonach chun torthaí níos fearr a chinntiú do phobail ar fud an Chontae sna réimsí a bhaineann le forbairt pobail, spóirt agus cúram leanaí; agus Maoirseacht: Trédhearcacht agus dea-rialachas a chinntiú maidir le cláir a riar, a dtacaíonn le forbairt an phobail, spóirt agus cúram leanaí.

Forbairt Chomhtháite, Forbairt an Phobail & Ionchuimsiú Sóisialta a Éascú & a Thacú.

2022 BUAICPHOINTÍ

1. Chuir an Mheitheal Oideachais, Oiliúna agus Scileanna den LCDC dhá sheimineár gréasáin ar fáil: “Cad a chaithfidh a bheith ar eolas ag mic léinn”, agus “Gan Oibríthe Deonacha, Ní Ach Faic Muid”.
2. Ba é téamaí do Sheachtain Feasachta um Ionchuimsiú Sóisialta Mhaigh Eo (MSIAW) 2022 ná “Na hEalaíona mar Uirlis Ionchuimsithe Shóisialta”. Bhí breis is 40 imeacht ar siúl ar fud an Chontae agus seoladh Straitéis ar Imeachadh Idircheallach agus Plean Gníomhaíochta LCDC Mhaigh Eo 2022-2026 go hoifigiúil i rith na seachtaine seo.
3. Tá sé mar aidhm ag grúpa “Diúltaíonn Maigh Eo Ciníochas” crios “Gan Chiníochas” a dhéanamh de Mhaigh Eo. Le linn 2022 ghlac an grúpa páirt i gceiliúradh Lá Mhaigh Eo trí chlár ar líne a chur ar fáil; teachtaireacht mhíosúil frithchiníochais a sheachadadh; agus d’oibrigh sé le Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann chun Clár na Scoileanna Buí a bhunú in dhá scoil i Maigh Eo. Is modh uile-scoile é Clár na mBratscoileanna Buí chun dul i ngleic le ciníochas.
4. Tháinig Clár Babhta 3 Éire Shláintiúil chun deiridh, áiríodh 14 ghníomh san obair agus caitheadh €409,047 ar an iomlán ar Chlár Babhta 3. Forbraíodh plean nua 3 bliana agus Clár Oibreacha ar Éire Shláintiúil Babhta 4 2022 – 2025.

5. Forbraíodh Plean Cumarsáide Mhaigh Eo Sláintiúil ag tús 2022.
6. Thug comhaltaí Chomhairle na nÓg Mhaigh Eo (CNN) cuairt ar Dháil na nÓg san Ionad Comhdhála i mí an Mhárta; toghadh comhalta CNN Mhaigh Eo ar an bhFeidhmeannas Náisiúnta; leanadh ar aghaidh le hoibreacha chun feasacht a chruthú faoi Mhíchumas i bhFolach, lena n-áirítear bileog faoi chearta oibre daoine óga a chur ar fáil. Reáchtáladh Cruinniú Cinn Bliana Mhaigh Eo i mí Dheireadh Fómhair le 138 duine óg ó 16 scoil éagsúla ar fud Mhaigh Eo i láthair.
7. Ghlac Ionad Pobail Chill Mobhí agus Turasóireacht Acla páirt sna Gradaim Náisiúnta Mórtas Cine is Ceantair 2022, agus fuair Turasóireacht Acla an dara duais ina gcatagóir.
8. Seoladh an Straitéis Aoisbhá 2022 – 2026, inar leagadh amach gníomhaíochtaí maidir le seachadadh faoi 8 bpríomhthéama, lena n-áirítear Tithíocht, Iompar agus Rannpháirtíocht Shóisialta. Déanfaidh an Comhaontas Aoisbhá agus Comhairle na Seanóirí i Maigh Eo na gníomhartha seo a chur i gcrích.
9. In 2022 sheol an tAire Hildegard Naughton Aerfort Iarthar Éireann Chnoc Mhuire agus Aerfort na Sionainne i gcomhpháirt le chéile in Aerfort Iarthar na hÉireann, Cnoc Mhuire, mar na chéad aerfoirt ar domhan a bhain stádas Aoisbhá amach. Bhuail an dá aerfort Gradam Aitheantais Aoisbhá freisin.
10. D’fhorbair LRP Mhaigh Eo Ráiteas Físe maidir le Folláine Pobail do Chontae Mhaigh Eo chun a fháil amach cad é an fhís agus na tosaíochtaí comhchoiteanna don chontae agus conas is féidir linn an áit is fearr is féidir a dhéanamh de Mhaigh Eo le cónaí ann, le hoibriú ann agus le hinfeistíocht a dhéanamh ann. Tá an Ráiteas ag an gcéim dréachta agus seolfar é in 2023.
11. D’fhorbair LRP Mhaigh Eo Léarscáil Idirghníomhach don Phobal - Taispeánfaidh an léarscáil seo suíomh na ngrúpaí pobail agus liostófar seirbhísí agus áiseanna gach grúpa. Tá an léarscáil Idirghníomhach le feiceáil ar shuíomh gréasáin LRP, www.mayoppn.ie.

COISTE UM FHOIRTEAR POBAIL ÁITIÚIL (LCDC):MHAIGH EO

Bhuail an LCDC, Coiste de Chomhaltaí Reachtúla agus Neamhrechtúla, le chéile 10 n-uaire in 2022 agus tá 4 mheitheal ann: Oiliúint, Oideachas agus Scileanna; Sláinte agus Folláine; Cuimsiú Sóisialta & Forbairt Pobail; Oidhreacht, Comhshaol, Teanga & Cultúr - a fheidhmíonn mar chuid de struchtúir LCDC.

I rith 2022, lean LCDC Mhaigh Eo ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar ghnéithe pobail den Phlean Eacnamaíochta agus Pobail Áitiúil (LECP i mBéarla) agus á gcur i bhfeidhm trína 4 mheitheal seo.

Tá príomhfhreagracht ag an LCDC chun maoiniú um fhorbairt áitiúil agus pobail a chomhordú, a phleanáil agus a mhaoirsiú i gContae Mhaigh Eo i.e. na Cláir SICAP agus LEADER.

Clár SICAP 2018-2022:	Clár um Fhorbairt na Tuaithe LEADER:
Tá feidhm bainistíochta agus maoirseachta ag LCDC Mhaigh Eo i dtaca leis an gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail 2018-2022 (SICAP). Is clár náisiúnta é seo a bhfuil sé mar aidhm aige dul i ngleic le bochtaineacht, eisiámh sóisialta agus dífhostaíocht fhadtéarmach.	Tugann an Clár LEADER tacaíocht do phobail na tuaithe ar fud an Aontais Eorpaigh chun dul i ngleic go gníomhach leis an bhforbairt áitiúil dá gceantar agus é a stiúradh, trí fhorbairt áitiúil atá stiúrtha ag an bpobal.

Clár SICAP 2018-2022:	Clár um Fhorbairt na Tuaithe LEADER:
Tá an Comhlacht um Fhorbairt Iardheisceart Mhaigh Eo (SWMDC) ar conradh leis an SICAP a sheachadadh in Lota 29-1 de na hOileáin Mhaigh Eo agus Lota 29-3 de na Ceantair Bhardasacha Chaisleán an Bharraigh agus Chlár Chlainne Mhuiris.	Is modh ón mbun aníos é LEADER maidir le tacaíocht a chur ar fáil do phobail faoin gClár um Fhorbairt na Tuaithe náisiúnta 2014-2020. Bronntar deontais ag Grúpaí Gnímh Áitiúla (LAGanna i mBéarla) ar thionscadail a thugann tacaíocht le seachadadh Straitéise um Fhorbairt a ullmhaíodh go háitiúil faoi 3 phríomhthéama: Forbairt Eacnamaíoch na Tuaithe, Forbairt Fiontraíochta agus Cruthú Post, Cuimsiú Sóisialta agus Comhshaol na Tuaithe.
Tá an Chomhpháirtíocht LEADER Oirthuaisceart Mhaigh Eo (MNELP) ar conradh leis an gClár SICAP a sheachadadh in Lota 29-2 - Ceantair Bhardasacha Bhaile an Átha agus Iarthar Mhaigh Eo.	<ul style="list-style-type: none"> Is é an LAG, atá á stiúradh ag LCDC Mhaigh Eo an foras cinnteoireachta do leithdháiltí LEADER. Bhuail LAG Mhaigh Eo le chéile 9 n-uaire in 2022. Faofaí Thionscadal LEADER - 34 Thionscadal ar luach €1,686,095.58 Éilimh Thionscadal LEADER - 89 n-éileamh ar luach €2,469,424.73
In 2022 caitheadh €1.4 milliún ar an gclár seo i Maigh Eo. Cuireadh €180,000 sa bhreis ar fáil ón Roinn mar fhreagra orthu siúd a tháinig ón Úcráin.	

POBAL MHAIGH EO FEASTA

Is modh ón mbun aníos é Pobal Mhaigh Eo Feasta, atá á stiúradh ag an bpobal trína bhforbraíonn pobail Plean Gníomhaíochta Pobail 5 bliana dá bpobal.

Go dtí seo tá 35 phlean forbartha agus tá 17 bpobal tar éis a bpleananna a athnuachan. In 2022 sheol sé a gcuid pleananna in Achadh Ghobhair, i mBaile an Tobair agus i mBéal Átha hÉin, agus chuir siad a ndara plean athnuachana i gcrích agus sheol siad é, sheol an tSráid a bplean athnuachana agus thosaigh Baile an Róba a bPlean um Pobal Mhaigh Eo Feasta.

Thosaigh próiseas an Phlean um Thaistealaithe Mhaigh Eo Feasta chomh maith in 2022.



FREAGRA POBAIL MHAIGH EO ÚCRÁNACH

Tá ionadaíocht ghníomhach ag an ngrúpa Freagartha Pobail Úcránach Mhaigh Eo ó Ionad Deonach Mhaigh Eo, Comhairle Contae Mhaigh Eo, An Garda Síochána, Túsla, PPN, Ionad Eolais do Shaoránaigh, An Clár Iompair Tuaithe, Cuideachtaí Forbartha Áitiúla agus Aoisbhá Mhaigh Eo.

Tháinig an grúpa seo le chéile gach coicís chun iarrachtaí áitiúla a chomhordú chun fáilte a chur roimh imircigh nua ón Úcráin isteach sa Chontae. Díriodh go príomha ar na príomh-shaincheisteanna a bhaineann le cóiríocht, tacaíochtaí leasa agus seirbhísí cúraim sláinte. D'fhreagair an grúpa freisin comhordú a dhéanamh ar fhreagairt na hearnála pobail agus deonaí ar na tacaíochtaí imeasctha agus ar na tacaíochtaí sóisialta atá ag teastáil do dhaonra na hÚcráine sa mheántearma agus san fhadtéarma. I measc na samplaí de na freagraí sin tá tacaíochtaí agus faisnéis a chuirtear chun cinn tríd an bhfóram agus mayo.ie/MayoPPN agus tacaíochtaí Sláinte agus Folláine á gcur ar fáil.

COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA MHAIGH EO

Fóram chun tacú le comhairliúchán agus comhoibriú maidir le saincheisteanna póilíneachta agus coireachta idir an Garda Síochána, oifigigh Údarás Áitiúil, Comhaltaí Tofa agus na hearnálacha pobail agus deonacha. Faomhadh plean straitéiseach Chomhchoiste Póilíneachta Mhaigh Eo (JPC i mBéarla) in 2022. I measc na dtéamaí a forbraíodh faoin bplean seo bhí:

1. Rannpháirtíocht an Phobail
2. Trácht agus Sábháilteacht ar Bhóithre
3. Coireacht agus Drugaí
4. Ord Phoiblí agus Iompraíocht Fhrithshóisialta



Bunaíodh fo-choistí do Rannpháirtíocht Pobail agus Coireacht agus Drugaí in 2022. Bunóidh fo-choistí do Shábháilteacht Tráchta agus Bóthair agus Ord Poiblí / Iompar Fhrithshóisialta in 2023. Tá comhaltaí JPC sna grúpaí seo agus oibreoidh siad chun gníomhartha a leagadh amach sa Phlean Straitéiseach a sheachadadh.

Bhí ceithre chruinniú ag an JPC in 2022.



Coiste Cúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo

Tacaíonn Coiste Cúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo (CCLCME) le clár cúraim agus oideachais luath-óige a chur ar fáil i Maigh Eo agus oibríonn sé i gcomhar leis an Roinn Leanaí & Gnóthaí Óige, le Pobal agus le gach páirtí leasmhar san earnáil cúraim leanaí.

Is é príomhchúram CCLCME tacaíocht agus cúnadh a thabhairt do theaghlaigh agus do sholáthraithe luathfhoghlama agus cúraim leanaí in aois scoile le cúrsaí cúraim leanaí ar an leibhéal áitiúil. Oibríonn Coiste Cúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo chun comhordú a dhéanamh ar sholáthar clár agus polasaí náisiúnta cúraim leanaí ar an leibhéal áitiúil agus chun forbairt agus rochtain ar luathfhoghlaim agus cúram ar ardchaighdeán a thacú agus éascú, chomh maith le seirbhísí cúraim leanaí in aois scoile, ar mhaithe le leanaí agus a dtuismitheoirí trí chur chuige leanbh-lárnach agus comhpháirtíochta a ghlacadh.

Cuireann CCLCME faisnéis, tacaíocht, meantóireacht agus treoir ar fáil maidir le Maoiniú Náisiúnta Cúram Leanaí agus clár ghaolmhara do thuismitheoirí, do sheirbhísí cúraim leanaí luathbhlianta/ in aois scoile, agus do ghníomhaireachtaí áitiúla a chuireann tacaíocht airgeadais agus oideachais ar fáil do na grúpaí seo.

I measc na gclár a fhaigheann tacaíocht tá an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí; scéim na Bliana Réamhscoile Saor in Aisce (ECCE); an Clár Fóirdheontais um Chúram Leanaí Pobail (CCSP); An Beart um Chuimsiú Rochtana (AIM), clár atá deartha lena chinntiú gur féidir le leanaí faoi mhíchumas rochtain a fháil ar scéim réamhscoile saor ó ECCE; Aistear agus Síolta, Creatáí Náisiúnta Cáilíochta agus Curaclaim do na Luathbhlianta; Scéimeanna Deontais do Thuismitheoirí & Naíonáin; Scéimeanna Deontais Forbartha Gogamánachta agus Sparánachtaí Chiste an Fhoghlaim.

2022 BUAICPHOINTÍ

1. Tacaíocht a thabhairt don Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) trí Bhunchistiú a thabhairt isteach don earnáil. Is snáithe nua maoiniúcháin é an Bunchistiú seo don Luathfhoghlaim agus Seirbhísí Cúram Leanaí ar Aois Scoile a chruthóidh cuid den mhodh maoiniúcháin náisiúnta nua.
2. Seirbhísí ELC agus SAC tacaíthe timpeall an chontae chun conradh a dhéanamh leis an Scéim Bhunmaoiniúcháin náisiúnta nua.

3. Príomh-thacaíochtaí a sholáthar i nGéarchéim na hÚcráine mar fhreagairt ar thús an chogaidh i mí an Mhárta 2022. Sholáthair MCCC eolas ar mhaoiniúchán cúram leanaí, rochtain ar chúram leanaí agus áiteanna naíonra, oiliúint, measúnuithe cáilíochta, treoraíocht le hiarratais agus aistriú srl. Chomhoibrigh an fhoireann le Comhpháirtíocht Oirthuaisceart Mhaigh Eo chun 3 oibrí tacaíochta a fhostú. Eagraíodh seisiúin Fan agus Imir in ionaid lóistín timpeall an chontae do leanaí. Tugadh tacaíocht do Ghrúpaí Tuismitheoirí agus Lapadán chun go méadóidh sé agus chun cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí agus leanaí ó na pobail nua seo.

2022 IN UIMHREACHA

- Thug Coiste Cúram Leanaí Chontae Mhaigh Eo tacaíocht do 132 seirbhís Luathbhlianta, 65 seirbhís Cúram Leanaí ar Aois Scoile, 72 feighlí linbh agus gach gnó cúram leanaí.
- Tugadh tacaíocht do 2974 Páiste trí scéimeanna maoinithe náisiúnta, oiliúint, meantóireacht agus tionscnaimh um cháilíocht.
- Bhain 118 leanbh i 9 naíonra buntáiste as páirt a ghlacadh i gclár blianta luaithe ceoil Soundworlds.
- Soláthraíodh 28147 gníomh tacaíochta in 2022 lena n-áirítear glaonna, ríomhphoist, seisiúin eolais, cruinnithe, cuairteanna ar an láthair, oiliúint, cuir i láthair, tacaíochtaí meantóireachta agus ceardlanna duine le duine.
- Soláthar 664 tacaíocht maidir leis an nGéarchéim san Úcráin i dtéarmaí seisiún Fan agus Imir, seisiúin eolais do thuismitheoirí, tacaíochtaí maoinithe do ghrúpaí tuismitheoirí agus Lapadán





Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo

Oibríonn Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo chun rannpháirtíocht i spórt agus gníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú i measc gach earnála sa phobal trí eolas a roinnt, oideachas agus forbairt beartas agus cur i bhfeidhm.

Príomh-mhaoinithe ag Spórt Éireann agus óstáilte go háitiúil ag Comhairle Contae Mhaigh Eo, tá trí mhórfheidhm ag an gComhpháirtíocht:

- Eolas - Siopa staid amháin le haghaidh Spóirt i Maigh Eo
- Oideachas - Deiseanna den scoth a sholáthar go háitiúil le haghaidh cúrsaí oiliúna d'oibrithe deonacha.
- Cur i bhFeidhm - Chun beartais spóirt a fhorbairt laistigh den chontae trí phlean straitéiseach i gcomhair spóirt i Maigh Eo agus clár rannpháirtíochta a shásódh riachtanais áitiúla.

2022 BUAICPHOINTÍ

1. Soláthraíodh Cláir Rannpháirtíochta Ginearálta agus Oideachais MSP - Tolg go 5K, Fir ar an tSlí, Snámh Faoin Aer, Bosca Tosaigh Teaghlaigh, Fit4Work, Maratón Páistí, CLG do Chách, Cosaint, Ionchuimsiú Míchumais, Ceannaire Spóirt Óige in 2022.
2. Ghlac breis is 1,000 rannpháirtí páirt i "Mionmharatón Ban Iarthar na tíre Mayo.ie"; a d'eagraigh Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo 2022 ar an 1ú Bealtaine le breis is 600 ag glacadh páirte i Rás Spraoi Mini 2K na mBunscoileanna.
3. Bronnadh an gradam Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo an Gradam Óir Náisiúnta Xcessible le haghaidh ionchuimsiú spóirt ag CARA, an comhlacht atá freagrach as spórt do dhaoine faoi mhíchumas in Éirinn.
4. I mí Dheireadh Fómhair 2022, lainseáil Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo a Tionsclaíocht Tacaíochta Deonach Club le roinnt oiliúint fhóirdheonaithe lena n-áirítear Leanaí a Chóitseáil, Cosaint, Ionchuimsiú Míchumais agus Seimineáir Ghréasáin Spóirt

5. Seoladh Clár Siúlóide Gníomhaithe le Cuailí do Dhaoine Fásta Scothaosta de chuid Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo i mí Feabhra 2022 go hoifigiúil, le 350 rannpháirtí i 19 clár timpeall an chontae.

2022 IN UIMHREACHA

- Ghlac 885 duine páirt i 21 imeacht Operation Transformation i mí Eanáir 2022.
- Leithdháileadh 63 tionscadal Mhaigh Eo le nach mór €5m i maoiniú Spóirt Chaipitiúil, agus thug Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo cúnamh do thromlach a n-iarratas.
- Leithdháileadh 88 Club Spóirt & Grúpa Pobail €107,503 san iomlán faoi Scéim Dheontais Spóirt Bhig Chomhpháirtíochtaí Mhaigh Eo 2022.
- Sholáthair Moil Spóirt Phobail i mBaile an Róba /Béal Átha hAmhnais agus Moil Faoin Aer i gCaisleán an Bharraigh agus Béal an Átha 40 imeacht le sprioc 600 ó ghrúpaí a bhfuil sé deacair dul chomh fada leo.
- I measc na bhfeachtas in 2022 áirítear: Seachtain na Rothar (26 imeacht - 600 rannpháirtí), Seachtain na hEorpa de Spórt (32 imeacht- 540 rannpháirtí), Seachtain Chumais Spóirt do Dhaoine Le Míchumas) (20 imeacht —200 rannpháirtí), Seachtain Faoin Aer HER (26 imeacht —260 rannpháirtí), Seachtain na mBan sa Spórt, Seachtain Feasachta um Ionchuimsiú Sóisialta, Feachtas Get Active Geimhreadh 2022





Oifig Fiontair Áitiúil

Ó bunaíodh iad in 2014, rinne na hOifigí Fiontraíochta Áitiúla a ndícheall lena chinntiú go leanann soláthar seirbhíse do micrifhiontair agus gnóthais bheaga le hionchur áitiúil suntasach laistigh de chreatlach beartais mhicrifhiontair náisiúnta. Bhunaigh OFÁanna iad féin mar phointe lárnach d'fhorbairt fiontraíochta agus tá siad lárnach maidir le cultúr fiontraíochta a chothú go háitiúil.

Oibríonn an OFÁ mar Shiopa Ilfhreastail i Maigh Eo chun tacaíocht agus seirbhísí a sholáthar chun micrifhiontair agus gnóthais beaga a bhunú, a chur ag fás agus a fhorbairt. Chomh maith leis sin, cuireann an OFÁ feachtas chun cinn agus oibríonn sé chun cultúr fiontraíochta a fhorbairt agus cuireann sé le forbairt eacnamaíochta ghinearálta.

In 2022, dhírigh OFÁ ar chabhair a thabhairt do phobal an ghnóthais chun teacht chucu féin i ndiaidh COVID-19, agus chun dul i ngleic leis na dúshlán bainteach le costais fhuinnimh agus bhoilscithe atá ag dul i méid. Bhí riarachán agus bainistíocht tionscnamh i gceist leis seo lena n-áirítear tacaíochtaí airgeadais, clár oiliúna, agus meantóireacht agus comhairliúchán leanúnach chun tacaíocht atá suas chun dáta i réimsí cosúil le LEAN, inbhuanaitheacht agus an geilleagar glas, agus digitiú chun tacaíocht a thabhairt do ghnóthais i margadh atá de shíor a bheith ag éirí níos iomaíche.

2022 BUAICPHOINTÍ

1. Taispeánadh Rothlú, Hawthorn Handmade Skincare, Gerry Whelan Design, Herbal Earth Skincare, Lou Brennan, ArdaLume agus Babyboss ag an Seóthaispeántas Fiontair Áitiúil, de chuid Seóthaispeántas 2022 ina raibh breis is 4,000 ceannaitheoir ó mhiondíoltóirí ar fud na cruinne ag freastal ar an imeacht ceithre-lá atá mar cheann de na haonaigh thrádála idirnáisiúnta is mó san earnáil.
2. Tharla Seachtain Fiontair Áitiúil i mí an Mhárta ina raibh breis is 220 imeacht ar siúl timpeall na tíre. I Maigh Eo, tharla an-chuid ceardlann ar líne agus bricfeasta líonraithe i láthair go pearsanta a d'fhéach ar conas go bhféadtar le gnóthais costais oibriúcháin a laghdú trí theicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite agus éifeachtúlachtaí sa ghnó a thiomáint i rith na seachtaine.
3. Bhuaigh Cubbie, a bhí tacaithe ag Oifig Fiontair Áitiúil Mhaigh Eo ag na Dámhachtainí Náisiúnta Fiontar 2022 agus thóg siad an Gradam Nuálaíochta abhaile leo.

Cumasaíonn an suiteáil, atá i mbreis is 200 scoil timpeall na hÉireann, daltaí le dúshlán néara-éagsúlachta nó chéadfacha chun a gcéadfaí a rialú le clár saincheaptha lena chinntiú nach mbíonn tionchar diúltach ar a n-eispéireas foghlama agus acadúil.

4. Ghlac 954 daltaí ó iar-bhunscoileanna timpeall Mhaigh Eo Páirt i gCluichí Ceannais an Chontae i gClár Fiontraíochta na Mac Linn i mí an Mhárta. Ba iad Jamie Ginty, Dylan Guthrie, Sean McNamara & Diarmuid Cooney ó Achill Seaweed Soak ag Coláiste Pobail Acla na buaiteoirí sa Chatagóir Shinsearach den chomórtas. Ba iad Christopher O'Donnell, Dylan Ruane & Kasey Ruane ó "Smart Sensor Switch" ó Naomh Iósaif, Béal Easa na buaiteoirí sa Chatagóir Idirmheánach. Ba iad Evan O Malley, Dylan Sheridan agus Dylan Murphy ó "Seasonal Timber Products" ag Coláiste Thiarnán Naofa Crois Mhaoilíona na buaiteoirí sa Chatagóir Shóisearach. Rinne gach buaiteoir ionadaíocht do Mhaigh Eo sna cluichí ceannais náisiúnta.
5. Léirigh Collins Plastics, bunaithe i mBéal an Átha a ngnóthais roimh nach mór 300,000 duine ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta mar chuid den Bhaile Fiontraíochta Áitiúil.
6. D'óstáil LEO Mhaigh Eo imeacht réigiúnach chun Lá Fiontraíochta na mBan Náisiúnta a cheiliúradh i mí Dheireadh Fómhair. Ba é téama an imeachta ná 'Ár dTodhchaí, Ár mBealach', agus bhí cainteoirí, painéalaithe agus fiontraithe ban aibhsithe ó cheantair an Iarthair.
7. Tharla Blas na hÉireann 2022 i mí Mheán Fómhair agus bhí 10 sa bhabhta ceannais arbh as Maigh Eo dóibh agus thóg 8 ngnóthas 11 ghradam abhaile leo san iomlán. Bhuaigh O'Hara's Bakery Bhéal Easa an gradam is Fearr i Maigh Eo. Is gradaim ar fud an oileáin iad gradaim Bhlas na hÉireann a aithníonn na táirgí bí agus dí is fearr in Éirinn, agus na daoine paiseanta taobh thiar dóibh.
8. Mar chuid den chéad Lá Digiteach Náisiúnta, d'óstáil LEO Mhaigh Eo imeacht 'Digitíú le haghaidh gnóthas beag: cad é féin agus conas go bhféadtar leis brabús a mhéadú?'. Bhí saineolaithe sa spás digiteach agus cliant atá ar a gconair dhigiteach mar chuid den imeacht.

2022 IN UIMHREACHA

- Faomhadh le €499,557.30 deontais Chaipitiúil le haghaidh gnóthais chliant.
- Fuair 318 Cliant seirbhísí meantóireachta saor in aisce
- Ghlac 835 Cliant páirt i gclár oiliúna agus imeachtaí líonraithe atá fóirdheontais
- Faomhadh le 55 Dearbháin Trádála Ar Líne le luach de bhreis is €110,000
- 7 n-iarratas Microfinance Ireland éascaithe ag OFÁ Mhaigh Eo
- Rinne 7 gCuideachta Measúnú 'Lean for Micro' le Saineolaí Lean.
- Thug Saineolaí Digiteach Measúnú Tosaigh Digiteach ar 3 Chuideachta.
- Thug 6 Chuideachta faoi Chlár Green for Micro
- Ghlac 17 scoil ar fud an chontae páirt i gClár Fiontraíochta na Mac Léinn



Forbairt Eacnamaíochta

Cuireann an tAonad Forbartha Fiontraíochta & Eacnamaíochta an fhorbairt eacnamaíochta iomlán i gContae Mhaigh Eo chun cinn agus soláthraíonn sé tionscnaimh nuálacha a léiríonn go straitéiseach gur ceann scríbe maith é Maigh Eo do ghnóthais agus infheisteoirí.

2022 PRÍOMHFHORBAIRTÍ

- Tugadh tacaíocht shuntasach don iarratas ó Aerfort an Iarthair, an Cnoc don Scéim Scóipe Nuálaíochta Fiontar Réigiúnaigh. Tugadh cead do Mhaoiniúchán Indéantachta a chuirfeadh tús leis an obair ar iarratas maoinithe ar scála níos mó in 2023 chun tús a chur le forbairt tionscadail píolóta ag an Zón Forbartha Straitéiseach san aerfort.
- Chuaigh Comhairle Chontae Mhaigh Eo i gcomhpháirtíocht le Cumann Chomhlachais Tráchtála Mhaigh Eo le haghaidh roinnt tionscnamh i gcaitheamh na bliana lena n-áirítear Gradaim Ghnóthais Mhaigh Eo 2022 a bhí ar siúl i mí Aibreáin inar bhuaigh 21 gnóthas gradaim. Is é cuspóir na nGradam, atá mar chomhoibriú idir Chumann Chomhlachais Tráchtála Mhaigh Eo agus eagraíochtaí gnóthais áitiúla eile agus Chomhairle Chontae Mhaigh Eo trí OFÁ - ná barr feabhais gnóthais a aithint trí Mhaigh Eo ar fad.
- Lean an soláthar leanúnach den chlár Athbhútála, atá mar chomhoibriú réigiúnach deartha chun cabhair a thabhairt le téarnamh gnóthas faoin tuath agus fiontar sóisialta i ndiaidh na paindéime agus bristeacha eacnamaíochta bainteach leis an mBreatimeacht, a lean ar aghaidh i gcaitheamh 2022.
- Lean Gréasán Bí & Dí Mhaigh Eo ar aghaidh le hoiliúint sonrath leis an earnáil agus imeachtaí líonraithe a sholáthar i rith 2022. Sholáthair an Gréasán & an clár bainteach leis rochtain shaor agus fhurasta ar oiliúint, meantóireacht, agus tacaíochtaí eolais do ghnóthais bia agus deochanna Mhaigh Eo. San imeacht deireanach 'Cás Taispeántais Bí agus Dí Mhaigh Eo; Buail leis an gCeannaitheoir' áiríodh eochairchainteoir Artie Clifford, Bunaitheoir agus Cathaoirleach Bhlas na hÉireann, Gradaim Bhia na hÉireann, comhráite painéil agus deiseanna líonraithe.
- Mar chuid de Sheachtain Tuairimí Mhaigh Eo 2022, d'óstáil OFÁ Mhaigh Eo imeachtaí ar inbhuanaitheacht, easpórtáil, agus an t-imeacht suaitheanta 'Cas le Maigh Eo' -imeacht líonraithe gnó le gnó i ráschúrsa Bhaile an Róba ina raibh breis is 60 gnóthas agus 140 duine i láthair ar an lá.



Turasóireacht, Fiontraíocht Caitheamh Aimsire & Taitneamhachta


Díríonn an tAonad Turasóireachta, Fóillíochta agus Taitneamhachta ar cheann scríbe turasóireachta agus áineasa den scoth a bhaint amach i gContae Mhaigh Eo do thurasóirí agus do mhuintir na háite trí Ráiteas Straitéise Turasóireachta Mhaigh Eo agus Cláir Oibre.

Tá forbairt na bpiléar seo a leanas lárnach don obair seo:

- Margaíocht Cheann Scríbe
- Bonneagar & Áiseanna Ardchaighdeán
- Comhoibriú Earnála agus Pobail
- Eispéiris Den Chéad Scoth

Le linn 2022, i gcomhar le hEarnáil na Tionsclaíochta, gníomhaireachtaí agus pobail, thug Comhairle Chontae Mhaigh Eo faoi na tionscnaimh forbartha seo a leanas:

- Feachtais fhógraíochta náisiúnta agus áitiúla (Teilifís, raidió, digiteach) a chuireann príomhbhailte turasóireachta chun cinn le haghaidh lóistín agus gníomhaíochtaí faoin aer agus tarraingtí lena n-áirítear Slí an Atlantaigh Fhiáin, Cruach Phádraig, Glasbhealach Mór an Iarthair, Oileáin agus Conairí Siúil.
- Tacaíocht a thabhairt do léiriúchán RTE ar nós "Neven Maguire's Irish Greenway Trails" (Great Western Greenway) agus RTE Nationwide – (Clew Bay Bike Trail).
- Feachtas Margaíochta Ceann Scríbe lena n-áirítear gnúis naoi leathanach ar Inis Toirc agus na hOileáin ó Chuan Mó i bhfoilsíú idirnáisiúnta a bhfuil teideal aige "Ireland of the Welcomes".
- Ag leanúint ar aghaidh ag tógáil ar an oileán - eispéreas léime Chonair Rothar Chuan Mó — agus trí chomhoibriú le comhlachtaí farantóireachta tháinig seirbhís sceidealta nua a chruthaigh nasc idir Acaill, Cliara agus Rú an Átha i gcaitheamh 2022.
- Forbairt leanúnach ar Cheann Scríbe Chuan Mó agus ar Phlean Forbartha um Eispéreas Turasóireachta.
- Rannpháirtíocht in Imeachtaí Trádála Turasóireachta Idirnáisiúnta - Féile na hÉireann Milwaukee



PLEANÁIL AGUS FORBAIRT TIONSCADAL

Leanadh ar aghaidh le hoibreacha i rith 2022 maidir le 32 thionscadal caipitiúil a phleanáil agus a sholáthar lena n-áirítear na príomh-thionscadail seo a leanas:

Conair Bhaingear - Tugadh faoi feabhsuithe suntasacha le hoibreacha ar bhain feabhsuithe cosáin, áiteanna scithe agus suiteáil Chlárchosán 400m líneach leo.

Turlach - Forbraíodh pointe rochtana Glasbhealaigh i sráidbhaile Thurlaigh lena n-áirítear suiteáil droichid nua agus nasc rochtana 400 méadar de cosán dírithe ar chúrsa siúlóide agus rothaíochta.

Glasbhealach Chuan Mó - Muraisc go dtí An Bheartrach - Bhí an tógáil den Ghlasbhealach cósta nua níos mó ná 2.6km i bhfad bainteach leis an stráice seo de Chonair Chuan Mó a nascann sráidbhaile Mhurasce go dtí an Bheartrach.

Bealach Bower - Bealach Bower nua-fhorbartha 6km curtha i gcrích, a úsáideann cosán tarraingthe Bower a bhí ann cheana féin, ascaill a bhfuil crainn ar gach taobh de, a théann trasna le hais An Róba agus cuireann sé áit choillearnaí nua ag An Chríoch san áireamh. Bunaíodh tús na siúlóide nua chun rochtain ar an gconair a éascú.

Siúlóid Lúibe Mhuine Chonalláin - Tugadh faoi fheabhsuithe suntasacha maidir le Siúlóid Lúibe Mhuine Chonalláin lena n-áirítear soilsíú poiblí a shuiteáil ag tús na siúlóide agus 100m de chlárchosán thar thalamh garbh.



2022 BUAICPHOINTÍ

1. Chuir an fhoireann ag Ionad Fóillíochta Loch Chaisleán an Bharraigh fáilte roimh an Taoiseach, Mícheál Martin, san Ionad Fóillíochta i rith na bliana.
2. Forbraíodh Bealaí Nua Bataí Aclaí ag Dumha Éige, Baile Tréigthe agus ag Ráth Leacáin.
3. Bhí an chéad bhliain gan bhriseadh ag Ionad Fóillíochta Loch Chaisleán an Bharraigh ó thaobh oibríochta de ó osclaíodh é ar dtús i mí Aibreáin 2019. Bronnadh an Gradam Sárchaighdeáin ar an Ionad Fóillíochta ag Searmanas Gradaim Gníomhach Náisiúnta na hÉireann um Chaighdeán Cáilíochta don dara bliain as a chéile. Aithníodh an tIonad Fóillíochta mar Ionad Réigiúnach le haghaidh comórtas snámha ardfheidhmíochta trína raibh 4 Phríomh-chomórtas Snámha Réigiúnacha Chonnachtacha ann i mbliana mar aon le seisiúin oiliúna agus chóitseála an Acadaimh Scileanna Snámha Réigiúnach Chonnachta ag tarlú ar bhonn rialta i rith an tseisiúin.
4. Forbraíodh Eispéireas Réaltachta Fíorúla Nua Chruach Phádraig agus tá sé ar fáil le húsáid anois ag Ionad Seirbhísí Gníomhaíochta An Mhala Raithní atá lonnaithe ar Ghlasbhealach Mór an Iarthair.



2022 IN UIMHREACHA

- Tá 5km den Ghlasbhealach Nua á dtógáil ag Gob an Choire
- Forbraíodh 2.6km de Ghlasbhealach nua ag Muraisc
- Stráice 1.4km nua de Chonair na Mainistreach curtha i gcrích
- Bealach Bower 6km Nua, leathnaithe ó Bhaile an Róba — Loch Measca
- Soláthraíodh 5 Chathaoir Rothaí Trá idir Cheathrú an Uisce, An Seancheann, Dhumha Goirt & An Caol
- Tugadh maoiniúchán €30,750 faoi Chiste Rannpháirtíochta Féilte Réigiúnacha go dtí 16 fhógróirí féile.
- Leithdháileadh maoiniú €836,877 faoi ORIS le haghaidh 9 dTionscadal ina iomláine



Leathanbhanda & Aonad Forbartha Digiteach

Lean Aonad Leathanbhanda agus Forbartha Digiteach Chomhairle Chontae Mhaigh Eo ar aghaidh ag obair chun Nascacht Dhigiteach a fheabhsú sa chontae agus le cabhair a thabhairt leis an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda a roll-amach i Maigh Eo.

In 2022, chríochnaigh Leathanbhanda Náisiúnta Éireann le forbairtí líonraí i mBéal an Átha agus i gCaisleán an Bharraigh mar chuid de Phlean Leathanbhanda Náisiúnta (PLN) a roll amach.

Rochtain Dhigiteach Mhaigh Eo

- 16 Nascphointe Leathanbhanda
- 9 mBaile Wi-Fi Poiblí
- 20 Mol Chomhoibritheacha/ Dhigiteacha
- Leabharlanna Poiblí

2022 PRÍOMHTHIONSCADAIL

1. Feabhsóidh tionscadal e-Sláinte Chliara, i gcomhpháirtíocht le OÉG, Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ), FSS, Cisco, Comhairle Chontae Mhaigh Eo agus pobal Chliara bonnagar na sláinte digití chun cúram othar a fheabhsú in áiteanna tuaithe.
2. Moinithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann (FEÉ), i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Comhairle Chontae Mhaigh Eo, críochnaíodh clár OurKidsCode go rathúil i dtrí Nascphointe Leathanbhanda Mhaigh Eo - An Clochar, Both Faonáin agus Oileán Éadaí. Tá fócas an tionscadail bunaithe timpeall ar Ríomhaireacht Chruthaitheach do Theaghlaigh.
3. Críochnaíodh Tionscadal Nascmhoil Chliara in R4 2022 i gcomhpháirtíocht leis an DRCD, Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) agus Comhairle Chontae Mhaigh Eo. Tugann an tionscadal mol digiteach úrscothach don oileán a chabhraíonn leis an gciánobair agus is príomh-áisitheoir é maidir le daonra an oileáin agus lena fhás eacnamaíochta sa toadhchaí a choimeád.



Seirbhís Ealaíon Mhaigh Eo

Tá Seirbhís Ealaíona Chomhairle Chontae Mhaigh Eo freagrach as seirbhísí a phleanáil agus a sholáthar chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na n-ealaíon i Maigh Eo. Oibríonn an tseirbhís le healaíontóirí, féilte, áiteanna agus grúpaí pobail agus bhí tionchair aige ar 200,000 duine ar a laghad a bhfuil rochtain acu ar thacaíochtaí díreacha na seirbhíse (deontais, oiliúint, faisnéis) agus orthu siúd a fhreastalaíonn ar imeachtaí réamh-eagraithe nó maoinithe trí seirbhís na n-ealaíon.

2022 BUAICPHOINTÍ

1. Bhí réimsí imeachtaí faoin aer timpeall na hÉireann bainteach leis an gComhairle Ealaíon In the Open | Faoin Spéir, clár a forbraíodh mar fhreagairt don ghéarchéim COVID-19 le haghaidh 2021 & 2022. Sholáthair comhpháirtíocht áitiúil idir Sheirbhís Ealaíon Chomhairle Chontae Mhaigh Eo agus Ard-Mhúsaem na hÉireann - Saol Tíre, Ionad Ealaíon Linenhall agus Artsquad Mhaigh Eo an tionscadal FOLKLIFE. D'eagraigh Oibreacha Cultúir é Bhí cónaitheachtaí ealaíontóirí mar aon le clár ildisciplíneach d'imeachtaí agus idirghabhálacha ealaíon atá ar ardchaighdeán, ionchuimsitheach agus rannpháirteach sa chlár seo.
2. Mar chuid de Deich mBliana na gCéad Bliain Chomhairle Chontae Mhaigh Eo le haghaidh 2022, i gcomhpháirtíocht le Bailiúchán Jackie Clarke, sholáthar an tSeirbhís Ealaíon cónaitheacht 6 mhí d'ealaíontóir amhairc Shane Finan. Is cumaisc 'iarsmalainne na toadhchaí' í an obair ealaíne, An Tionól, de Thuaisceart Chontae Mhaigh Eo.
3. Cuireadh dhá chéim ar fáil den Scéim Chláraithe Feidhmíochta Beo Áitiúil in 2022 agus thug sí cabhair do tháirgeoirí, fógróirí, eagraíochtaí pobail agus ealaíon bunaithe i Maigh Eo agus suíomhanna chun tacaíocht a thabhairt do léirithe beo i Maigh Eo.
4. An Cuireadh Comhoibrithe: Ealaín sa tionscadal comhpháirtíochta Tírdhreacha le hUíbh Fháilí. Lean an Chomhairle Chontae agus Amharc-Ealaíontóirí Éireann ar aghaidh in 2022. D'oibrigh na comhpháirtithe le Freagairt Stiúideo chun seimineár ar líne a eagrú agus a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar théamaí agus coincheapa bainteach leis an Ealaín sa Tírdhreach. Chinntigh breis mhaoiniúcháin breis tacaíochta ón gComhairle Ealaíon chun tacaíocht a thabhairt do dhá choimisiún ealaíontóirí agus imeacht scoil scairte a bheidh ar siúl in 2023. Cuireadh an tionscadal i gClár Seimineár maidir le Tábhacht Áiteanna na Comhairle Ealaíon

2022 IN UIMHREACHA

- D'eagraigh an tSeirbhís Ealaíon 163 imeacht (ar líne agus i láthair go pearsanta in 2022 a sholáthair fostaíocht le haghaidh 111 ealaíontóirí.
- Thug Artsquad Mhaigh Eo tacaíocht do 15 grúpa, fhéile agus eagraíocht sa tír le déantús prapaí, dearadh feisteas agus tacaíocht cheardlainne.
- Ghlac nach mór 1800 duine fásta páirt inár gClár Ealaíon & Daoine Fásta — lena n-áirítear an clár bliantúil Bealtaine.
- Ghlac 139 duine páirt (ar líne agus i láthair go pearsanta) leis an gClár Forbartha Gairmiúil.
- Thug Film Mayo cabhair do 26 léiriúchán le heolas agus comhairle in 2022.
- Mar chuid de In the Open, tugadh tacaíocht do 83 ealaíontóirí agus 11 ealaíontóirí ealaíne chun léiriúchán a chur faoin aer le haghaidh lucht féachana de bhreis is 450 duine.
- Bhí breis is 49,000 éisteoirí ag Lá Filíochta na hÉireann, i gcomhpháirtíocht le Raidió an Iarthair Láir
- Ghlac 28 ionad páirt le hOíche Chultúir 2022, le breis is 6,000 duine ar líne agus beo le haghaidh chlár na hoíche a bhí éagsúil i dtaobh an chultúir de.
- Soláthraíodh maoiniúchán comhpháirtíochta ionaid de €143,500 san iomlán go dtí 6 láthair ealaíne. Idir na hionaid seo ar fad, bhí lucht éisteachta, idir na cinn ar líne agus na fíorchinn, de nach mór 87,000 ar a gclár agus á n-imeachtaí.
- Soláthraíodh 35 Sparánacht Ealaíontóra Mhaigh Eo; 2 Sparánacht ó Chomhlachas Drámaíochta na hÉireann, 3 Sparánacht Réigiúnach Tyrone Guthrie, 2 Sparánacht Drámaíocht Óige, 1 Ghaisce ón gClár Meantóireachta Náisiúnta, Ghaisce Deis 31, 6 Ghaisce UPSTART Ealaíon & Míchumais, 28 Deontas Oíche Chultúir agus 12 dheontas le haghaidh Féilte agus Imeachtaí Ealaíne rite ag an bpobal trí Dheontais an Achta Ealaíon.
- Thug an Scéim Léiriúcháin Cláraithe Áitiúil Bheo tacaíocht do 55 imeacht, ag soláthar fostaíochta do 365 taibheoirí agus 203 duine proifisiúnta in earnáil na n-imeachtaí beo sa chontae le lucht éisteachta de bhreis is 10,000 duine.



Leabharlann Chontae Mhaigh Eo

Meallann leabharlanna Mhaigh Eo thart ar 480,000 duine gach bliain. Le clár cultúrtha fairsing, óstálann leabharlanna Mhaigh Eo breis is 350 imeacht gach bliain, lena n-áirítear réimse leathan imeachtaí do pháistí, ag cur deireadh leo le Féile na Leabhar Páistí i mí Dheireadh Fómhair a ritheann thar mhí iomlán.

2022 BUAICPHOINTÍ

1. Fuair gach páiste i Mhaigh Eo a thosaigh ar scoil i mí Meán Fómhair Mála Leabhar Naíonra Leabharlainne, lena n-áirítear scéalta faoi thosú scoile, leideanna agus treoirlínte le haghaidh tuismitheoirí, agus sparán le haghaidh a gcárta leabharlainne. Moladh do gach páiste ballraíocht a ghlacadh sa leabharlann, chun grá saoil a fhorbairt don léitheoireacht. Tugadh breis is 1,400 mála amach agus chláraigh nach mór 800 páistí dá gcéad chárta leabharlainne.
2. Bhí éileamh mór leanúnach ar an Mol Céadfach Cubbie i gCaisleán an Bharraigh do dhaoine le riachtanais speisialta, ó ghrúpaí teaghlach agus ranganna. Chomh maith leis sin, lainseáil an tAire Dara Calleary, TD, Mol Céadfach Cubbie i Leabharlann Bhéal Átha na Muice agus lainseáil Mark Duffy, Cathaoirleach Cheantar Bardasach Bhéal an Átha Seomra Céadfach i leabharlann Bhéal an Átha go hoifigiúil.
3. Reáchtáladh ceardlanna scríbhneoireachta Fighting Words do dhéagóirí go míosúil i leabharlann Chaisleán an Bharraigh.
4. Reáchtáladh comhpháirtíocht Time to Read le Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig i gCaisleán an Bharraigh in éineacht le 11 bhall foirne den chomhairle a chuaigh ag obair go deonach chun píosa léitheoireachta a dhéanamh le daltaí ó rang a dó gach seachtain.
5. Chuir Leabharlann Chontae Mhaigh Eo fáilte roimh ár gcairde Úcránacha i gcaitheamh na bliana trí leabhair, rochtain idirlín, agus níos tábhachtaí fós trí spás teolaí agus sábháilte a chur ar fáil.
6. D'fhreastail Seó Bóthair Aois Cheoil ar leabharlanna Bhéal an Átha agus Bhéal an Mhuirthead agus fuair breis is 60 páistí deis triail a bhaint as uirlisí ceoil difriúla.
7. Tosaíodh clár chun suíomh reilige leabharlann Chlár Chlainne Mhuiris a athbhunú.

8. Rolladh amach Scéim Dheontais Phobal Cruthaitheachta na hÉireann ar fud an chontae le maoiniú tugtha do bhreis is 30 grúpa agus pobal.
9. Bhí cainteanna agus imeachtaí ar siúl i leabharlanna mar chuid d'Éirinn Sláintiúil ag an gclár Do Leabharlann a dhéanann iarracht sláinte, folláine, agus caighdeán saoil pobal agus daoine aonair a fheabhsú.
10. Chonaic comhpháirtíocht idir Leabharlann Mhaigh Eo agus an FSS ag Ospidéal na hOllscoile Mhaigh Eo roinnt teideal leabharlainne de chuid Éireann Sláintiúil i bhforhalla an ospidéil, ag cur fáilte roimh chuairteoirí 'breathnú timpeall anseo agus leabhair a thógáil amach ar iasacht ón leabharlann.'
11. Rolladh amach clár Dheich mBliana an Chéid agus cuireadh clabhsúr leis an seimineár mór bunaithe ar an gCogadh Cathartha i mí Dheireadh Fómhair.



BAILIÚCHÁN SHEÁIN UÍ CHLÉIRIGH

Ceiliúradh 10 mbliana den Gharraí Daingean le lá oscailte ceoil, sorcais agus imeachtaí oidhreachta. Foilsíodh Leabhrán ar Chogadh na Saoirse ar an gcogadh i Maigh Eo.

Chruthaigh Shane Finan, ealaíontóir cónaithe do Dheich mBliana an Chéid, tionscadal bunaithe ar earraí ón mbailiúchán a lainseáladh i mí na Samhna.

D'oscail Cllr Seamus Weir taispeántas de bhunrudaí a bhí bainteach leis an gCogadh Cathartha go hoifigiúil ag Bailiúchán Sheáin Uí Chléirigh.

2022 IN UIMHREACHA

- Tógadh nach mór 400,000 leabhar amach ar iasacht ó Leabharlanna Mhaigh Eo in 2022.
- Dáileadh 235 Mála Beag Leabharlainne de leabhair go dtí naíonraí agus saoráidí cúram leanaí iarscoile óna mbrainse leabharlainne is giorra.
- Léigh 1432 páistí 5,979 leabhar mar chuid den chlár Réaltaí an tSamhraidh.
- Tugadh 492 uirlis cheoil ar iasacht i rith na bliana trí Scéim Uirlisí Ceoil ar Iasacht.
- D'fhreastail nach mór 2,000 páistí ar 64 imeacht a réachtáladh ar fud chontae Mhaigh Eo le húdair, maisitheoirí agus scéalaithe le linn Fhéile Leabhar na Leanaí.
- D'fhreastail breis is 500 daltaí ar imeachtaí ar fud an chontae mar chuid d'Fhéile na Cruthaitheachta Chruinniú na nÓg i mí an Mheithimh
- 27,372 cuairteoirí go dtí Bailiúchán Sheáin Uí Chléirigh in 2022





Béal an Átha

04

TITHÍOCHT, BÓITHRE AGUS FORBAIRT SEIRBHÍSÍ

SA ROINN SEO

Tithíocht

Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre

Ailtirí

Oifig oidhreachta mhaigh eo

Aonad Soláthair agus Athbhreithniú Éifeachtúlachta



Tithíocht

Ba bhliain ghnóthach í 2022 do Rannóg na Tithíochta i gComhairle Chontae Mhaigh Eo. Is timpeallacht dhúshlánach fós í réitigh thimpeallachta a sholáthar, ach bhí Comhairle Chontae Mhaigh Eo réamhghníomhach maidir le lóistín ardchaighdeán a sholáthar, le maoiniú suntasach á chur ar fáil chun na réitigh seo a sholáthar. Tháinig an tithíocht a thóg Comhairle Chontae Mhaigh Eo chomh fada leis na caighdeáin náisiúnta ab airde in 2022.

Fógraíodh Clár Nua Tithíochta 'Tithíocht do Chách' 2022-2026 in 2021 agus tá sprioc de 730 teach shóisialta nua ag Comhairle Chontae Mhaigh Eo. Chuir Comhairle Chontae Mhaigh Eo isteach ar Phlean Feidhmithe faoi bhráid na Roinne a dhéanann cur síos ar conas a bhainfear na spriocanna seo amach.

Ba iad seo a leanas na príomh-áiteanna oibre don tSeirbhís Tithíochta in 2022:

- | | |
|---|--|
| <ul style="list-style-type: none"> • Clár Caipitiúil 2022-2026 'Tithíocht do Chách' • Anailís ar Mhargadh na Tithíochta le haghaidh Scéim Tithíochta Inacmhainne • Tabhairt isteach Oifigigh do Thithe Folmha agus scéim chuí • Achoimre ar Mheasúnuithe ar Thithíocht Shóisialta 2022 • Bainistíocht den Íocaíocht Cúnamh Tithíochta (HAP). Scéim Cóiríochta Cíos (SCC), Scéim Léasaithe Shóisialta (SLS) • Feidhmiú agus Bainistíocht na dtrí Scéim Deontais Tithíochta • Morgáiste go Cíos • Riarachán den Choincreit Lochtach Scéimeanna Bloc | <ul style="list-style-type: none"> • Athbhreithniú agus forbairt Bheartas Tithíochta • Riarachán na Scéimeanna Ceannacháin agus Athnuachana agus Deisiúcháin & Léasaithe • Forbairt agus feidhmiú an Tionscnaimh Housing First. • Scéim Iasachta Tithíochta de chuid Atógáil na hÉireann • Bainistíocht agus athchóiriú ar an stoc tithíochta • Cur chun feidhme an Chláir um Chóiríocht Don Lucht Siúil 2019-2024 • Daoine gan Dídean/ Cothabháil Tionóntachta • Athrú Iasachtaí Atógáil Éireann go dtí Iasachtaí Tí Údaráis Áitiúil • Monatóireacht agus cothabháil ar an suíomh gréasáin Vacanhomes.ie |
|---|--|

2022 IN UIMHREACHA

- Cuireadh 367 réiteach tithíochta ar fáil in 2022 lena n-áirítear 91 teach nua.
- Thug SCC agus ÍCT tacaíocht do 1,986 teaghlach faoi dheireadh 2022.
- Tugadh tacaíocht do 374 teaghlach faoin gclár Léasaithe i gContae Mhaigh Eo faoi dheireadh 2022.
- Ba é 134 líon na ndaoine a léiríodh gan dídean in 2022.
- Fuarthas agus faomhadh le 8 n-iarratas Morgáiste go dtí Cíos i rith 2022. Faomhadh le 38 cás Morgáiste go dtí Cíos faoi dheireadh 2022.
- Ceapadh 4 dhuine aonair ina dtionóntaí agus a fuair seirbhísí timhillteacha faoin gClár Tithíocht ar dTús 2022.
- 181 ráiteas spéise i nDeisiú agus Léasú agus síníodh 5 Chomhaontú.
- 282 ráiteas spéise faoi Chroí Cónaithe agus 41 iarratas in 2022.
- Cláraíodh agus rinneadh athbhreithniú agus fiosrú ar 248 réadmhaoín dhíomhaoín in 2022.
- Rinneadh athbhreithniú ar 258 láthair ar Chlár na Láithreán Tréigthe agus rinneadh fiosrú le gach úinéir réadmhaoine.
- Fuarthas 84 iarratas Chéim 1 in 2022 le 181 faofa. Fuarthas 38 n-iarratas Chéim 2 inar faomhadh le 36. Cuireadh 3 thigh i gcrích in 2022.



CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

Is é an riachtanas cóiríochta réamh-mheasta sa Phlean Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024 ná 100 aonad.

- 29 n-aonad i gCeantar Bardasach Bhéal an Átha
- 30 aonad i gCeantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh
- 36 aonad i gCeantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris agus Bhéal Átha na Muice
- 4 aonad i gCeantar Bardasach Chathair na Mart agus Bhéal an Mhuirthead

Baineadh 83% de na Spriocanna amach sa Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024.



Iompar & Sábháilteacht Bóithre

Cuireann córas iompair bóthair éifeachtúil an bonneagar riachtanach ar fáil chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta an réigiúin. Lean Comhairle Contae Mhaigh Eo ar aghaidh sa bhliain 2022 leis an ról geilleagar an chontae a thacú trí chothabháil a dhéanamh ar an líonra bóthair agus é a fheabhsú ar fud an chontae.

2022 BUAICPHOINTÍ

- Rinneadh Bóithre Náisiúnta a dhearadh, Conraitheoirí a sholáthar agus maoirseacht ar sheacht gConradh Forleagain Cosáin ina leith, agus luach iomlán os cionn €6,600,000 air.
- Cuireadh Dhá Scéim Cothabháil Chaipitil ar Bhóithre Náisiúnta - N59 Cuarbhóthar Bhéal an Átha ar chostas €240,000.00 agus N59 Bóthar Bhaile Uí Fhiacháin Cathair na Mart €200,000.00.
- Aithníonn TII suíomhanna ina mbíonn timpistí go minic ar ár mBóithre Náisiúnta le Comhairle Contae Mhaigh Eo chun bearta sábháilteachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm. Sábháilteacht ar Chostas Íseal Rinneadh Beartais Feabhais ar 10 scéim a bhainistiú sa bhliain 2022 ag an Oifig Deartha Bóthair. Tá na scéimeanna seo ag dul ar aghaidh agus leanfar ar aghaidh leo sa bhliain 2023.
- Bhí oibreanna deartha ag dul ar aghaidh ar roinnt scéimeanna le linn na bliana 2022, lena n-áirítear: R332 Cill Mheáin go Sonnach agus Bóthar Faosimh Chonga faoi Scéimeanna Straitéiseacha Réigiúnacha agus Bóithre Áitiúla a bhfuil luach €250,000 orthu; R312 Gleann Aoláin Céim 2, R313 Gleann Chaisil agus R315 Leathardáin – Crois Mhaoilíona faoi Scéimeanna Deontais Feabhsúcháin ar Leith a bhfuil luach €1.38 milliún orthu.
- Rinneadh 9 ndroichead a athchóiriú/a fheabhsú, agus ullmhaíodh conradh droichid le haghaidh oibreanna athchóirithe ar Dhroichead Acla. B'ionann an caiteachas iomlán sa bhliain 2022 agus €332,883.

2022 IN UIMHREACHA

- Bhain 15 ball foirne leas as an scéim Rothaíochta chun na hoibre in 2022, rud a chur lón iomlán na rannpháirtithe go dtí 618.
- Caitheadh €130,163,710 ar rúdbhealaí a chothabháil agus a fheabhsú faoi stiúir Chomhairle Chontae Mhaigh Eo. €90,179,793 ar Bhóithre Náisiúnta Príomhúla & Tánaisteacha. €39,983,917 ar bhóithre Réigiúnacha & Áitiúla.
- Bhí 6,615km de ghréasán bóithre poiblí i gContae Mhaigh Eo, lena n-áirítear 133km de Phríomhbhóithre Náisiúnta, 266km de Bhóithre Tánaisteacha Náisiúnta, 622km de Bhóithre Réigiúnacha agus 5,594km de bhóithre Áitiúla.

TIONSCADAIL BHÓTHAIR AR PHRÍOMHBHEALACH NÁISIÚNTA A CUIREADH CHUN CINN IN 2022

Tionscadal N5 Chathair na Mart go dtí Bóthar Thurlaigh	Chuir comhfhiontar Wills BAM tógáil an N5 chun cinn ar na bealaí iomadúla seo a leanas: Glanadh Láithreáin & Stráice Barrithreach 100%, Oibreanna Créafóige 98%, Draenáil & Fónais 85%, Struchtúir 95%, Oibreanna Lóistín 60%, Pábháil 90%, Bacainní Sábháilteachta & Comharthaí Tráichta 40%, Soilsiú Poiblí 70%, Tírdhreachú 30%. Cuireadh clabhsúr le hidirbheartaíochtaí le húinéirí talún a bheag nó a mhór agus ceaptar go mbeidh an tionscadal críochnaithe a bheag nó a mhór i rith R2 2023
Acomhal N17 & R320 ag An Lios Dubh	Chuir BAM Civil Limited tógáil an N17/R320 chun cinn ar na bealaí iomadúla seo a leanas: Glanadh Láithreáin & Stráice Barrithreach 100%, Oibreanna Créafóige 90%, Draenáil & Fónais 80%, Struchtúir 90%, Oibreanna Lóistín 75%, Pábháil 70%, Bacainní Sábháilteachta & Comharthaí Tráichta 10%, Soilsiú Poiblí 50%. Tá idirbheartaíochtaí le húinéirí talún fós ag dul ar aghaidh agus ceaptar go mbeidh an tionscadal críochnaithe a bheag nó a mhór le linn R1 2023.
N26 Athailíniú ag Droichead Chluain Gallán	Le linn na bliana 2022, chuir BAM Civil Limited na hoibreanna a bhí fós le déanamh i gcrích agus osclaíodh an bóthar agus an droichead go hoifigiúil ar an 13 Deireadh Fómhair 2022.
N26 Seachbhóthar Bhéal an Átha Céim 1	Chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo an réamhdhearadh agus an mheasúnacht timpeallachta i gcrích ar 6 rogha slí roimh chomhairliúchán poiblí ar na roghanna ar an ngearrliosta i mí Mheán Fómhair 2022.
N26 Béal Easa go an Droim Riabhach	D'ullmhaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo Tuarascáil Straitéiseach Measúnachta an tionscadail agus cuireadh isteach é faoi bhráid Bonneagar Iompair Éireann. Faomhadh an SAR. D'ullmhaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo Plean Forfheidhmithe Tionscadail agus Tuarascáil Féidearthachta an tionscadail i ndiaidh sin agus cuireadh isteach é faoi bhráid BIÉ.
N58 Seachbhóthar Bhéal Easa	D'ullmhaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo Tuarascáil Straitéiseach Measúnachta an tionscadail agus cuireadh isteach é faoi bhráid Bonneagar Iompair Éireann.
Tionscadal Bóthair N17 An Cnoc go Cúil Mhuine	Rinneadh measúnachtaí timpeallachta, eacnamaíoch agus innealtóireachta ar Roghanna Slí Indéanta le linn na bliana. Táthar ag súil go roghnófar an tslí tosaíochta i R2 2023. Shinigh Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Comhairle Contae Shligigh Comhaontú Cuid 85 ag tabhairt an príomhról údarais do Chomhairle Contae Shligigh agus ról tacaíochta á thabhairt ag Comhairle Contae Mhaigh Eo.

CHUAIGH TIONSCADAIL BHÓTHAIR AR BHEALACH NÁISIÚNTA TÁNAISTEACH CHUN CINN SA BHLIAIN 2022

<p>Tionscadal N59 Cathair na Mart go Bóthar na Mala Raithní</p>	<p>Is éard atá i gceist leis an tionscadal seo ná tionscadal uileghabhálach a chlúdaíonn an t-uasghrádú líne 29km ar an N59 idir Cathair na Mart agus an Mhala Raithní atá beartaithe le cur i gcrích i sraith chodanna. Tá an chuid 3km den N59 ag Cill Bhríde críochnaithe, cuireadh an chuid 2km ag castaí Ros Abha i gcrích sa bhliain 2018 agus cuireadh an chuid 3km ag Cill Mhíona i gcrích sa bhliain 2020. Tá an Chuid 2km ag Cnoc na hEorna á tógáil agus cuirfear i gcrích é i R2 2023 mar chuid de Thionscadal N5 Cathair na Mart go Bóthar Thurlaigh.</p> <p>Chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo dearadh mionsonraithe den chéad chéim eile d'uasghrádú an N59 chun cinn idir Baile Uí Fhiacháin agus Doire Fhada. Chuaigh dearadh mionsonraithe an tionscadail agus ullmhúchán na gcáipéisí conartha chun cinn i gcaitheamh 2022. Is é an cuspóir atá ann ná go mbeidh an tionscadal réidh le tús a chur le conradh tógála a sholáthar i R2 2023, faoi réir fhaomhadh BIÉ.</p> <p>Is beag dul chun cinn a tharla le linn 2022 ar dhearadh mionsonraithe an N59 idir An Pháirc Nua agus Doire Fhada.</p>
<p>N60 Cnoc na mBuachalán Theas</p>	<p>Cuireadh 95% d'idirbheartaíocht úinéara talún i gcrích. Síníodh conradh idir Chomhairle Chontae Mhaigh Eo agus P&D Lydon ar an 3ú Samhain 2022. Cuireadh an conraitheoir i bhfeidhm ar an láthair agus thosaigh sé le fáil, draenáil agus le compún láithreach a bhunú. Is é an 8 Lúnasa 2024 an dáta a mbeidh críoch suntasach ann.</p>
<p>N60 Cros Mhaigh Nulla</p>	<p>Thug Comhairle Chontae Mhaigh Eo faoin réamhdhearadh agus an measúnú timpeallachta ar roghanna bealaigh agus rinne sí measúnú ar uasghrádú acomhail an N60 Balla Mart agus Lios Muilinn. Tá sé beartaithe an Bealach Tosaíochta a fhoilsiú le linn R1 2023.</p>



TIONSCADAIL TAISTIL GHNÍOMHACHA A CHUAIGH CHUN CINN SA BHLIAIN 2022

<p>N60 Taisteal Gníomhach Bhréachmhaí agus Beartais Sábháilteachta</p>	<p>I ndiaidh chríochnú an dearaidh ábhartha agus na measúnuithe/scagthástálacha timpeallachta, d'fhoilsigh Comhairle Chontae Mhaigh Eo Cuid 8 den tionscadal ar an 28ú Meán Fómhair 2022. Ba é an 23ú Samhain 2022 an dáta deiridh chun aighneacht a chur isteach. Déanfaidh Comhairle Chontae Mhaigh Eo iarratas Cuid 8 a bhreithniú i R1 2023.</p>
<p>Taisteal Gníomhach N60 Cnoc na mBuachalán Theas go Balla</p>	<p>Rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo Staidéar Srianta i mí Eanáir 2022. Ina dhiaidh sin, thug Comhairle Chontae Mhaigh Eo faoi mheasúnuithe timpeallachta ar an limistéar i gcomhar leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus thug sí faoi mheasúnú struchtúrach den tóchar N60. Cuirfidh sé seo in iúl na roghanna taistil ghníomhacha a bheidh le foilsiú agus a bheidh le breithniú ag an bpobal i R1 2023.</p>
<p>Taisteal Gníomhach ÚNI 2022</p>	<p>D'infheistigh Comhairle Chontae Mhaigh Eo €4,444,975 i dtionscadail Taistil Ghníomhacha le haghaidh 2022. Ar an iomlán, rinneadh infheistíocht i 45 tionscadal Taisteal Gníomhach ar fud an chontae.</p> <p>Tá na tionscadail comhdhéanta go príomha de na nithe seo a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Trasrianta Coisithe. • Cosáin Nua/Fada agus Feabhsuithe Cosáin. • Trasrianta Coisithe agus Tréscailteacht Scagtha • Bealaí rothar. • Forbairt Phleananna Iompair Áitiúil le haghaidh Bhaile an Átha, Chaisleán an Bharraigh agus Chathair na Mart.



TIONSCADAIL GLASBHEALAIGH AG DUL CHUN CINN SA BHLIAIN 2022

<p>Glasbhealach Mór an Iarthair Bhaile Uí Fhiacháin</p>	<p>Rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo Staidéar Srianta i mí Bealtaine 2022. Ina dhiaidh sin, thug Comhairle Chontae Mhaigh Eo faoi na measúnuithe teicniúla agus timpeallachta agus chuaigh siad i gcomhar le húinéirí talún sular foilsíodh roghanna an ghlásbhealaigh an 14 Nollaig 2022.</p>
<p>Glasbhealach Idiruirbeach Bhéal an Átha Chaisleán an Bharraigh Chathair na Mart</p>	<p>Thosaigh Comhairle Chontae Mhaigh Eo le comhairleoir a sholáthar a thabharfaidh faoi luacháil straitéiseach ar an tionscadal le linn 2023.</p>
<p>Glasbhealach Chuan Mó Bhéal an Chláir go dtí Muraisc</p>	<p>Thosaigh Comhairle Chontae Mhaigh Eo le comhairleoir a sholáthar chun comhairle agus tacaíocht teicniúil agus timpeallachta agus sholáthar. An coimisiún seo atá le fáil i R1 2023.</p>



Ailtirí

Cuimsíonn Roinn na nAiltirí réimse mór saineolais theicniúil inmheánaigh lena n-áirítear ailtirí, teicneoirí ailtireachta agus sibhialta, gairneoirí, clérigh saothar agus foireann chléireachais atá lonnaithe fud fad an Chontae.

Dearann agus soláthraíonn Roinn na nAiltirí scéimeanna tithíochta sóisialta nua agus tionscadail Cathartha agus Caomhnaithe tábhachtacha eile ar fud an chontae. Chonacthas sa bhliain 2022 áitíocht na scéimeanna tithíochta nua ag Deel Court agus The Boreen Crois Mhaoilíona, Maigh Ghamhnach, Lios Coillín, Maolla, agus Baile Chathail; tógáil scéimeanna tithíochta ar an láthair ag Lios na Circe Caisleán an Bharraigh, Rehins Fort Béal an Átha, Bóthar an Mhachaire Gailf Cathair na Mart, Coillte Mach; agus scéimeanna eile ar cuireadh isteach orthu le haghaidh cead pleanála fud fad an chontae.

Sa bhliain 2022, chuaigh tógáil na dTionscadal Sibhialta tábhachtach chun cinn ar an láthair amhail Stáisiún Dóiteáin Chrois Mhaoilíona, Ionad Traenála Réigiúnaigh Faoin Aer agus Ionad Mary Robinson, mar aon le críoch a chur ar ath-thilíú Linn Snámha Chlár Chlainne Mhuiris.

Sna Ceantair Bhardasacha, tá na foirne Ailtireachta ag dul chun cinn ag Tionscnamh Chroí-Athghníomhaithe agus Athghníúna Stairiúil Chaisleán an Bharraigh, tionscadal Fís Phobail Bhéal Átha hAmhnais, tionscadal Athghníúna Bhaile Uí Fhiacháin agus An Cheathrú Nuálaíochta i mBéal an Átha.

Déanann Roinn na nAiltirí bainistiú agus cothabháil ar thailte Turlough Park House, agus coimeádann siad cuma úrnua air le stádas brataí glaise.

2022 BUAICPHOINTÍ

1. Tionscnamh na mBailte Stairiúla 2022: Fuarthas maoiniú de €160K le haghaidh oibreacha Caomhnaithe Ailtireachta ar Belleek Gate Lodge i mBéal an Átha.
2. Scéim Infheistíochta Oidhreachta Tógtha & Maoiniú Struchtúr Stairiúil 2022: Rinneadh bainistíocht tionscadail ar oibreacha Caomhnaithe Ailtireachta i roinnt áiteanna éagsúla lena n-áirítear: Bridge House, Cathair na Mart, Scoil Náisiúnta Eaglais na hÉireann Bhéal an Átha & Séipéal Preispitéireach Bhéal an Átha Lighthouse Keeper's

Cottage, An Baile Glas, Creagh House & Robe Villa Baile an Róba, Ráithíní Oibilisc, Ráithíní, agus Eaglais Naomh Séarlas an Mairtíreach i Maolla.

3. Fuarthas maoiniú ón IRAÉ Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann don Ailtireacht ag an Edge Festival 2022. Dírionn an fhéile idirchontae ar rannpháirtíocht a spreagadh lenár dtimpeallacht tógtha agus le bealaí smaointeoireachta nua a ghríosú i dtaobh na hailtíreachta.
4. Fuarthas maoiniú le go leanfaidh oibreacha ar aghaidh ag Leabharlann Bhaile an Róba agus Bowers Walk, Baile an Róba faoin gCiste um Athghníúint agus Forbairt Tuaithe (CAFT).

PÁIRCEANNA

2022:

- Oscailt Pháirc Choillearnaí Martin Neary, Baile Chathail.
- Soláthar tionscadal na Beithe Buí Móire i mBéal an Mhuirthead.
- An léarscáiliú agus cóireáil leanúnach fud fad an chontae de speicis ionracha.
- 650 crann a chur le linn Sheachtain na gCrann.
- Soláthar na Scéime nuálaí um Ghairdíní Uirbeacha Inbhuanaithe in Greenhills, Béal an Átha i gcomhar leis an bpobal áitiúil agus le scoláirí ó St. Muredach's College.
- Tabhairt isteach na haipse iniúchta ar áiseanna áiteanna súgartha do na 4 Cheantar Bhardasacha agus forbairt na Dréacht-Straitéise Súgartha agus Fóillíochta don Chontae.
- An soláthar d'áit súgartha nua d'Inis Toirc, leis an athchóiriú ar áiteanna súgartha atá ann cheana féin ag Sandy Banks, An Caol agus Loch Chaisleán an Bharraigh, fad a chonaic Ceathrú Thaidhg an suiteáil de limistéar cluichí ilúsáide nua (MUGA) agus rothaí cábla.

2022 IN UIMHREACHA

- Cuireadh 39,000 crann i bPáirc Martin Neary Baile an tSiarlaigh.
- 12 Tionscadail Chaomhnaithe Ailtireachta a cuireadh i gcrích ar fud an chontae.
- 11 láthair tógála ghníomhacha trasna na tíre a sholáthraíonn Foirgnimh Chathartha, Réimse Poiblí agus Tithíocht.



Oifig Oidhreachta

Oibríonn an Oifig Oidhreachta le pobail, daoine aonair, institiúidí tríú leibhéal agus gníomhaireachtaí eile chun feasacht, suim, faisnéis, bród agus caomhnú oidhreachta tógtha, nádúrtha agus chultúrtha an chontae a chur chun cinn.

2022 BUAICPHOINTÍ

1. Is láithreáin oidhreachta, cultúrtha agus creidimh iad toibreacha beannaithe. Déantar taifead ar 146 tobar beannaithe i Maigh Eo i Suirbhé Seandálaíochta na hÉireann. Cuimsíonn céim 1 de Thionscadal Toibreacha Beannaithe Mhaigh Eo, ar tugadh faoi sa bhliain 2022, iniúchadh ar fhoinsí cáipéiseacha agus comhairliúchán le grúpaí staire áitiúil agus oidhreachta, thar an suirbhé allamuigh de 75 tobar beannaithe.
2. Tá 12 chloch oghaim taifeadta ó Mhaigh Eo ann. Chun feasacht agus rannpháirtíocht a mhéadú i leith na séadchomharthaí seo, tugadh faoi eitseálacha 2T, taifeadadh 3T, agus cáipéisíocht dhigiteach de na clocha seo agus lena n-inscribhinní sa bhliain 2022 mar chuid de Thionscadal Ogham Mhaigh Eo.
3. Ba é Plandaí Bogaigh Mhaigh Eo an téama a roghnaíodh d'Fhéilire Oidhreachta Mhaigh Eo 2022. Tá íomhánna agus eolas san fhéilire ar roinnt plandaí a fuarthas i ngnáthóga bogaigh Mhaigh Eo.
4. D'eagraigh grúpaí agus oibríthe deonacha 80 imeacht a rinne ceiliúradh ar oidhreachta nádúrtha, tógtha agus chultúrtha Mhaigh Eo le haghaidh Seachtain na hOidhreachta Náisiúnta 2022.

Áirítear le príomhthionscadail a rinneadh sa bhliain 2022:

- I ndiaidh suirbhé speiceas ionrach idir Caisleán an Bharraigh agus Glasbhealach Thurlaigh agus Plean Bainistíochta a ullmhú, tosaíodh clár 3 bliana le haghaidh Rialú Balsam Himiléach sa bhliain 2022 feadh na slí.

- Tugadh tacaíocht do 13 Grúpa Pobail chun tabhairt faoi thionscadail oidhreachta áitiúla le maoiniú ó Scéim Deontais Oidhreachta Pobail Chomhairle Chontae Mhaigh Eo.
- Foilsíodh Plean Bithéagsúlachta Bhéal an Átha
- Thosaigh Athbhreithniú ar Phlean Oidhreachta Chontae Mhaigh Eo.
- Tacaíodh le Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Mhaigh Eo.
- Ullmhaíodh Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht le haghaidh Campas CLG MacHale Park.
- Píolótaíodh Tionscadal Innilté Reilige do Sheanghabhar na hÉireann ag reilig Chlár Chlainne Mhuiris, chun bainistíocht fhásra a chur in iúl ag láithreacha Séadchomharthaí Taifeadta.
- Ullmhaíodh Pleananna Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht le haghaidh Cumann Peile Bhaile Chaisleán an Bharraigh agus Champas an Líonra Fhoghlama Náisiúnta, Caisleán an Bharraigh.
- Áiríodh clár feasachta maidir leis an mbithéagsúlacht agus imeachtaí eolais sa bhliain 2022 — Siúlóid Choille ag Coill na Ráithíní; Ceardlann do Thosaitheoirí maidir le Snáthaidí Móra agus Béchuileanna, i gcomhar leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta agus Coiste na mBailte Slachtmhara Bhaile na Cora; Ceardlann ar Bithéagsúlacht a bhainistiú ar Thailte Spóirt do chlubanna CLG Mhaigh Eo. caint ar chaomhnú Swift i gcomhar le Swift Conservation Mayo; Ceardlann ar Choillearnach agus Pailneoirí a Thaiscéaladh.
- Ceiliúradh críoch an tSuirbhé Nua ar Chliara, tionscadal taighde ildisciplíneach uathúil de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann agus a ndearna Comhairle Chontae Mhaigh Eo urraíocht air, le cur i láthair foirmeálta ar na 11 imleabhar Suirbhé do phobal Chliara i mí Mheán Fómhair.





Tionscadal Taifeadta Píolótach Ainmneacha Páirce Mhaigh Eo

Fágadh ainmneacha páirce mar oidhreacht againn thar na glúnta agus is cuid luachmhar dár n-oidhreacht áitiúil iad a dhéanann cur síos ar thopagrafaíocht agus lonnaíocht pobal áitiúil. Le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta, tugadh faoi thionscadal píolótach le pobail Chluain Cearbhán, Oireadh, Chill Mobhí agus Chrois Mhaoilfona chun ainmneacha a bpáirceanna a thaifeadadh, agus chun infreastruchtúr a chur i bhfeidhm chun ainmneacha páirceanna a thaifeadadh.



Clár Oibreaca Caomhnaithe ar Shéadchomharthaí Náisiúnta agus Taifeadta

Fuarthas maoiniú ó Chiste na Séadchomharthaí Pobail 2022 le tabhairt faoi chlár oibreaca caomhnaithe ar láithreáin seandálaíochta agus cultúir oidhreachta suntasacha. Tugadh faoi oibreaca, a chuir Pleananna Caomhnaithe agus Bainistíochta in iúl, ag Mainistir Chill Ghaobhair, Cluain Cearbán, Séipéal Chill tSéine, Baingear, Séipéal agus Reilig Bhéal Átha hÉin agus ag Mainistir na Cille, Sruthair.



Tionscadal Bogach Mhaigh Eo

Cuireadh bunachar de bhogaigh Mhaigh Eo le chéile, a liostaigh breis is 1170 suíomh agus léarscáilíodh teorainneacha na suíomhanna ag baint úsáide as tuarascálacha foilsithe agus tacaí shonraí reatha. Tabharfar faoi staidéar sonrach agus suirbhé allamuigh eile ar rogha de na suíomhanna seo ar bhonn céimíúil thar 3 bliana. Sa bhliain 2022, rinneadh suirbhé ar 30 láithreán i gCeantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris-Béal Átha na Muice.



Tionscadal Leigheasanna agus Leighis Thraidisiúnta Mhaigh Eo

Tharraing Tionscadal Leigheasanna agus Leighis Thraidisiúnta Mhaigh Eo, ar thug Cruthaitheacht Éireann tacaíocht dó, ar na cartlanna saibhre de chuid Bailiúchán Béaloidis Náisiúnta, curtha le saothar allamuigh ar chleachtais chomhaimseartha chun taighde agus doiciméadú a dhéanamh ar leigheas traidisiúnta i Maigh Eo.



Tionscadal Taighde Féaraigh Gunnairí Sheanghabhar na hÉireann

Rinne Oifig na hOidhreachta, ar thug an Tionscadal Taighde Féaraigh Gunnairí Sheanghabhar na hÉireann fúithi, i gcomhar le Cumann Sheanghabhar na hÉireann agus Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, le tacaíocht ón gCiste Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil, iniúchadh ar éifeachtúlacht Sheanghabhar na Éireann i dtaca le smacht a fháil ar an nGunnairí, an planda ionrach (Gunnairí).

Tugtar tacaíocht agus comhairle ar bhonn leanúnach do phobail maidir le cruthú agus feabhsú gnáthóige, plandáil, rialú speiceas ionrach, bainistíocht fhásra, taifeadadh speiceas agus le gníomhaíochtaí a ullmhú agus a chur i bhfeidhm ina bPleananna Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúil.

Soláthar & Athbhreithniú Éifeachtúlachta

Leanann an Oifig Soláthair ar aghaidh lena chinntiú go dtiomáineann agus go n-éascaíonn feidhm sholáthair Chomhairle Chontae Mhaigh Eo forbairt inbhuanaithe an Chontae; go bhfeidhmíonn sí i gcomhréir le dea-chleachtas agus le caighdeán reachtaíochta maidir le soláthar poiblí; go mbaineann sí soláthar seirbhíse éifeachtach amach; go soláthraíonn sí an luach is fearr ar airgead; le cuntasáíocht agus trédhearcacht thar gach feidhm eagraíochta.

Tugtar achoimre ar ról na hOifige Soláthair sa Phlean Soláthair Chorparáide agus d'fhorbair an fhoireann an ról seo agus bhain sí luach ar airgead agus éifeachtúlachtaí ní b'fhearr amach trí chreataí soláthair chomónta, gairmiúlacht mhéadaithe agus úsáid teicneolaíochta nuálach. Díláraítear soláthar san eagraíocht, le ceannaitheoirí i ngach rannóg sa chomhairle, agus déantar formhór an tsoláthair trí dhá thairseach soláthair leictreonacha a úsáid; www.ETenders.gov.ie agus www.SupplyGov.ie.

Aistríodh an Oifig Soláthair sa bhliain 2022 ón sean-Inlíon go dtí suíomh SharePoint nua a bhfuil gach píosa eolais ar Sholáthar ann. Bhí deis ann chun an t-eolas soláthair a ghlanadh, a uasdátú agus a athléiriú ina leagan ní ba shoiléire. Is acmhainn é seo a úsáidtear go minic laistigh den eagraíocht.

2022 BUAICPHOINTÍ

1. Cuireadh Oiliúint Soláthair aghaidh ar aghaidh agus ar líne ar fáil do rannóga ar fud na heagraíochta chun páirt a thabhairt don phróiseas Soláthair agus chun comhlíonadh a chumasú leis an bPolasaí Soláthair.
2. Cruthú físeáin teagaisc atá ar fáil ar shuíomh SharePoint, le heolas Soláthair sonrach do Chomhairle Chontae Mhaigh Eo.
3. Tosaíodh ullmhúchán don Aistriúchán go dtí an tairseach eTenders nua agus úsáid mhéadaithe an tSoláthair Ghlais sna comórtais a fhoilsíonn Comhairle Chontae Mhaigh Eo.
4. Foilsíodh an comórtas le haghaidh Fuinneamh Soilsithe Phoiblí agus Tionscadal Éifeachtúlachta an Iarthuaiscirt thar ceann Údaráis Áitiúla Réigiún an Iarthuaiscirt.
5. RFT chun Seirbhísí Réadmhaoine a Sholáthar don MCC – Lotaí Tráchtála agus Cónaithe.
6. RFT chun Cathaoireacha Oifige a sholáthar chun tacú leis an bPolasaí Cianoibre a tugadh isteach le déanaí.
7. Prionsabal Kaizen a thabhairt isteach chun tacaíocht a thabhairt d'Fheabhas Leanúnach agus d'Éifeachtúlachtaí.

2022 IN UIMHREACHA

- Caiteachas €6.5 milliún ar Ghléasra ar Cíos sa bhliain 2022.
- Foilsíodh 394 comórtas trí chreataí reatha le haghaidh earraí agus seirbhísí agus athfheistithe tithíochta ar SupplyGov.ie
- Fógraíodh, measúnaíodh agus bronnadh 52 comórtas tairisceana le haghaidh réimse oibreaca, earraí agus seirbhísí ar r-Thairiscintí.



05

SEIRBHÍSÍ UISCE, TIMPEALLACHT, ATHRÚ AERÁIDE & SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

SA ROINN SEO

Uisce Tuaithe

Timpeallacht, Athrú Aeráide agus Talmhaíocht

Rannóg Tréidliachta

Seirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo

Rialú Dóiteáin an Réigiúin Iarthair

Cosaint Sibhialta

Sábháilteacht Uisce

Clár na dTogthóirí



Seirbhísí Uisce Tuaithe

Is é Rialachán 2023 (Uisce Óil), an tÚdarás Maoirseachta le haghaidh gach Soláthraí Uisce Príobháideach i gContae Mhaigh Eo.

Riarann an Chomhairle an Clár Uisce Tuaithe i gContae Mhaigh Eo, atá maoinithe ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus tá sí tiomanta d'oibriú le pobail d'fhonn na scéimeanna seo a dhéanamh inmhathana i dtaobh na heacnamaíochta agus inbhuanaithe i dtaobh na timpeallachta de. Tá 173 scéim i mbun feidhme i gContae Mhaigh Eo, a fhreastalaíonn ar bhreis is 18,700 teaghlach agus gnóthas.

Ba í 2022 an cheathrú bliain den Chlár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil (MARWP) 2019 – 2021, ar cuireadh síneadh ama leis mar gheall ar mhoilleanna COVID-19, agus is é a chuspóir ná cinnteacht a sholáthar maidir le hinfheistíocht tosaíochta chun:


- Tacú le forbairt inbhuanaithe a chur i bhfeidhm i gceantair thuaithe
- Riachtanais na Rialachán Uisce Óil a Chomhlíonadh
- Cuspóirí a thacú i bPleananna Bainistíochta Abhantraí

I mí Dheireadh Fómhair 2019 fuair Comhairle Chontae Mhaigh Eo a cionrannta ón DHLGH (An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta) faoin MARWP 2019 – 2021 nua. Leithdháileadh €50 milliún don Chlár ar bhonn náisiúnta agus fuair Maigh Eo €15.513 milliún den tsuim seo. Caitheann an chionroinnt ar bhreis is seasca tionscadal a dhéanfaidh tairbhe do bhreis is 70 Grúpscéim Uisce i gContae Mhaigh Eo. I mí Lúnasa 2021, rinne an DHLGH a thuilleadh €5.069 milliún a leithdháileadh chun Nasc Uisce Pobail a mhaoiniú chun freastal ar thart ar 600 teaghlach i gceantar Mhurasce/Leic Ainimhe/Choill Salach i Maigh Eo. Faomhadh cistiú breise de €1.121 milliún ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta dár MARWP sa bhliain 2022.



2022 BUAICPHOINTÍ

1. Dear, Tógáil & Oibrigh: Leanadh ar aghaidh leis an gcéim dhearaidh d'uasghráduithe gléasra cóireála Ghrúpscéimeanna Uisce Bheart 2 DBO Mhaigh Eo chun aghaidh a thabhairt ar shárúithe THM a tháinig aníos ar roinnt mhaith scéimeanna. Rinne an DHLGH measúnú ar réamhthuarascálacha dearaidh do na 10 scéim a chuir oibríteoir beart 2 DBO isteach agus lorg siad "Tuarascálacha Roghanna" ina dhiaidh sin do 6 cinn de na scéimeanna. Nuair a bheidh conradh uasghráduithe Bheart 2 DBO curtha i gcrích, fágfar gach ceann de na 23 scéim le soláthar uisce a chloíonn go hiomlán le Rialachán Uisce Óil.
2. Uasghráduithe ar Líonra agus Scéimeanna Nua: Beart 1 – Cosaint Foinse (Earnáil na Grúpscéime Uisce) Ceapadh Innealtóirí Comhairleacha ar GSU Bhaile Chruaich (Grúpscéim Uisce) agus GSU Ghleann Hoiste do chéimeanna dearaidh agus soláthair na síntí ar Phríomhlíonra Iontógála Uisce Amh de chuid na scéime, rud a laghdóidh an riosca éillithe ó aon oibreacha foraoiseachta amach anseo. Tá oibreacha Dearaidh agus Soláthair ar oibreacha Cosanta Foinse le haghaidh GSU an Tuairín / Achaidh Mhóir & GSU Choill an Turlaigh leanúnach.
3. Beart 2 – Comhlíonadh Sláinte Poiblí (Earnáil na Grúpscéime Uisce). Tosaíodh an chéim thógála le haghaidh GSU Choill an Turlaigh, GSU an Tuairín/Achaidh Mhóir agus GSU an Triain Láir le haghaidh uasghrádú a gcórais chóireála reatha chun bacainn cripteaspóiridiam chuí a shuiteáil. Ceapadh Innealtóirí Comhairleacha agus rinneadh dul chun cinn ar chéimeanna dearaidh agus soláthair d'uasghráduithe gréasáin agus de chónaschaí GSU Loch an Chaladh le GSU Áth Tí an Mheasaigh, GSU PBKS le GSU Dhoire Bhoithe agus GSU Róibín le GSU Chartha.
4. Beart 3 – Scéimeanna Atá Ann Cheana a Fheabhsú, lena n-áirítear Caomhnú Uisce. Oibreacha a rinneadh ar uasghráduithe a rinneadh ar ghréasáin príomhphíobáin uisce GSU Chill Lasrach, GSU Ghleann Coirib agus GSU an Triain Láir. Thosaigh GSU an Tuairín / Achaidh Mhóir ar oibreacha sibhialta don uasghrádú ar a ngréasán príomhphíobáin uisce.
5. Beart 5 – Athrú ar Ghrúpscéimeanna Uisce agus Grúpscéimeanna Séarachais Reatha. Cuireadh tús le hobair ar chéimeanna dearaidh agus tógála na gconarthaí uasghráduithe do GSU An Bhaile Ghaelaigh, GSU Bhearna Chearúil, GSU Lochán na mBan, GSU Ros Dumhach, GSU An Chorráin Bhuí, GSU Chill Ghallagáin, GSU Bhaile Eoin / An Leathbhaile Rua, GSU Bhreac-chluana/Chathair na Mart, GSU na Ráithe/Bingham agus GSU Na Creige chun na scéimeanna seo a chumasú chun nascadh leis an ngréasán uisce poiblí agus le bheith "Tógtha i gCúram" le hUisce Éireann
6. Cuireadh oibreacha sibhialta i gcrích ar GSU Dhroim Síon/An Bhaile Nua, agus GSU na Cluana Móire /Chluain Leamhais chun na scéimeanna seo a chumasú chun nascadh le líonra uisce poiblí Uisce Éireann. Cuireadh tús leis an bpróiseas "Tógáil i gCúram" le hUisce Éireann don dá scéim sin.
7. Beart 6 – Ceangail Uisce an Phobail (CUP). Ceapadh comhairleoirí ar CUP Mhurasce, CUP Chliathraigh, CUP An Aonaigh Bhig agus CUP Eachinse. Tosaíodh leis an gcéim dearaidh do na tionscadail seo chun soláthairtí uisce óil nua a chur ar fáil do na pobail seo. Soláthróidh na scéimeanna soláthair uisce nua seo uisce óil do bhreis is 700 teaghlach sna pobail seo nuair a bheidh sé curtha i gcrích. Cuireadh oibreacha tógála i gcrích ar CUP nua Cheann Dhún Phádraig. Tá soláthar uisce óil sábháilte ag 35 teaghlach sa phobal anois.



2022 IN UIMHREACHA

- Cuireadh 3 Ghrúpscéim Uisce de chúram Uisce Éireann sa bhliain 2022. Cuireadh isteach ar 14 scéim eile le haghaidh sealbhaithe agus táthar ag súil go mbeidh dul chun cinn déanta orthu sa bhliain 2023.
- Táthar ag tabhairt faoi oibreacha ar 12 Grúpscéim Uisce sula gcuirfear isteach iad do Thógáil Chúram Uisce Éireann.
- Íocadh €5.36 milliún i bhfoirdheontais i dtreo chostais oibríochtúla na scéimeanna do na scéimeanna ar chuir isteach orthu.
- Fuarthas 20 iarratas ar Dheontas Tobair sa bhliain 2022 agus 6 cinn de €26,324.23 ar an iomlán próiseáilte.
- Tógadh 380 sampla uisce ag Southern Scientific Services Ltd. thar ceann MCC
- Freastalaíonn na 173 scéim atá i bhfeidhm i gContae Mhaigh Eo ar 18,700+ teaghlach agus gnóthas



Timpeallacht, Athrú Aeráide & Talmhaíocht

Tá timpeallacht ardchaighdeán rithábhachtach le haghaidh caighdeán na beatha maith agus is cuid lárnach í i bhforbairt inbhuanaithe. Cuireann Comhairle Chontae Mhaigh Eo an-bhéim ar fheasacht timpeallachta a mhéadú agus ar athruithe iompair a chur chun cinn chun an caighdeán seo a chothú.

I gcomhar le hobair ghníomhaíochta aeráide na Roinne, cuireadh de chúram na foirne Timpeallachta, Athraithe Aeráide agus Talmhaíochta reachtaíocht timpeallachta, teoracha agus rialacháin an AE, beartais náisiúnta agus réigiúnacha a chur i bhfeidhm, le feasacht a chruthú maidir le saincheisteanna timpeallachta leis an bpobal.

Lean An Oifig Réigiúnach um Gníomhú ar son na hAeráide — Críoslach Farraige an Atlantaigh Thuaidh, óstáilte ag Comhairle Chontae Mhaigh Eo, ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta d'earnáil an údarais áitiúil maidir le ceannaireacht a ghlacadh leis an aistriú chuig todhchaí ísealcharbóin agus láidir. Áirítear le gnéithe suntasacha oibre le linn na bliana 2022:

- Thacaigh an CARO le gníomhú ar son na haeráide a sholáthar ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Tá feidhmiú chlár oibre 2022, agus tionscadail agus tionscnaimh iomadúla faoi lánseol nó curtha i gcrích anois.
- Chuaigh ionadaithe ón CCMA, LGMA agus an CARO faoi bhráid Chomhchoiste an Oireachtais don Timpeallacht agus do Gníomhú ar son na hAeráide i mí Bealtaine, chun na dúshláin agus na deiseanna d'údarais áitiúla a phlé maidir le gníomhú ar son na haeráide.
- Bhí ról lárnach ag CARO maidir leis an gCáipéis Chomhairleach a fhorbairt do Phleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide an Údarais Áitiúil agus tá sé ag obair le húdarais áitiúla an réigiúin ar a bhonnlíne astuithe agus riosca aeráide.
- D'oibrigh an CARO agus an CCMA leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun maoiniú a fháil le haghaidh 3 fhoinsé gníomhaithe ar son na haeráide de chuid an údarais áitiúil mar a cuireadh ar aghaidh i gCás Gnó 2020.
- Tá an CARO mar chuid de Ghrúpa Stiúrtha na Straitéise Náisiúnta um Chreimeadh Cósta a dhéanann tuairisciú ar bhonn comhtháite, straitéiseach, lán-Rialtais i leith an athraithe chósta.

- Is páirtí tionscadail é an CARO le Ná Fág Rian, MSLETB agus Ollscoil na Gaillimhe ar 1 as 18 tionscadal rathúla atá maoinithe faoi Snáithe 2 de Chiste Gníomhaithe ar son na hAeráide an Phobail. Déanann an tionscadal forbairt ar obair fheachtais an CARO maidir le Feasacht Méilte, agus cuimsíonn sé sraith clár oiliúna sa seomra ranga agus ar an láthair do phobail chósta agus d'údarás áitiúla chun ról na NbS cósta a thuiscint agus chun acmhainneacht agus scileanna na bpobal áitiúil a fhorbairt chun dul in oiriúint leis an athrú aeráide agus conas tránna agus méilte a úsáid i gceart mar chosaint chósta.
- Faoi stiúir an CARO agus le tacaíocht ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), bhunaigh na 5 údarás áitiúil sa réigiún Biúró Fuinnimh Réigiúnach le bheith taobh leis an CARO chun ceannaireacht a ghlacadh le cur-chuige dírithe ar aschur maidir le spriocanna 2030 an údarás áitiúil a shásamh lena n-áirítear iarfheistiú foirgneamh.
- Reáchtáil CARO roinnt ceardlann sa réigiún agus d'fhorbair sé treoraíocht maidir le gníomhú ar son na haeráide a chomhtháthú i bPleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail (LECPanna).



2022 BUAICPHOINTÍ

1. Ba bhuaiteoir é Líonra Pobail Dícharbónaithe Chomhairle Chontae Mhaigh Eo i nDámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil 2022 faoi chatagóir an Athraithe Aeráide.
2. Bhí Comhairle Chontae Mhaigh Eo sa bhabhta ceannais ag na Dámhachtainí Glasa i gcatagóir nEagraíochta Glaise de chuid na hEarnála Poiblí.
3. Cuireadh an fuinneamh ar fad a d'ídigh Comhairle Chontae Mhaigh Eo agus a taisteal gnó le haghaidh 2021 faoi bhráid an SEAI i mí Aibreáin 2022. I dtuarascáil na sonraí seo, fuarthas gur fheabhsaigh Comhairle Chontae Mhaigh Eo a héifeachtúlachtaí fuinnimh de 36.4%, a bhain barr de sprioc náisiúnta na gcomhlachtaí poiblí de 33%.
4. Cuireadh an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn na Straitéise maidir le hoiriúnú don athrú aeráide le haghaidh Deireadh Fómhair 2021 — Meán Fómhair 2022 isteach faoi bhráid an Rialtais.
5. Fuarthas maoiniú de €20,213 ó chiste Maoirseachta na Comhairle Oidhreachta agus ceapadh ACT chun Plean Maoirseachta Físe agus Pobail na Beartraí 2050 a dhéanamh trí phróiseas rannpháirtíochta leis na páirtithe leasmhara ábhartha.

Forbraíodh an chomhfhís seo trí cheardlanna leis an gcoincheap maoirseachta pobail sa chroílár aici. Seoladh 'Dréacht-Mhaoirseacht Fís Phobal na Beartraí' ar an 27ú Deireadh Fómhair.

6. Reáchtáladh 19 lá athchúrsála leictreacha agus leictreonacha sa bhliain 2022 agus bailíodh 212,705kg de WEEE san iomlán.
7. Thug MCC faoin gclár monatóireachta aibhneacha agus loch is mó fud fad contae sa Tír, lena n-áirítear an mhonatóireacht ar 49 abhainn, 21 loch agus 30 áit snámha sa chontae, agus tógadh breis is 1000 sampla.
8. Thosaigh Comhairle Chontae Mhaigh Eo tionscadal LIFE le haghaidh Loch Ceara sa bhliain 2022, agus cuireadh foireann tionscadail iomlán le chéile. Is í Comhairle Chontae Mhaigh Eo an Príomh-Thairbhí i gcomhar le tairbhíthe eile lena n-áirítear Cumann Dobharcheantair Loch Ceara agus páirtithe leasmhara eile.
9. I measc na bhfeachtais maidir le Feasacht Timpeallachta sa bhliain 2022 chun feasacht timpeallachta a mhéadú níos mó agus chun naisc níos fearr a dhéanamh le pobail Mhaigh Eo, áirítear Feasacht maidir le Boscaí Bruscair Sráide, Cosc ar Bhreosla Geimhridh/Gual Deataigh agus An Feachtas Náisiúnta Glanta Earraigh, a tharla i mí Aibreáin agus chláraigh 137 grúpa lena n-imeachtaí glanta leis An Taisce. Reáchtáladh Feachtas in aghaidh Salaithe ag Madraí, Seachtain Náisiúnta Athchúrsála Dramhbhia agus Feachtas Feasachta ar Dhabhach Shéarachais freisin in 2022.
10. Chomhordaigh an Rannóg Timpeallachta rannpháirtíocht foirne le tionscnaimh a hÁite Oibre maidir le Taisteal níos Cliste, mar aon leis an oiliúint leanúnach don fhoireann ar fad i dtaca le Gníomhú ar son na hAeráide. Chomh maith leis sin, bhí ceardlann oiliúna ag Ambasadóirí Gníomhaithe ar son na hAeráide Chomhairle Chontae Mhaigh Eo in Ionad Bairr Feabhais an CLG, Béacán.
11. Suiteáladh stáisiún Monatóireachta Aeir Chomhthimpeallaigh ar Acaill i mí na Nollag 2022, i gcomhar leis an GCC. Ciallóidh sé seo go mbeidh 4 shuíomh ann san iomlán, leis na suíomhanna eile lonnaithe i gClár Chlainne Mhuiris, Béal an Átha agus Caisleán an Bharraigh, agus iad ar fad le tomhais ar líne i bhfíor-am.
12. Lainseáil Pobail Fuinnimh Inmharthana Iorrais agus Thuar Mhic Éadaigh a Máistirphleananna Fuinnimh (MPF). Ba é MPF Iorrais an chéad mhaoiniú idirlinne trí Mheabhrán Tuisceana Chomhairle Chontae Mhaigh Eo le ÚFIÉ, a sholáthraíonn maoiniú idirlinne do Phobail Fuinnimh Inmharthana chun Máistirphleananna Fuinnimh a dhéanamh.
13. D'éascaigh Meitheal Talmhaíochta agus Teagasc Chomhairle Chontae Mhaigh Eo an turas ón Ambasadóir Céiniaigh, an tUasal Michael Mubea a chuaigh ar cuairt go dtí feirm i Maigh Eo le fáil amach faoi fheirmeoireacht eallaigh agus caorach.
14. Cuireadh an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn na Straitéise maidir le hoiriúnú don athrú aeráide le haghaidh Deireadh Fómhair 2021 — Meán Fómhair 2022 isteach faoi bhráid an Rialtais.
15. Suiteáladh córas monatóireachta fuinnimh píolótach i roinnt foirgneamh de chuid na Comhairle agus faomhadh le hoiliúint ar an gcóras i mí Aibreáin. Bhí Comhairle Chontae Mhaigh Eo ina hiarratasóir rathúil i gcéim a haon de scéim 'Mionghiniúint' Líonraí BSL. Díolfar aon bhreis leictreachais a tháirgfear ag suiteáil 29kW PV Ghréine ag Suíomh Taitneamhachta Sibhialta Ráth Ruain don ghreille. Chomh maith leis sin, thosaigh Oifigeach Biúró Fhuinneamh Mhaigh Eo ag obair le Comhairle Chontae Mhaigh den chéad uair i mí na Samhna 2022.
16. In 2022, lean an Roinn Bhainistíochta maidir le Riosca Tuilte ar aghaidh le hoibreacha faoisimh thuilte thar ceann an OOP. Lean Scéim Thuilte Bhéal an Átha ar aghaidh le measúnú Chéim 1 le forbairt hidreolaíochta agus roghanna. Tosaíodh le Scéim Thuilte Chois Abhainn Ashwood, ar luach 1.2milliún ar an suíomh fad a leanadh ar aghaidh le tógáil Scéim Fhaoisimh Thuilte na Ceathrún Calaidh.

17. Thug an Oifig Bhainistíochta Dramhaíola Réigiúnach don Réigiún Connachtach Ultach faoi phróiseas rannpháirtíochta leathan le geallsealbhoirí in 2022 chun Plean Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola a fhorbairt le haghaidh Geilleagar Ciorclach. Foilseofar an Dréachtphlean i R2 2023 agus beidh sé i bhfeidhm ar feadh sé bliana nuair a chríochnófar é. Leanfaidh Comhairle Chontae Mhaigh Eo atá mar Phríomh-Údarás an Réigiúin ar aghaidh le comhordú fheidhmiú an phlean.
18. Rinneadh monatóireacht ar thríocha áit snámha i rith shéasúr snámha 2022. In 2022, bronnadh 9 mBrat Gorm agus 6 Ghradam Cósta Glas, atá mar shiombail don sár-bhainistíocht a dhéantar ar an trá agus ar chaighdeán an uisce.

2022 IN UIMHREACHA

- Chuaigh 58,000+ custaiméirí go dtí Suíomhanna Taitneamhachta Saoránaigh ag Doire an Iomaire agus ag Ráth Ruain.
- Rinneadh cóireáil ar 645 tonna de ghlantachán sráide ag Ráth Ruain, rud a laghdóidh na táillí uisce bainteach leis isteach is amach ar €95,000.
- Bailíodh 350+ tonna d'earraí dramhaíola leictreacha agus ceallraí ó ionaid athchúrsála ag Doire an Iomaire agus Ráth Ruain i rith 2022.
- Tugadh faoi 810 Gnáthchigireacht Dramhaíola & 1,436 cigireacht Neamh-Ghnáthaimh, i ndiaidh gearán.
- Tugadh faoi 6 thionscadal go rathúil ar fiú níos mó ná €130,000 san iomlán i gcistiú deontais ón DECC mar chuid den Tionscnamh Frith-Dhumpála, lena n-áirítear roinnt suíomhanna dumpála a ghlanadh suas thar gach 4 MD. Suiteáladh Fógra Gutha gníomhaithe ag gluaiseacht ag roinnt suíomhanna bainc bhuidéil.
- Baineadh amach 9 dTrá le Brat Gorm agus 5 Ghradam Cósta Glas amach in 2022. Rinneadh monatóireacht ar 30 áit snámha i rith an tséasúir snámha
- Chláraigh agus ghlac 137 grúpa páirt i nGlantachán Náisiúnta an Earraigh.
- Rinne 26 scoil athnuachan ar an Stádas Brait Ghlais s'acu
- Baineadh 29 Suíomh Tréigthe ón gCláraitheoir in 2022



Rannóg Tréidliachta

Oibríonn an Roinn Tréidliachta le hOibritheoirí Gnóthais Bia áitiúla chun na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht bí a bhaint amach agus a chothabháil, agus tá siad ag troid go gníomhach i gcoinne galar zónóiseach m.sh. galair inaistrithe idir ainmhithe agus dhaoine. Tá ionchur díreach ag an Roinn maidir le Galair Infhógartha a dhíothú. Tugtar faoin obair faoi Chonradh Seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ), le béim ar leith ar chúrsaí sláinteachais agus ar an inrianaitheacht.

2022 BUAICPHOINTÍ

1. Rinne an Maor Madraí i gcomhpháirtíocht lenár Rannóg Cumarsáide fiseán gairid maidir le hImní Caorach le haghaidh na meáin chumarsáide chun úinéirí madraí a mheabhú chun a bheith aireach dá madraí i rith séasúir bhreith na n-uan. I rith na bliana, cuireadh na maoirseoirí madraí faoi agallamh ar an raidió áitiúil, agus chlúdaigh siad gach gné dá n-obair.
2. Cuireadh fógraí i nuachtáin áitiúla bainteach le Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann chun feasacht a bhailiú i measc úinéirí madraí i dtaobh na n-iarmhairtí a eascraíonn ó ionsaithe madraí ar chaoire, lena chinntiú go gcoimeádtar madraí faoi smacht an t-am ar fad agus chun úinéirí madraí a chur ar an eolas go bhfuil siad freagrach má bhíonn a madra bainteach le haon eachtra.
3. Reáchtáladh feachtas ar na meáin shóisialta chun úinéirí nua a chur ar an eolas faoi na ceanglais dhlíthiúla atá ann d'úinéirí choileáin nó madra.
4. Reáchtáladh feachtas ceadúnaithe 6 seachtaine trí fhógraí raidió agus meán sóisialta, chun úinéirí madraí a chur ar an eolas ar na háiteanna a rachadh Maoirseoirí Madraí ag faire ar cheadúnais madraí agus faoi na háiteanna a bhféadfaí ceadúnais a cheannach.
5. D'eagraigh an Roinn Tréidliachta ceardlann i mí Iúil 2022, chun comhoibriú a éascú le gach Eagraíocht Leasa Ainmhithe agus Comhairleoir i Maigh Eo chun teacht ar dhea-chleachtas le haghaidh maoiniúchán ex-gratia leasa ainmhithe.
6. I rith 2022 tharla roinnt greamanna/ionsaithe ar dhaoine agus ar chaoire ar fud na tíre. Mar thoradh air seo, bhunaigh na hAirí Charlie McConalogue agus Heather

Humphreys grúpa oibre idir-rannach chun iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir le smacht mhadraí, agus uaidh seo, tugadh tuarascáil faoi bhráid na comhairle. Cuireadh de chúram an ghrúpa oibre pleananna a tharraingt le chéile ar conas na moltaí seo a chur i bhfeidhm. Tá baill fhoirne Chomhairle Chontae Mhaigh Eo (a dhéanann ionadaíocht ar Mhaoirseoirí Madraí go náisiúnta) agus Paul McDermott (ionadaí LGMA agus LAVS), mar bhall den ghrúpa oibre seo.

7. Thug tascfhórsa ilghníomhaireachtaí lena n-áirítear An Garda Síochána, Páirceanna Náisiúnta agus Maoirseoirí Fiadhúlra agus Maoirseoirí Madraí Chomhairle Chontae Mhaigh Eo faoi chomh-oibríochtaí trínár tugadh faoi roinnt patróil maidir le Cúrsáil Giorriacha mídhleathach i nDeisceart Mhaigh Eo.

2022 IN UIMHREACHA

- Tá 8 n-Áitreabh Monaraíochta Feoil Bheaga faofa agus 6 áitreabh cláraithe. Faigheann gach áitreabh próiseála feoil bhig cigireacht agus déantar monatóireacht orthu ar bhonn rialta.
- Tugann an fhoireann tréidliachta faoi scrúduithe roimh bhás agus iarbháis ar gach ainmí a mharáitear sna 13 sheamlais i gContae Mhaigh Eo, mar aon le coinníollacha ginearálta maidir le sláinte agus oibríochtaí agus struchtúrach a mhaoirseacht. In 2022, maraíodh 8404 bó, 960 eallach, agus 4 ghabhar i seamlais Mhaigh Eo.
- Soláthraíonn Comhairle Chontae Mhaigh Eo Seirbhís Rialaithe Madraí lena príomhfheagrachtaí lena chinntiú go bhfuil madraí i Maigh faoi cheadúnas agus go gcoimeádtar faoi smacht éifeachtach iad agus mar sin cinntíonn sé seo sábháilteacht don phobal agus cosaint do réadmhaoine daoine (m.sh. beostoc). Tógadh 165 madra go dtí an Póna Madraí in 2022. Tógadh 91 madra go dtí Grúpaí Leasa Madraí. Tháinig méadú ar líon na madraí ar tháinig a n-úinéirí dóibh chun iad a bhailiú ón mbliain roimhe go dtí 46.
- Eisíodh 6779 ceadúnas agus 26 fíneáil i gcaitheamh na bliana anuraidh. Cláraíodh 20 áitreabh faoi Acht um Bunaíocht Thógáil Mhadraí 2010.
- Cuireadh €35,000 ar fáil le haghaidh leasa ainmhithe do 7 ngrúpa leasa ainmhithe in 2022.



Seirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo

SEIRBHÍS DÓITEÁIN CHONTAE MHAIGH EO

Tá Seirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo freagrach as saol agus réadmhaoin thart ar 137,231 duine atá ina gcónaí sa chontae. Cinntimid go bhfuil ár bpobail i gcoilár an rud a dhéanaimid agus táimid tiomanta d'ár ndaoine a choimeád sábháilte, d'fheabhas a chur ar chaighdeán maireachtála agus d'ár n-áit chónaithe a dhéanamh níos fearr chun cónaí, obair agus dul ar cuairt ann.

Cuirimid réimse seirbhísí ar fáil a dhíríonn ar shábháilteacht ó dhóiteán a fheabhsú sa phobal trí thinte a sheachaint ar an gcéad ásc, ag cinntiú go bhfuil céimeanna maidir le cosaint ar dhóiteáin i bhfeidhm i bhfoirgnimh, agus ag soláthar freagairt oibríochtaí d'eachtraí nuair a thiteann siad amach.

Fostaíonn Comhairle Chontae Mhaigh Eo 123 fear múchta dóiteáin in 12 aonad briogáid dóiteáin timpeall an chontae. Leanann Seirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo ar aghaidh le clár oiliúna cuimsitheach a sholáthar chun scileanna fear múchta dóiteáin a fheabhsú agus lena chinntiú go bhfuil siad inniúil agus go bhfuil an trealamh agus PPE ábhartha tugtha dóibh chun aon tasc a thugtar dóibh a dhéanamh.

Chomh maith leis an oiliúint a chuirimid ar fáil dár gcomhraiceoirí dóiteáin féin, seoladh teagascóirí rathúla a bhfuil taithe acu ó Sheirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo go dtí an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála chun cúrsaí oiliúna náisiúnta a sholáthar.

Aithníodh tiomantas Sheirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo d'fheabhas leanúnach a chuireann siad ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta trí iniúchóireacht mhaoirseachta ISO 45001 a rinne an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann i mí Lúnasa 2022.

2022 BUAICPHOINTÍ

1. Leanadh ar aghaidh le tógáil an stáisiúin dóiteáin nua i gCrois Mhaoilíona. Ar chostas nach mór €2 mhiliún, tabharfaidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht deontais le haghaidh 100% den tógáil. Cuirfidh an stáisiún dóiteáin saintógtha nua feabhas mór ar rochtain agus acmhainní aonad briogáid dóiteáin Chrois Mhaoilíona. Ceapfar go gcuirfear clabhsúr leis an tionscadal i mí Bealtaine 2023.

2. Glacann Seirbhís Dóiteáin Mhaigh Eo ról onghníomhach maidir le sábháilteacht dóiteáin a chur chun cinn le linn Sheachtain na Sábháilteachta Dóiteáin a tharla idir an 9 - 15 Deireadh Fómhair. I measc na ngníomhaíochtaí ar tugadh fúthu le linn na seachtaine áiríodh úsáid na meán sóisialta chun teachtaireachtaí sábháilteachta dóiteáin agus oideachas sábháilteachta dóiteáin a sholáthar. Reáchtálar freisin tráthnóna imeachtaí taobh amuigh de Cheanncheathrú na mBriogáidí Dóiteáin i gCaisleán an Bharraigh, áit ar cuireadh fáilte roimh mhuintir an phobail foghlaim faoi shábháilteacht dóiteáin agus na rioscaí atá ann sa bhaile.
3. In 2022, lainseálar ár straitéis sábháilteachta dóiteáin pobail agus bhíomar gníomhach maidir le cabhair agus tacaíocht a thabhairt dár gcomhraiceoirí dóiteáin inár 12 stáisiún chun cúnamh a thabhairt dúinn maidir lenár gclár uailmhianach a bhaint amach. Thosaíomar go rathúil lenár gclár de Chuirteanna Sábháilteachta Dóiteáin don Teach le daoine leochaileacha sa chontae. Tugann 2 dár gcomhraiceoirí i ngach stáisiún cuairt ar dhaoine a d'iarr orainn cabhair a thabhairt agus ar aithníodh inár ngrúpaí leochaileacha iad. Bíonn idir chomhairle agus chúnamh i gceist leis na cuairteanna seo maidir le saincheisteanna sábháilteachta dóiteáin, dea-chleachtas maidir le sábháilteacht dóiteáin agus an suiteáil aláram deataigh cumhachtaithe ag ceallra 10 mbl saor in aisce, nuair is gá.
4. D'fhreastail ár bhfoireann Sábháilteachta Dóiteáin Phobail ar roinnt mhaith laethanta pobal agus teaghlach inár gcontae chun léirithe a dhéanamh agus comhairle a thabhairt do mhuintir ár bpobal.
5. Mar chuid den chlár leanúnach Seveso a bhí dírithe ar chosaint phobail agus timpeallachta a chinntiú trí nósanna imeachta freagartha comhaontaithe agus comhordaithe ar eagla go dtarlódh mórthimpiste ag Sraitheanna Uachtaracha Shuíomhanna Seveso, rinneadh athbhreithniú ar an bPlean Práinnfhreagartha do Theirminéal Gásach Dhroichead Bhéal an Átha Búí, Gleann na Muaidhe, Béal an Átha agus rinneadh é a eisiúint le haghaidh comhairliúcháin phoiblí. Mar chuid den chlár seo, tugadh faoi chleachtadh beo le príomhphearsanra ón nGarda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus an Bhunaíocht.
6. Tháinig pluid dóiteáin feithicle isteach in 2022 a dearadh go sainiúil le húsáid le tinte bainteach le carranna, veaineanna agus SUVanna. Tá an phluid dóiteáin in-athúsáidte agus tá sé éifeachtach ar gach feithicil atá cumhachtaithe go leictreach agus le breoslaí iontaise. Laghdaíonn úsáid na pluide leibhéal na múiche nimhiúla a easraíonn go dtí an t-atmaisféar mar aon leis an méid uisce a mbaintear úsáid as. Laghdaíonn sé an dóchúlacht go ndéanfaí rúidbhealach teirmeach - feiniméan atá bainteach le ceallraí ian-Litiam i bhfeithicilí leictreacha.



2022 IN UIMHREACHA

- 722 eachtra éigeandála in 2022, agus 846 freagairt de chuid na briogáide dóiteáin dá bharr.
- Eisíodh ceadúnais Shubstaintí Dainséaracha go dtí 24 suíomh agus rinneadh iniúchadh ar 43 suíomh.
- Tugadh faoi 99 iniúchadh ar Iarratas Ceadúnaithe, agus tugadh faoi 20 iniúchadh eile.
- Fuarthas 91 Iarratas maidir le Teastas Sábháilteachta Dóiteáin agus 57 Teastas Rochtana Míchumais agus rinneadh iad a phróiseáil.
- Tugadh faoi 408 Iniúchadh Rialaithe Tógála.
- Dearbhaíodh 511 fógra tosaithe bailí bainteach le 654 foirgneamh/obair.
- Dearbhaíodh 148 Teastas Comhlíontachta ar a Chríochnú bainteach le 209 foirgneamh/obair.





Ionad Cumarsáide Réigiún an Iarthair

Is í Comhairle Chontae Mhaigh Eo an tÚdarás a shocraíonn conarthaí d'Ionad Cumarsáide Réigiún an Iarthair (WRCC), ionad a sholáthraíonn seirbhís 24 uair, a glacann le glaonna teileafóin agus a sholáthraíonn seirbhís slógtha do ghlaonna éigeandála 999/112 le haghaidh seirbhísí dóiteáin thar ceann na n-údarás áitiúil i Maigh Eo, Cathair agus Contae na Gaillimhe, Ros Comáin, Sligeach, Liatroim agus Dún na nGall.

Cuireadh an t-athchóiriú ar an seomra rialaithe agus ar na háiseanna cúntacha i gcrích in 2022 roimh roll-amach an Slógadh Náisiúnta nua agus Córas Cumarsáide CAD mar chuid den Tionscadal Ctrí iomlán.

Éascóidh an córas nua forbairt chóras teicneolaíochta náisiúnta caighdeánaithe agus próisis oibríochtúla. Tá an WRCC le bheith beo leis an gcóras nua in 2023.

2022 IN UIMHREACHA

- Fuarthas 18,247 glao isteach
- 4,303 Teagmhas éigeandála briogáide dóiteáin thar an réigiún mar thoradh
- Rinneadh 12,300 glao amach
- ISO 9001 Ó mhí Eanáir 2018, bronnadh creidiúnú ar an WRCC go dtí an Córas Bainistíochta Cáilíochta ISO 9001:2015



Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo

Tugann Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo, eagraíocht dheonach a bhfuil thart ar 50 oibrí deonach ann, tacaíocht do Ghníomhaireachtaí Príomhfhreagartha agus pobail áitiúla le baill atá ard-oilte agus ina bhfuil luach ag bunlínte seirbhísí éigeandála agus pobail áitiúla ar a ngníomhaíochtaí.

Luíonn láidreacht na heagraíochta lena cur chuige deonach agus a tiomantas chun cuspóirí a bhaint amach lena baill atá sásta a n-am, a saineolas agus a n-oiliúint a thabhairt suas go saor ar bhonn seachtainiúil.

2022 BUAICPHOINTÍ

1. Bonn COVID-19 do bhaill - thug An tAire Cosanta & Gnóthaí Eachtracha, an tUasal Simon Coveney, TD, moladh speisialta d'oibríthe deonacha agus oifigigh Chosanta Sibhialta as an obair ar fad a rinne siad i rith na paindéime COVID-19 ag ócáid i bPáirc an Chrócaigh.
2. Tharla oíche léiriúcháin i mí na Nollag trína mbronnadh teastais oiliúna, boinn fhadseirbhíse agus boinn COVID-19 dá mbaill. Bhí Cathaoirleach Chomhairle Chontae Mhaigh Eo, an Cllr Séamus Weir i láthair.
3. Chuir an Brainse Cosanta Sibhialta ag an Roinn Cosanta maoiniúchán ar fáil faoi scéim na gcuntas díomhaoin chun an Fheithicil 4x4 Ford Ranger 2022 nua a cheannach.
4. Ghlac oibríthe deonacha páirt in imeachtaí oiliúna rathúla i rith 2022 ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta i réimsí Taighde Leighis, Cuardaigh agus Tarrthála, Práinnfhreagartha agus Cúnamh Pobail.

2022 IN UIMHREACHA

- Thug 50 oibrí deonach a n-am, a saineolas agus a n-oiliúint dá ndeoin féin ar bhonn seachtainiúil.
- Thug Cosaint Shíbhialta Mhaigh Eo cabhair do chuardaigh le haghaidh 12 duine a bhí ar iarraidh i rith 2022, mar thacaíocht do na Gníomhaireachtaí Príomhfhreagartha.
- 94 Tascáil - 15 Tascáil a thugann tacaíocht d'fhreagairt Phaindéim COVID-19 agus Ghéarchéim na hÚcráine ar iarratas ón Údarás Áitiúil agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. 12 Cuardach Idirghníomhaireachta & Oibríochtaí Tarrthála ar iarratas ón nGarda Síochána, ag leibhéil Áitiúil agus Réigiúnach araon. 63 imeacht Pobail/Spóirt 6 freagairt ar Éigeandáil Aeráide 7 n-implonú chun tacaíocht a thabhairt do Ghéarchéim na hÚcráine.



Sábháilteacht Uisce

Cuireann Comhairle Chontae Mhaigh Eo feasacht ar shábháilteacht uisce ar fáil i rith na bliana, go háirithe trí chúrsaí sábháilteachta uisce a eagrú sna linnte poiblí (Caisleán an Bharraigh, Béal an Átha, Clár Chlainne Mhuiris agus Cathair na Mart) i rith mhíonna an gheimhridh agus i roinnt áiteanna faoin aer i rith an tsamhraidh. Tá 10 n-Áit Snámha Ainmnithe i gContae Mhaigh Eo le 9 dtrá agus Linn Taoide Bhéal an Mhuirthead ina measc.

In 2022, d'fhostaigh Comhairle Chontae Mhaigh Eo 29 Garda Tarrthála Trá cáilithe (21 Lánaimseartha agus 8 mar Chúltaca) agus 2 Gharda Tarrthála Linne Lánaimseartha agus 1 mar Chrann Taca ag Linn Taoide Bhéal an Mhuirthead. Tá ár nGardaí Tarrthála oile ar na caighdeáin is airde maidir le sábháilteacht phearsanta, tarrtháil agus teicnicí tacaíocht bheatha agus conas trealamh cosanta pearsanta a úsáid. Tá dífhibrileoirí ar fáil ag gach Stáisiún Tarrthála agus tá gach Garda Tarrthála go hiomlán oile agus cáilithe mar chéad fhreagróirí cairdiacha.

Rinneadh taifead de na staitisticí seo a leanas i rith Shéasúr Snámha 2022:

Áit	Tarrtháil Gan Bád	Tarrtháil Le Bád	Garchabhair	Páiste Cailte	Comhairle Tugtha	Timpiste Seachanta	Bá Neamh-Mharfach
Béal an Mhuirthead	1	1	5	0	1619	186	0
Trá an Bheartraigh	0	0	3	0	623	0	0
An Cheathrú Mhór	0	0	14	0	1151	1	0
Ceathrú an Uisce	0	1	19	0	1278	1	0
An Caol	0	0	66	12	1873	11	0
An Choim	0	2	31	1	924	2	0
An Mhala Raithní	0	0	25	0	621	0	0
An Seancheann	0	3	27	1	1170	3	0
An Láithreach agus An Ros	0	0	3	0	696	0	0
Trá an Talaimh Bháin	0	4	8	0	646	4	0
IOMLÁIN	1	11	201	14	10601	208	0



Tá baoithe tarrthála ar fáil in 547 áit i gContae Mhaigh Eo agus rinne foireann na Comhairle cigireacht agus monatóireacht orthu seo ar bhonn rialta in 2022.

Rinneadh uasghrádú riachtanach ar chóiríocht Tarrthála agus Trealaimh i rith 2022. Ceannaíodh trí Bhothán Tarrthála agus cuireadh iad i Linn Taoide Bhéal na Taoide, An Choim agus An Mhala Raithní le Coimeádán Cruach dara láimhe le haghaidh Thrá na Coime chun trealamh tarrthála agus Cathaoir Rothaí a choimeád. Ceannaíodh trí Bhord Tarrthála nua freisin.

Rinne ár nGardaí Tarrthála comóradh ar an dara Lá Domhanda um Chosc ar Bhá ar an 25ú Iúil, 2022 trí phéint aghaidhe ghorm a chaitheamh chun cuimhneamh ar na híospartaigh a bádh timpeall na cruinne.



Clár na dToghthóirí

Ó foilsíodh Clár na dToghthóirí 2022/2023 i leith, shínigh Uachtarán Ó hUiginn an tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022 sa dlí an 25 Iúil 2022. Thug an reachtaíocht cur chuige nua, comhaimseartha, ar líne do chlárúcháin toghthóirí a tháinig beo ar Déardaoin, 13 an Deireadh Fómhair 2022.

I dtéarmaí clárúcháin vótálaithe agus socrúithe vótála, rinneadh na hathruithe seo a leanas:

- Clárúcháin toghthóirí ar líne trí www.checktheregister.ie le haghaidh iarrthóirí nua agus toghthóirí atá ann cheana féin chun a sonraí a uasdátú
- Bunú An Choimisiúin Toghcháin - Coimisiún Togháin
- Tháinig Clár Rollta isteach in áit an Dréacht agus an Bheo-Chláir
- Tháinig Liosta Cobhsaíochta isteach in áit Fhorlíonadh an Chláir
- Dearbhú aitheantais trí úsáid UPSP agus Dáta Breithe. Chuaigh Comhairle Chontae Mhaigh Eo isteach i gComhaontú Roinnte Sonraí leis an Roinn Coimirce Sóisialaí
- Catagóir nua vóta phoist le haghaidh Vótálaithe gan Ainm tagtha isteach
- Próiseas clárúcháin sainiúil le haghaidh daoine gan aon seoladh baile seasta acu
- Bogfar Liosta Toghthóirí ar Feitheamh Nua maidir le clárúcháin luath do dhaoine 16 agus 17 mbliana d'aois go dtí an Clár Rollta go huathoibríoch nuair a shroichfidh siad 18 mbliana d'aois
- Vótáil ar an lá céanna do phobail Oileáin
- I measc fhreagrachtaí na n-údarás áitiúil don Choimisiún Toghcháin go bliantúil, tá



06

**BAINISTÍOCHT
AIRGEADAIS,
CÓRAIS FAISNÉISE &
MÓTARCHÁIN**

SA ROINN SEO

Airgeadas

Mótarcháin

Córais Faisnéise



Airgeadas

Tá an Roinn Airgeadais freagrach as oibríochtaí airgeadais sa Chomhairle le béim áirithe ar chinntiú go bhfuil socruithe cuí i bhfeidhm chun gníomhaíocht ioncaim agus caipitil a mhaoiniú.

I measc an réimse leathan seirbhísí a chuireann an Roinn Airgeadais ar fáil ná:

- Rialú Airgeadais & Buiséid, Sreabhadh Airgid & Bainistíocht Chiste
- Ullmhú don Bhuiséad Náisiúnta
- Ullmhú don Ráiteas Airgeadais Bhliantúil
- Riarachán na gCóras Bainistíochta Airgeadais
- Riarachán Párolla
- Billeáil & Bailiúchán Rátaí Tráchtála
- Cíosanna Tithíochta agus Billeáil & Bailiúchán Iasachta
- Íocaíocht cuntas soláthraithe
- Admhálacha a thabhairt
- Riarachán & Bailiúchán den Íocaíocht ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphrímha

Chomh maith leis sin, cinntíonn an Roinn Airgeadais go gcomhlíontar leis na prionsabail chuntasaíochta reachtaíochta agus airgeadais, atá i bhfeidhm don airgead ar fad, arna íoc ag, nó go dtí, an Chomhairle.

Ar na foinsí a íocann as ioncam nó caiteachas laethúil na Comhairle tá:

- Deontais an Rialtais
- Rátaí Tráchtála
- Cíosanna Tithíochta
- Táillí Iarratais Phleanála
- Earraí agus seirbhísí eile ar nós Táillí Taitneamhachta Saoránaigh agus Táillí Íoc agus Taispeáin

Tá an t-airgead ar fad atá ar fáil le haghaidh forbairtí caipitiúil nó infreastruchtúir ag brath ar Dheontais an Rialtais, iasachtaí agus/nó tobhaigh fhorbartha.



2022 IN UIMHREACHA

- Léiríonn Caiteachas Ioncaim €185,765,312 agus Caiteachas Caipitiúil €115,960,577 an méid seirbhísí a sholáthraítear ó lá go lá agus an fhorbairt ar infreastruchtúr agus léiríonn sé cé chomh suntasach is atá oibríochtaí na Comhairle don gheilleagar áitiúil
- Tháinig méadú ar chaiteachas i mór-réimsí lena n-áirítear Deontais Tithíochta, Deontais Bhóthair, Áiseanna Spóirt / Fóillíochta, agus Párolla.
- Ba €9,414,819 an méid iomlán a bailíodh de Cháin Mhaoine Áitiúil sa tír le €11,443,617 níos mó a bailíodh ón gCiste Cothromaíochta
- Tá leibhéal Bhailiúcháin 2022 sna trí mór-réimse bailiúcháin seo a leanas:
Rátaí* 90.4%
Cíos agus Blianachtaí 88.0%
Iasachtaí Tithíochta 83.1%

* Fuarthas €1.29 milliún de Dheontas Tarscaoilte ó Rátaí Tráchtála ó Airgeadas an Rialtais Áitiúil, a bhí cothrom leis an méid nár íocadh mar gheall ar an tionchar a bhí ag COVID-19. Dá gcuirfí é seo san áireamh, bheadh 90.6% mar an ráta bailiúcháin.

RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS AR CHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS) DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31ú NOLLAIG 2022

Cuireann an Ráiteas ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais an teacht isteach ar fad bainteach le hioncam agus caiteachas le chéile. Léiríonn sé an barrachas/(easnamh) don bhliain. Léiríonn aistrihe go dtí/ó chistí leo féin agus ní leithdháileann an roinn seirbhíse iad. Leithdháileann nóta 16 aistrihe ón roinn seirbhíse sa leagan amach céanna is atá ar Thábla A den bhuiséad curtha i bhfeidhm ag an Údarás Áitiúil.

Caiteachas de réir na Roinne	Ollchaiteachas	Ollchaiteachas	Glanchaiteachas	Glanchaiteachas
	2022	2022	2022	2021
	€	€	€	€
Tithíocht & Tógáil	24,776,911	22,256,591	2,520,320	2,107,749
Iompar & Sábháilteacht Bóithre	53,441,975	42,064,559	11,377,416	12,549,853
Seirbhísí Uisce	20,891,493	20,775,559	115,934	65,824
Bainistíocht Forbartha	15,018,331	6,617,002	8,401,329	8,599,459
Seirbhísí Comhshaoil	19,105,624	6,558,290	12,547,334	11,712,737
Áineas & Áis	13,304,716	5,621,474	7,683,242	7,614,594
Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas	1,694,834	779,943	914,891	834,260
Seirbhísí Dífriúla	20,023,724	17,890,379	2,133,345	412,338
Caiteachas/Ioncam Iomlán	168,257,608	122,563,797		
Glanchostas na Ranna a bheidh maoinithe ó Rátaí agus Cáin Mhaoine Áitiúil			45,693,811	43,896,813
Rátaí			36,449,602	34,518,132
Cáin Mhaoine Áitiúil			20,858,436	20,856,905
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrihe			11,614,227	11,478,224
Aistrihe ó/(go dtí) Cúlchistí			(11,014,166)	(11,293,870)
Barrachas / (Easnamh) Foriomlán don Bhliain			600,060	184,353
Cúlchiste Ginearálta @ 1ú Eanáir 2022			(3,687,441)	(3,871,794)
Cúlchiste Ginearálta @ 31ú Nollaig 2022			(3,087,380)	(3,687,441)


RÁITEAS MAIDIR LEIS AN STAID AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AN 31 Nollaig 2022

Caiteachas de réir na Roinne	Nótaí	2022	2021
		€	€
Sócmhainní Seasta	1		
Oibríochtúil		498,411,421	484,884,040
Bonneagair		2,990,832,665	2,990,650,459
Pobal		10,675,089	10,370,064
Neamh-Oibríochtúil		56,943,895	57,567,004
		3,556,863,070	3,543,471,567
Obair atá idir Lámha agus Réamhchostais	2	272,518,498	186,874,133
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	3	53,451,649	55,522,872
Sócmhainní Reatha			
Stoic	4	355,963	344,184
Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí	5	25,078,842	23,368,284
Infheistithe Bainc		43,519,322	49,141,160
Airgead Tirim ag an mBanc		6,611,154	4,520,425
Airgead faoi Bhealach		145,139	105,055
		75,710,420	77,479,107
Dlíteanais Reatha (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin)			
Creidiúnaithe & Fabhrúithe	6	69,057,415	68,393,241
Léasanna Airgeadais		305,618	398,685
		69,363,033	68,791,927
Glansócmhainní / (Glandlíteanais) Reatha		6,347,386	8,687,181
Creidiúnaithe (méideanna a bheidh dlite i ndiaidh bliana amháin)			
Iasachtaí Iníoctha	7	106,130,969	114,009,096
Léasanna Airgeadais		396,005	701,623
Éarlais In-aisíoctha	8	7,893,336	7,372,975
Eile		3,290,912	1,722,435
		117,711,222	123,806,130
Glansócmhainní		3,771,469,382	3,670,749,623
Léirithe ag an			
gCuntas Caipitlithe	9	3,556,863,070	3,543,471,567
Ioncam WIP	2	266,352,916	183,141,925
Cúlchiste Coimeádta Ginearálta		(3,087,380)	(3,687,441)
Iarmhéideanna Eile	10	(48,659,224)	(52,176,429)
Cúlchistí Iomlán		3,771,469,382	3,670,749,623

Mótarcháin

Déileálann Oifig Mhótarchánach Mhaigh Eo le riarachán maidir le Reachtaíocht Ceadúnaithe Feithicle i gContae Mhaigh Eo, a sholáthraíonn seirbhísí ardchaighdeán agus tráthúla, agus a sholáthraíonn seirbhísí dírithe ar an gcustaiméir agus seirbhísí compordacha dá n-úsáideoirí. “Seirbhís náisiúnta a sholáthar go háitiúil don phobal”

Seo thíos briseadh síos na ról agus na bhfreagrachtaí bainteach le Mótarcháin a bhailiú, agus aithnítear an ról lárnach atá ag Mótarcháin Mhaigh Eo leis an tseirbhís seo a bhailiú agus a sholáthar.



Cuirtear na seirbhísí seo ar fáil trínár n-oifigí atá lonnaithe go straitéiseach laistigh de Mhaigh Eo:

1 » Glenpark, The Mall, Caisleán an Bharraigh

2 » Oifig Chathartha, Béal an Átha

3 » Ionad Cathartha Bhéal an Mhuirthead, Béal an Mhuirthead

Cuireann Mótarcháin Mhaigh Eo seirbhísí teileafóin ar fáil don phobal agus seoladh ríomhphoist ag motortax@mayococo.ie le seirbhísí Mótarchánacha ar fáil ag www.motortax.ie.

2022 BUAICPHOINTÍ

1. Tá fás seasta le feiceáil maidir le líon na n-athnuachaintí atá á ndéanamh tríd an mbealach seo mar gheall ar cé chomh héasca is atá an áis ar líne. Tá sé measta ag an Roinn Iompair go bhfuil 98% d'áiseanna athnuachana ar fáil le déanamh ar líne.
2. Ba é €27,155,324 Glanioncam Mhótarcháin Mhaigh Eo in 2022. Tá an t-iomlán seo déanta suas de €20,752,278 (ar líne) agus €6,403,046 (Oifigí Mótarchánacha Mhaigh Eo).
3. Ba é 36,781 líon na n-idirbheart iomlán in Oifig Mhótarchánach Mhaigh Eo in 2022.



- Forbairt chóras, sreafaí oibre uathoibríthe, agus uasghráduithe ar aonaid iarratais ghnóthais.
- Tacaíocht chóras CFG, soláthar seirbhísí mapála agus bainistíocht néalardán CFG.
- Tacaíocht bhainistíochta comhad agus taifead agus rialachas sonraí agus bainistiú comhlíontachta.
- Oideachas agus tacaíocht oiliúna don fhoireann TF laistigh de chreatlach forbartha acmhainne.
- Páirt a ghlacadh i ngrúpaí slándála náisiúnta agus réigiúnacha lena n-áirítear gréasáin Úsáideoirí Office 365, Grúpa HIS, Fo-choiste Cibearshlándála an Rialtais Áitiúil.
- Comhoibriú le tionscal, an saol acadúil agus comhpháirtithe réigiúnacha lena n-áirítear OTA agus Ollscoil Mhá Nuad.
- Córas Deisce Freastail bunaithe ar ITIL (Leabharlann Infreastruchtúir TF) - eachtra agus fadhb bainistíocht agus lonnú úsáideoirí gléis agus bainistíocht thimthriallach. Rinneadh breis is 5,900 iarratas seirbhíse deisce le haghaidh 2022.
- Uasghrádaíodh córas bainistíochta comhad ó Docuware go dtí iDocs.
- Paisteáil slándála ar gach friothálaí, ríomhaire deisce, ríomhaire glúine.
- Athsholáthair UPS in áiteanna criticiúla.
- Baineadh úsáid as timpeallachtaí slán don chianobair lena n-áirítear Líonraí Príobháideacha Fíorúla a ligfeadh don fhoireann ceangail le córais na Comhairle sa bhaile.
- Tacaíocht theicniúil agus comhoibriú leanúnach le Roinn na Cumarsáide ar www.Mayo.ie.
- Rochtain ar thionscadal athsholáthair lasc
- Uasghrádú ar chóras Bainistíochta Airgeadais
- Crua-earraí agus bogearraí a thairiscint agus a fháil
- Coinneáil leanúnach den chaighdeán slándála ISO 27001:2013 — Córais Bainistíochta Slándála Faisnéise
- Tugadh faoi fheachtais fheasachta ar an gCibearshlándáil san eagraíocht
- Tacaíocht chruinnithe Comhairleoirí & Comhairle

Cuireann Roinn TF Chomhairle Chontae Mhaigh Eo Néaiseirbhísí, Oibríochtaí TF, Forbairt Bhogearraí, Córais Fhaisnéise Geografaí (CFG) agus Slándáil TF & seirbhísí Infreastruchtúir ar fáil don Chomhairle. “Nascadh an Rialtais 2030: Tá Straitéis Digiteach agus TFC do Sheirbhís Phoiblí na hÉireann mar bhonn agus mar thaca don fhócas agus don treo chun ardán digiteach a chur ar fáil chun soláthar seirbhíse a fheabhsú dár bhfoireann, ár gcomhairleoirí, ár saoránaigh, ár gcuairteoirí agus ár ngnóthais,

Leanann an Roinn TF ar aghaidh ag cur lena cumais i dtaobh ardáin theicneolaíochta agus peirspictíocht inniúlachta foirne araon le hoiliúint agus oideachas teicniúil agus proifisiúnta leanúnach.


Is riosca atá ag méadú i gcónaí iad bagairtí Cibearshlándála, rud a chuir slándáil TF go mór sa mheá maidir le soláthar na seirbhísí TF ar fad. Nuair a tháinig timpeallacht oibre cumaiscthe sábháilte isteach, ligeadh don Chomhairle spás oibre níos solúbtha a chur ar fáil.

OBair CURTHA I GCRÍCH I RITH 2022:

- e-Pleanáil - Baineadh úsáid as córas e-Pleanála Náisiúnta a cheadódh le hiarratais phleanála ar líne.
- Forbairt d’iarratas oibre Cumaiscthe a éascódh roll-amach d’obair chumaiscthe san eagraíocht.
- Monatóireacht agus uasghráduithe leanúnacha ar shuíomhanna líonraí achair fhairsing agus trealamh.
- Imirce leanúnach, uasghráduithe agus díchoimisiúnú córas torthaí agus friothálaithe.
- Bainistíocht Thimthriallach ar chonarthaí gaireas móibíleach, guthán agus sonraí le soláthraithe.
- Cothabháil agus tacaíocht a thabhairt do na foirmeacha iarratais ar líne atá ann cheana féin- bloic choincréite lochtacha, earcaíocht, scrúduithe tí, bruscar.



2022 I bPICTIÚIR



MAYO DAY 2022
April 30th 2022 Home to where the heart is
CASTLEBAR

BIG STAGE ON THE MALL
Including THE HIT MACHINE DRUMMERS, CHANTELE PADDEN, BILLOW WOOD, STUART MOYLES, LISA CANNY, ATLANTIC NOTES & JIGGY

LOWRIE LEANINGBAR FRAMES & RUB
WATERSPORTS • CIRCUS WORKSHOP • STORYTELLING • PUPPET SHOWS • SOUNDWAVES VW DJ BUS

DELICIOUS TASTES OF MAYO IN OUR FOOD VILLAGE, RESTAURANT RUARS
COOKERY DEMONSTRATIONS & WORKSHOPS • ARTISAN MAYO FOOD MARKET • MAYO FOOD VANS

EXPLORE THE PAST AT THE MILITARY BARRACKS
PHOTO EXHIBITIONS • FAMILY WORKSHOPS • CONRACHT VETERAN & VINTAGE MOTOR CLUB
KILTIMAGH PET FARM • MAJESTIC BIRDS OF PREY & MORE ...

VISIT THE LIBRARYAL TREASURE
TO SEE THE GRAINNE USABLE SHOW AND ENJOY A HOST OF FASCINATING SHORT FILMS MADE IN MAYO!
FOLLOW THE **MAYO ARTISTS TRAIL**, THROUGH THE TOWN TO DISCOVER THE PEOPLE & PLACES OF MAYO, WHILE ENJOYING THE SOUND OF OUR **BUSKING TRAIL**.

VISIT WWW.MAYO.IE FOR UPDATES & INFORMATION
f www.facebook.com/MayoDotIE
t www.twitter.com/MayoDotIE





Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL